Polasaí um Chosaint Leanaí

Coláiste na bhFiann & Cumann na bhFiann

Polasaí um Chosaint Leanaí
Coláiste na bhFiann & Cumann na bhFiann

Réasúnaíocht

Déanann an polasaí seo cur síos ar an mbealach a bhfuil sé i gceist ag Coláiste na bhFiann agus Cumann na bhFiann treoirlínte a chur i bhfeidhm chun cosaint agus leas na ndaoine óga uile a fhreastalaíonn ar ár gcoláistí, ár gclubanna agus ár n-imeachtaí a chinntiú.

Gaolmhaireacht le hÉiteas Féiniúlachta na hEagraíochta

Déanaimid iarracht i gcónaí timpeallacht atá sábháilte, compordach agus sona a chruthú do na daoine óga. Tá sé tábhachtach go bhfuil siad i dtimpeallacht ina mbraithfidh siad sochar, go bhfuil a fhios acu go n-éistfear leo le tuiscint agus meas má tá cúiseanna imní orthu, agus go bhfeidhmeofaí de réir an eolais a chuirfear ar fáil.

Aidhmeanna

- An duine óg a chosaint, i gcónaí. Tá gach duine freagrach as sábháilteacht leanaí agus daoine óga. Is iad cearta an duine óig an rud is tábhachtaí.
- Feasacht ar mhí úsáid leanaí a ardú i measc na foirne agus páirtithe uile na hEagraíochta (lena n-áirítear an Bainisteoir, gach Múinteoir, Ardchinnirí, Bean an tí, Fear an tí, gach Cinnire, gach Feighlí, na Daoine óga, srl.) Cuirtear mí-úsáid mhothúchánach, fhisiciúil, ghnéis agus faillí san áireamh.
- Nósanna imeachta soiléire a chur i bhfeidhm do phearsana uile na hEagraíochta maidir le conas déileáil le hamhras na líomhaintí faoi mhí-úsáid leanaí.

Róil agus Freagrachtaí
Déanfaidh an Coiste Bainistíochta agus foireann an Choláiste comhordúchán agus monatóireacht ar chur i bhfeidhm an pholasaí.
Déanfar athbhreithniú ar fheidhm an pholasaí ar bhonn bliantúil
Dhaingnigh an Coiste Bainistíochta an polasaí uasdátaithe go hoifigiúil i mí Bealtaine 2018.
Rinneadh athbhreithniú ar an bpolasaí ar an 19/03/2025 ag Caitríona Ní Cheallaigh (Príomhfheidhmeannach) agus Michelle Ní Ghialláin (DCA na hEagraíochta)

1. Dearbhú ar na bprionsabal treorach

An Eagraíocht

Reáchtálann Coláiste agus Cumann na bhFiann seirbhísí óige trí Ghaeilge do dhaoine óga. San áireamh tá cúrsaí cónaithe samhraidh, clubanna óige, turais scoile, imeachtaí lae agus deireadh seachtaine.

Creidimh, luachanna agus cóid na heagraíochta

Tá bainistíocht, foireann agus oibrithe deonacha Choláiste agus Chumann na bhFiann tiomanta do chearta leanaí agus daoine óga a chosaint agus a chur chun cinn. San áireamh, is chóir go gcosnófar iad, go gcaitear leo le meas, go n-éistfí leo agus go gcuirfí a dtuairimí féin san áireamh i ngach cinneadh a bhaineann leo. Tá sé mar aidhm ag an eagraíocht timpeallacht atá oscailte, uilechuimsitheach, ómósach, cothrom, daonlathach agus fulangach a chruthú a fhéachfaidh le tacú le gach leanbh agus le forbairt na ndaoine fásta atá ag obair leo. Cinntíonn an eagraíocht nach bhfuil aon leanbh nó duine óg faoi mhíbhuntáiste nó nach gcaitear go héagsúil leis mar gheall ar inscne, cúlra sóisialta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, reiligiún, míchumas, cine nó ballraíocht den Lucht Siúil. Is é príomhaidhm na heagraíochta seirbhísí a sholáthar a thugann cumhacht do leanaí agus daoine óga agus a mbíonn tionchar dearfach acu orthu i ngach gné dá saol. Déanann an eagraíocht gach iarracht a chinntiú go bhfuil an t-ionad oibre sábháilte go fisiceach agus go mothúchánach.

Glacann Coláiste agus Cumann an-dáiríre leis an dualgas atá orthu cloí le gach polasaí náisiúnta, reachtaíocht reatha agus treoir a bhaineann le cosaint leanaí agus daoine óga (**Aguisín 1**):

- An tAcht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013
- An tAcht um Chúram Leanaí 1991
- Acht na Leanaí 2001
- An tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015
- An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choinneáil) 2012
- An tAcht um Cheartas Coiriúil 2006, Alt 176: Leanaí i mBaol go Meargánta
- Na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003
- An tAcht um Fhoréigean Baile 1996
- An tAcht Oideachais (Leas) 2000
- An tAcht Oideachais 1998
- An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014
- Na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016
- An tAcht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997
- An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014
- An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí 1998

Tá Coláiste agus Cumann na bhFiann tiomanta d'athbhreithniú a dhéanamh ar na treoirphrionsabail agus ar nósanna imeachta um chosaint leanaí gach dara bliain ar a laghad, nó níos luaithe más gá, mar gheall ar cheisteanna seirbhíse nó athruithe sa reachtaíocht nó sa bheartas náisiúnta. De réir riachtanas an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, tá Ráiteas um Chosaint Leanaí ag Coláiste agus Cumann na bhFiann (**Aguisín 2**). Coinníonn an eagraíocht clár, ar bhonn rialta, de Dhaoine Sainordaithe a nuashonraítear.

Cé dó an dearbhú?
Tá treoirphrionsabail na heagraíochta i bhfeidhm chun leanaí agus daoine óga a chosaint. Cuirtear na treoirphrionsabail in iúl do gach duine lena mbaineann siad m.sh. comhaltaí boird, an lucht bainistíochta, gach oibrí agus oibrí deonach, leanaí agus daoine óga. Táthar ag súil go gcomhlíonfaidh gach duine san eagraíocht na riachtanais maidir le leanaí agus daoine óga a chosaint.

Conas a chuirimid ár dtreoirphrionsabail in iúl?
- Tá na treoirphrionsabail ar shuíomh Gréasáin na heagraíochta - www.cnb.ie
- Cuirtear na treoirphrionsabail in iúl ag cúrsaí oiliúna Cinnirí, Feighlithe, Ardchinnirí, Múinteoirí agus Bainisteoirí.
- Cuirtear treoirphrionsabail ar fáil ar iarratas do thuismitheoirí na ndaoine óga a úsáideann ár seirbhísí.

Tá Coláiste agus Cumann na bhFiann tiomanta do threoirphrionsabail agus nósanna imeachta um chosaint leanaí na heagraíochta a chur i bhfeidhm agus athbhreithniú a dhéanamh orthu.

2. Róil agus freagrachtaí

Duine ainmnithe
Tá an duine ainmnithe freagrach as treoirphrionsabal a fhorbairt agus nósanna imeachta um chosaint leanaí a threorú. Is gá dóibh a chinntiú freisin go bhfuil beartais agus nósanna imeachta ag teacht leis an gcleachtas is fearr. Ba cheart don duine/daoine ainmnithe cumarsáid a dhéanamh leis na príomhoibrithe agus na hoibrithe deonacha go léir a bhfuil róil agus freagrachtaí ábhartha acu. Cuidíonn siad freisin le hathbhreithniú ar na treoirphrionsabail agus nósanna imeachta um chosaint leanaí. Feidhmíonn an duine ainmnithe do Choláiste agus do Chumann na bhFiann mar DCA don eagraíocht freisin.

Duine Caidrimh Ainmnithe (DCA)
Tá an duine idirchaidrimh ainmnithe freagrach as a chinntiú go gcloítear le nósanna imeachta tuairiscithe laistigh den eagraíocht, d'fhonn aon ábhar buartha faoi leas agus cosaint leanaí a chur faoi bhráid Tusla gan mhoill. Tá sé de dhualgais ag an DCA gach ábhar imní nó líomhain a bhaineann le mí-úsáid leanaí a chuireadh ar a (h)aird, agus an chaoi ar pléadh le haon ábhar buartha nó líomhain i leith mí-úsáid leanaí a chur ar taifead. Má dhéantar cinneadh, mar DCA, gan ábhar imní a thuairisciú le Tusla, ba cheart tabhairt faoi na céimeanna seo a leanas:
- Ba cheart na cúiseanna gan tuairisciú a dhéanamh a chur ar taifead
- Ba cheart aon ghníomhartha faoinar tugadh mar thoradh ar an mbuairt a chur ar taifead
- Ba cheart míniú soiléir a thabhairt don fhostaí nó don oibrí deonach a thug an bhuairt chun solais ar na cúiseanna nach bhfuil an bhuairt á thuairisciú do Tusla
- Ba cheart an fostaí nó an t-oibrí deonach a chur ar an eolas, má bhíonn siad buartha go fóill faoin gcás, is fúthu atá sé tuairisciú a dhéanamh le Tusla nó leis an Garda Síochána

Ról agus Freagrachtaí an Duine Caidreamh Ainmnithe (DCA)

- Freagrach as a bheith suas chun dáta le gach reachtaíocht agus treoir um chosaint leanaí agus eolas a bheith aige ar fhreagrachtaí na heagraíochta maidir le leanaí a chosaint.
- Eolach ar phrionsabail threoracha agus nósanna imeachta um chosaint leanaí na heagraíochta.
- A chinntiú go leantar nósanna imeachta tuairiscithe laistigh den eagraíocht, ionas go gcuirtear imní faoi leas agus chosaint leanaí in iúl go pras chuig Tusla.
- Na hábhair imní faoi chosaint agus leas leanaí a fháil ó oibrithe agus oibrithe deonacha agus breithniúnas a dhéanamh an bhfuil forais réasúnacha ann le tuairisciú do Tusla.
- Freagrach as imní faoi chosaint leanaí nó faoi leas leanaí a thuairisciú do Tusla agus/nó don Garda Síochána, bunaithe ar chomhairle a tugadh (Comhshíniú leis an Duine Sainordaithe) thar ceann na heagraíochta, ag baint úsáide as Tairseach Gréasáin Tusla.
- Tuismitheoirí/caomhnóirí an linbh a chur ar an eolas go bhfuil tuairisc le cur faoi bhráid Tusla nó an Garda Síochána, ach sa chás: Má chuirtear in iúl do na tuismitheoirí/caomhnóirí gur dócha go gcuirfí an leanbh nó an duine óg i mbaol; Má chuirtear na tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas is féidir go mbeidh tú, mar an tuairisceoir, i mbaol díobhála ón teaghlach; D'fhéadfadh eolas an teaghlaigh ar an tuairisc dochar a dhéanamh do chumas Tusla measúnú a dhéanamh.
- Gníomhú mar idirghabhálaí le Tusla agus leis an Garda Síochána, nuair is cuí.
- Taifead a dhéanamh ar gach imní faoi chosaint nó líomhaintí faoi mhí-úsáid leanaí a cuireadh in iúl chomh maith le haon ghníomh a dhéantar mar fhreagra ar na hábhair imní seo.
- Freagrach as cuntas ceart a choinneáil sábháilte, faoi rún agus in áit slán.
- Freagrach as comhairle a sholáthar do bhaill foirne agus oibrithe deonacha maidir le hábhair imní nó imní faoi mhí-úsáid leanaí. Taifead a choimeád den comhairle seo.

Ceapadh an DCA

Ceapadh Duine Caidrimh Ainmnithe (DCA) agus Leas Duine Caidrimh Ainmnithe (Leas DCA) don eagraíocht ina iomláine. Cuireann an DCA comhairle ar fáil d'aon chomhalta foirne nó oibrí deonach a bhfuil buarthaí um chosaint leanaí orthu agus déanfaidh siad idirchaidreamh le gníomhaireachtaí seachtracha leo.

Ainmnítear an Bainisteoir Riaracháin mar DCA agus an Bainisteoir Forbartha mar Leas DCA. Glacann an Leas DCA áit an DCA mura bhfuil siad ar fáil ar chúis éigin. Tá sonraí faoi ainm agus sonraí teagmhála an DCA agus an Leas DCA ar fáil don fhoireann agus do na hoibrithe deonacha go léir ag oibriú laistigh den eagraíocht.

I gcás cúrsaí samhraidh Coláiste na bhFiann, ainmnítear an Bainisteoir mar DCA ar gach cúrsa. Is é/í an Bainisteoir a bheidh freagrach as Cosaint Leanaí ar na cúrsaí. Ceapfar oide mar Leas DCA roimh thús an chúrsa chun áit an DCA a thógáil mura bhfuil siad ar fáil ar chúis éigin. Tá sonraí faoi ainm agus sonraí teagmhála an DCA agus an Leas DCA ar fáil don fhoireann agus do na hoibrithe deonacha a oibríonn ar an gcúrsa. Is é an Bainisteoir Riaracháin an DCA do Choláiste na bhFiann mar eagraíocht agus an Bainisteoir Forbartha mar Leas DCA.

Daoine Sainordaithe
Is ionann Daoine Sainordaithe agus daoine a mbíonn teagmháil acu le leanaí/daoine óga agus/nó le teaghlaigh, agus a bhíonn in eochairphost mar gheall ar a gcáilíochtaí, oiliúint agus/nó ról fostaíochta, chun cuidiú chun leanaí agus daoine óga a chosaint ó dhíobháil. De réir Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, is Daoine Faoi Shainordú (DFS) iad na Bainisteoirí agus na Múinteoirí ar chúrsaí samhraidh. Is daoine faoi shainordú freisin na Bainisteoirí atá ag plé le clubanna óige agus imeachtaí do dhaoine óga. (*Aguisín 2: Sceideal na nDaoine faoi shainordaithe faoin acht um thús áite do leanaí, 2015* Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí)

Ról agus Freagrachtaí Duine Sainordaithe
Tá dhá phríomhoibleagáid dlíthiúla ar Dhaoine Sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015

- Dochar leanaí agus daoine óga, os cionn tairsí sainithe, a thuairisciú do Tusla
- Cabhrú le Tusla, má iarrtar sin, le measúnú a dhéanamh ar ábhar imní a bhí ina ábhar do thuarascáil sainordaithe

Mar Dhuine Sainordaithe, is gá, faoin reachtaíocht, tuairisc a thabhairt ar aon eolas, creideamh nó amhras réasúnach go ndearnadh díobháil do leanbh nó duine óig, go ndearnadh díobháil dó nó go bhfuil sé i mbaol díobháil a dhéanamh. Sainmhíníonn an tAcht dochar mar ionsaí, drochchóireáil, faillí nó drochúsáid ghnéasach, agus clúdaíonn sé cásanna aonair agus iolracha.

Níl feidhm ag na ceanglais tuairiscithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 ach amháin maidir le faisnéis a fuair an Duine Sainordaithe nó a tháinig ar an eolas faoi ó tháinig an tAcht i bhfeidhm. Mar sin féin, má tá imní réasúnach ann faoi mhí-úsáid san am a chuaigh thart, i gcás inar tháinig an fhaisnéis ar aird an Duine Sainordaithe roimh an Acht agus go bhféadfadh riosca leanúnach a bheith ann do leanaí agus do dhaoine óga, ba cheart tuairisc a thabhairt do Tusla faoin Treoir um Thús Áite do Leanaí 2017.

Nós imeachta chun an liosta de Dhaoine Sainordaithe a choimeád
Coláiste na bhFiann - Déantar liosta na nDaoine Sainordaithe a nuashonrú i mí Bealtaine gach bliain roimh na cúrsaí Samhraidh. Déantar athbhreithniú air arís nuair a bhíonn na cúrsaí críochnaithe chun na daoine nach bhfuil ag obair ann a thuilleadh a bhaint. Is faoi DCA na heagraíochta atá sé an liosta a leasú.
Cumann na bhFiann - Déantar liosta na ndaoine Sainordaithe i mí Mheán Fómhair gach bliain roimh thús na gclubanna óige. Déantar athbhreithniú air roimh na himeachtaí go léir agus déantar leasuithe má chuireann Duine Sainordaithe in iúl dúinn nach bhfuil siad ag obair / ag obair go deonach ann a thuilleadh. Is faoi DCA na heagraíochta atá sé an liosta a leasú.

Duine neamh-shainordaithe
Admhaíonn an eagraíocht nach bhfuil aon oibleagáid dhlíthiúil ar dhaoine neamh-shainordaithe (ag obair nó ag obair go deonach) laistigh den eagraíocht ábhar imní faoi chosaint leanaí a thuairisciú. Tá tábhacht ollmhór, áfach, ag baint le tuairisciú inmheánach. Cuirtear oiliúint ar fáil do na daoine neamhshainordaithe maidir le gach cineál teagmhas a thuairisciú. Is féidir leis na tuarascálacha seo a bheith ina chabhair mhór do Dhaoine Sainordaithe.

DCA (Duine Caidreamh Ainmnithe) agus DFS (Daoine Faoi Shainordú)
Tá Daoine Faoi Shainordú ag obair san eagraíocht. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach mór don DFS an oibleagáid atá orthu chun tuairisciú a dhéanamh faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 a chomhlíonadh. Ní féidir leis an DCA an oibleagáid a chomhlíonadh thar a gceann. Má ghlacann Duine Sainordaithe ról an DCA san eagraíocht, caithfidh siad oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh.

Féach an chairt faoi Aguisín 3

3. Imní faoi chosaint leanaí a fhreagairt agus a thuairisciú

Cuirtear Tusla ar an eolas i gcónaí má bhíonn aon chúis réasúnach imní nó má tá leanbh i mbaol mí-úsáide nó faillí. Déantar an t-ábhar imní a thuairisciú go pearsanta, ar an nguthán nó i scríbhinn chuig an tseirbhís dualgais oibre sóisialta áitiúil sa limistéar ina gcónaíonn an leanbh. (Sonraí teagmhála ag www.tusla.ie agus **Aguisín 4**) Rachaidh Duine Sainordaithe i dteagmháil le Tusla chun ábhar imní a phlé go neamhfhoirmiúil mura bhfuil siad cinnte ar cheart nó nár cheart tuairisc a dhéanamh. Má mheasann Tusla go bhfuil an t-ábhar imní faoi bhun na dtairseacha tuairiscithe, leanfaidh an eagraíocht gach comhairle a fhaightear. Cuirfear san áireamh teagmháil le seirbhísí eile a d'fhéadfadh a bheith níos oiriúnaí chun freastal ar riachtanais an linbh agus/nó an teaghlaigh. Coinnítear taifead ar an gcomhairle ar fad a chuireann Tusla ar fáil.

Forais réasúnta imní
Cuirtear Tusla ar an eolas i gcónaí nuair a bhíonn forais réasúnta imní go mb'fhéidir go raibh, go bhfuil, nó go mbíonn baol mí-úsáide nó faillí. Tuigtear nach gá a chruthú gur tharla mí-úsáid chun imní a thuairisciú do Tusla. Ní theastaíonn ach go mbíonn forais réasúnta imní agat. Is é ról Tusla ná measúnú a dhéanamh ar na hábhair imní a tuairiscíodh di. Áirítear le forais réasúnta imní cosanta nó leasa faoi leanbh nó duine óig:

- Fianaise, gortú nó iompar mar shampla, atá ag teacht leis an líomhain faoin mhí-úsáid agus nach dócha go raibh cúis éigin eile leo ar bhealach ar bith eile
- Imní ar bith faoi mhí-úsáid fhéideartha
- Comharthaí comhsheasmhacha go bhfulaingíonn an leanbh nó an duine óg toisc faillí mhothúchánach nó cholainne
- Leanbh nó duine óig a deir nó a thugann le fios ar bhealach éigin eile go ndearnadh mí-úsáid orthu
- Admháil nó leid le haosach nó le leanbh nó duine óg faoi mhí-úsáid líomhanta a rinne siad
- Cuntas ó dhuine a chonaic mí-úsáid á dhéanamh ar an leanbh/duine óg

Aguisín 5 - Na cineálacha Drochúsáide Leanaí mar atá sainmhínithe san Acht. Tá tagairt le déanamh dóibh seo sa tuairisciú.

Rúndacht agus Comhroinnt eolais
Tá an eagraíocht tiomanta dá fhreagrachtaí gairmiúla agus dlíthiúla maidir le rúndacht agus malartú faisnéise. Nuair a thagann imní faoi chosaint leanaí chun cinn, ní roinntear faisnéis ach ar bhonn 'riachtanais' ar mhaithe le leas an linbh/duine óig leis na húdaráis reachtúla ábhartha agus le tuismitheoirí/caomhnóirí. Ní féidir leis an eagraíocht ná leo siúd atá ag obair laistigh di aon ghealltanais maidir le rúndacht a thabhairt do leanbh/duine óg nó dá dteaghlaigh maidir le himní faoi chosaint leanaí. Ní chuireann na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 cosc ar chomhroinnt faisnéise ar bhonn réasúnach agus comhréireach chun críche chosaint leanaí. Tá an t-údarás ag Tusla faisnéis a roinnt maidir le leanbh/duine óg atá ina ábhar do mheasúnú riosca nuair a iarrtar ar Dhuine Sainordaithe

cúnamh a sholáthar. Ní roinneann Tusla ach an méid atá riachtanach agus comhréireach i gcúinsí gach cáis ar leith. Aithníonn an eagraíocht go bhfuil sé de cheart ag Tuismitheoirí/caomhnóirí agus leanaí/daoine óga fios a bheith acu an bhfuil faisnéis phearsanta á roinnt, ach amháin sa chás go gcuirfeadh sé sin an leanbh/duine óg i mbaol breise nó go gcuirfí an tuairisceoir i mbaol.

Ní chomhroinntear an t-eolas a chomhroinneann Tusla leis an eagraíocht le haon tríú páirtí má thugann an eagraíocht cúnamh dó chun measúnacht a dhéanamh, mura measann Tusla é bheith iomchuí agus go dtugann sé údarú i scríbhinn gur féidir an t-eolas a chomhroinnt. Cloíonn sé sin leis na prionsabail den chosaint sonraí, ina n-aithnítear gur féidir eolas a chomhroinnt i gcúinsí áirithe ar mhaithe le leasanna na cosanta leanaí, ach go gcaitheann an chomhroinnt sin bheith éigeantach agus comhréireach. Tuigtear gur cion é faoi Alt 17 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 eolas a nochtadh le haon tríú páirtí, a chomhroinnt le Tusla i gcaitheamh measúnachta, murar thug Tusla údarú scríofa duit chuige sin.

Tuairisc shainordaithe a dhéanamh
Déantar tuairisc i leith imní shainordaithe a thaisceadh le Tusla, ag baint leasa as an bhfoirm thuairisce riachtanach. Ar an bhfoirm seo is gá a léiriú gur duine shainordaithe atá á líonadh agus go mbaineann an tuairisc faoi imní shainordaithe. San áireamh, cuirtear an oiread eolais ábhartha agus is féidir leis an tuairisc, óir go gcuideoidh sé sin le hidirghabháil luath, éifeachtach don leanbh, agus go bhféadfar an dóchúlacht a laghdú go gcaithfidh Tusla teagmháil a dhéanamh leo.

Ag déileáil le nochtadh díobhála ó leanbh nó duine óg
Má fhaigheann DFS nochtadh díobhála ó leanbh nó duine óg ní foláir dó/di tuairisc shainordaithe faoi imní a dhéanamh le Tusla. Ní gá fírinne na n-éileamh ná creidiúnacht an linbh/duine óig a bhreithniú. Mura sásaíonn an imní an tairseach chun tuairisciú mar imní shainordaithe, ba cheart dó/di í a thuairisciú le Tusla mar imní réasúnta de réir na treorach seo. Caithfear Tusla a chur ar an eolas ámh i leith gach riosca do leanbh nó duine óg os cionn na tairsí, óir nach gcreideann baint riosca de leanbh amháin nach mbíonn leanbh ar bith eile i mbaol. Féadann an t-eolas a fhaightear sa nochtadh bheith ríthábhachtach do mheasúnú riosca Tusla i leith linbh éigin eile, bíodh sé san am i láthair nó amach anseo. Pléitear le nochtaithe mí-úsáide go híogair agus go gairmiúil, i gcónaí. Ní mór don DFS a fhaigheann an faisnéis sin éisteacht go cúramach agus ar shlí thacúil. Ní mór a bheith an-chúramach nach gcaillltear muinín an linbh. <u>Níor chóir agallamh foirmiúil a dhéanamh.</u>

- Éist go réidh, go cúramach agus go haireach leis an leanbh nuair a fhaigheann tú an nochtadh
- Glac go dáiríre lena bhfuil á rá ag an leanbh/duine óg
- Tabhair tacaíocht don leanbh/duine óg
- Cuir an leanbh ar a suaimhneas gur ghlac siad an cinneadh ceart chun labhairt leat
- Ná cuir ceisteanna ach ar chúiseanna soiléirithe amháin. Ná cuir treoircheisteanna
- Dearbhaigh leis an leanbh arís gur ceart agus gur tuigeadh an méid a chuala tú
- Ná nocht aon tuairimí faoin mí-úsáideoir líomhnaithe
- Ná cuir cosc ar an leanbh imeachtaí tábhachtacha a thabhairt chun cuimhne
- Ná geall go gcoinneofar aon rud faoi rún. Mínigh go mb'fhéidir go mbeidh gá le cabhair bhreise
- Déan mioncuntas ar an gcomhrá a tharla, leis na sonraí seo a leanas:
    - Céard a tharla, cá háit, cathain?
    - Cur síos agus léaráidí, más féidir, de ghortaithe fisiciúla.

    - Mínithe ar na gortaithe ag úsáid athrá díreach más cuí.
- Déan cinnte go dtuigeann an leanbh/duine óg na nósanna imeachta a leanfaidh an comhrá
- Breac síos taifead scríofa den chomhrá chomh luath agus is féidir, chomh mionsonraithe agus is féidir
- Caith go rúnda leis an eolas, faoi réir riachtanais na treorach agus na reachtaíochta sin
- De ghnáth cuirtear tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas go bhfuil tuairisc á dhéanamh. B'fhéidir go ndéanfaí cinneadh, go mbeadh an leanbh/duine óg i ndainséar nó i mbaol níos mó dá gcuirfí an tuismitheoir/caomhnóir ar an eolas. Ba chóir an cinneadh gan tuismitheoir/caomhnóir a chur ar an eolas a thaifeadadh i dteannta le cúiseanna an chinnidh sin.
- Ní mór an DCA a chur ar an eolas agus an taifead cuí a thabhairt dó/di.
- Cuirfidh DCA na heagraíochta an t-amhras agus aon tuairiscí faoi bhráid an Choiste Bhainistíochta, agus leanfaidh siad ar aghaidh de réir na dtreoirlínte.

Tá polasaí comhshínithe ag an eagraíocht:
Coláiste na bhFiann – DFS agus DCA na hEagraíochta. Más DCA an chúrsa atá mar ábhar na tuairisce, is DCA na heagraíochta atá mar chomhshíniú leis an DFS.
Coláiste na bhFiann (cúrsaí samhraidh) - DFS agus DCA an chúrsa samhraidh. Más é DCA an chúrsa ábhar na tuarascála, tuairiscíonn DCA na heagraíochta i gcomhpháirt leis an DFS.
Cumann na bhFiann – DFS agus DCA na hEagraíochta. Má tá DCA na heagraíochta mar ábhar na tuairisce is Leas DCA na heagraíochta atá mar chomhshíniú leis an DFS.
Cuirtear DCA na heagraíochta (Coláiste & Cumann) ar an eolas roimh thuairisc shainordaithe a dhéanamh agus cuirtear cóip den tuairisc ar fáil.

Nósanna imeachta tuairiscithe má dhéantar líomhaintí nó má tá amhras ann maidir le mí-úsáid leanaí
Má fhaightear gearán nó má tá amhras ann maidir le mí-úsáid leanaí:
Coláiste
- Cuirfear an DCA ar an eolas láithreach.
- Cuirfidh an DCA, DCA na heagraíochta ar an eolas.

Cumann
- Cuirfear an Bainisteoir Sheirbhísí Iar Aire ar an eolas ag an bhFeighle
- Cuirfidh an Bainsiteoir Sheirbhísí Iar Aire (DFS), DCA na heagraíochta ar an eolas.

Leantar na céimeanna seo a leanas i gcás Coláiste & Cumann
- Is faoi DCA na heagraíochta é a chur in iúl don Phríomhfheidhmeannach. Cuirfidh an Príomhfheidhmeannach é in iúl don Bhord Stiúrtha.
- Is gá don DFS ráiteas scríofa den líomhain a chur ar fáil bunaithe ar chomhrá leis an duine atá ag déanamh na líomhna.
- Rachaidh an DFS/DCA chun comhairle a fháil ó Tusla agus beidh an DFS freagrach as tuairisciú a dhéanamh, bunaithe ar an gcomhairle sin in éineacht leis an DCA.
- Má chinneann an DFS/DCA, i ndiaidh dó/di comhairle a dhéanamh le Tusla nach gá an t-ábhar a thuairisciú, ní mór dó/dí DCA na heagraíochta a chur ar an eolas, mura bhfuil siad gafa leis cheana féin. Ansin, ní mór dó/dí an duine nó an ghníomhaireacht atá ag déanamh na líomhna a chur ar an eolas faoi na cúiseanna leis an gcinneadh sin. Má tá cúiseanna imní ar an DFS sin fós, is féidir leo dul i gcomhairle le Tusla nó leis an Garda Síochána, nó tuairisc a thabhairt dóibh ar bhonn aonair. Bíonn forálacha an Achta Um Chosaint Dhaoine a Thuairiscíonn Mí-úsáid Leanaí 1998 i gceist, má dhéanann siad tuairisc réasúnta le meon macánta.

- Má chinneann an DFS, i ndiaidh dó/dí dul i gcomhairle le Tusla gur chóir an t-ábhar a thuairisciú, ní mór dó/dí DCA agus DCA na heagraíochta a chur ar an eolas, agus ní mór dó/dí leanúint ar aghaidh de réir na nósanna imeachta atá clúdaithe i **dTús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí.**
- Comhlíonfaidh an DFS agus an DCA foirm thuairiscithe chaighdeánach ar an mbealach is cuimsithí agus is féidir.
- Cuirfidh siad an mí-úsáideoir líomhnaithe ar an eolas faoi fhíricí agus cineál na líomhna, agus déarfaidh siad go raibh/nach raibh sé tuairiscithe do Tusla ag an DFS agus an DCA.
- Más faoi fhostaí a dhéantar líomhaintí bíonn an fostaí i dteideal sonraí agus cóip den líomhain i scríbhinn, comhairle, ionadaíocht agus deis freagra a thabhairt don Phríomhfheidhmeannach agus don Bhord laistigh de sheachtain.
- Má cheapann an Príomhfheidhmeannach, DCA na hEagraíochta agus an Bord Stiúrtha go bhfuil riosca ann, d'fheadfadh siad ceangal ar an bhfostaí an suíomh a fhágáil. Mura bhfuil siad cinnte, rachaidh DCA na heagraíochta i gcomhairle le Tusla/an Garda Síochána.
- Má dhéantar cinneadh an fostaí a fhágáil sa suíomh, cuirfidh DCA na heagraíochta Tusla (i roinnt cásanna an Garda Síochána) ar an eolas freisin.
- Nuair a líomhnaítear gur tharla mí-úsáid, déanfaidh DCA na heagraíochta, an Príomhfheidhmeannach agus an Bord Stiúrtha an scéal a iniúchadh. Beidh cruinniú acu nuair atá an fhaisnéis ábhartha bailithe. Ag an gcruinniú sin, déanfaidh an Bord Stiúrtha na nithe seo a leanas a mheas go mion:
    - Na líomhaintí a rinneadh agus a bhfoinse
    - An chomhairle a chur na húdaráis ábhartha orthu
    - Na freagraí scríofa ón bhfostaí
- Ní mór deis a thabhairt don mhí-úsáideoir líomhnaíthe a gcás a chur faoi bhráid an chruinnithe, agus is féidir leo duine eile a bheith leis/leí.
- Ní mór don Phríomhfheidhmeannach/DCA na hEagraíochta/Bord Stiúrtha déileáil leis an ábhar ar shlí leochaileach agus ní mór caitheamh go cothrom leis an mí-úsáideoir líomhnaithe.
- Déanfaidh an Phríomhfheidhmeannach/DCA na hEagraíochta/Bord Stiúrtha cinneadh faoi céard a dhéanfaidh siad, má tá aon rud le déanamh, bunaithe ar a iniúchadh agus cuirfidh siad an mí-úsáideoir líomhnaithe ar an eolas i scríbhínn.
- Nuair nach féidir leis an bPríomhfheidhmeannach/DCA na hEagraíochta/Bord Stiúrtha iniúchadh a dhéanamh ar líomhaintí (mar shampla nuair a tharla an mhí-úsáid fad is a bhí an mí-úsáideoir líomhnaithe fostaithe áit éigin eile, nó nuair atá na húdarás ábhartha ag déanamh iniúchadh air/uirthi), déanfaidh an Príomhfheidhmeannach cibé gníomh a mholann an t-údarás. Fanfaidh an Príomhfheidhmeannach i dteagmháil dlúth le Tusla agus gheobhaidh siad tuairiscí agus cuntas uathu nuair is cuí.

Drochúsáid shiarghabhálach / Mí-úsáid stairiúil
Tagraíonn mí-úsáid shiarghabhálach do mhí-úsáid a bhain le duine fásta le linn a n-óige. Maidir le mí-úsáid siarghabhálach, déantar tuairisc do Tusla i gcás ina bhféadfadh riosca reatha nó riosca ionchasach a bheith ann do leanaí nó do dhaoine óga ón duine a bhfuil líomhain ina choinne. Mar a tharlaíonn i gcás linbh nó duine óig, déileálfaidh an Duine Sainordaithe le nochtadh mí-úsáide ó dhaoine fásta go híogair agus go gairmiúil.

Taifead a choimeád
Aithníonn Coláiste agus Cumann na bhFiann an tábhacht a bhaineann le le heolas ar ardchaighdeán a bhailiú agus a roinnt le Tusla. Tá sé tábhachtach go mbaileofar faisnéis faoi

imní faoi leas nó faoi chosaint linbh/duine óig go luath agus go roinnfí é chomh luath agus is féidir leis an duine cuí laistigh den eagraíocht. D'fhéadfadh sé seo cabhrú comharthaí luathrabhaidh a aithint agus idirghabhálacha a chur i bhfeidhm chomh luath agus is féidir.

Taifeadann an eagraíocht imní ag gach leibhéal foirne, ag Daoine Sainordaithe agus ag daoine nach bhfuil sainordaithe. Má bhíonn cúis réasúnach imní ann, cuirtear tuairisc chuig Tusla. Ní shásaíonn tuarascálacha áirithe cúis réasúnach imní. Más amhlaidh an cás, tar éis fiosrú agus dul i gcomhairle le DCA na hEagraíocht, déanann an DCA an imní, mar aon leis an gcinneadh gan tuairisc a thabhairt, a thaifeadadh. Tá rochtain ag an DCA agus ag an Leas-DCA ar na taifid seo agus tá siad freagrach as a n-athbhreithniú.

4. Earcaíocht agus Roghnú

Aithníonn Coláiste agus Cumann na bhFiann an tábhacht a bhaineann le timpeallachtaí sábháilte a chruthú agus iad ag obair le leanaí agus daoine óga. Tá gach nós imeachta agus cleachtas i bhfeidhm le bheith leanbhlárnach - ag obair ar bhealach a chuireann an leanbh i gcroílár gach a ndéanaimid. Cuid lárnach de chruthú na dtimpeallachtaí sábháilte seo is ea earcú agus roghnú oibrithe agus oibrithe deonacha. Déanaimid é seo trí:

- oiliúint agus faisnéis a sholáthar maidir le cosaint leanaí/daoine óga. Bíonn gach oibrí agus oibrí deonach soiléir maidir lena bhfreagrachtaí agus tuigeann siad na cineálacha éagsúla mí-úsáide agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag leanaí/daoine óga a bhfuil siad ag obair leo.
- nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun gníomhaíochtaí a bhainistiú go sábháilte. Cuireann an eagraíocht treoir ar fáil d'oibrithe agus d'oibrithe deonacha maidir le gníomhaíochtaí a phleanáil agus a reáchtáil ar bhealach a dhíríonn ar shábháilteacht leanaí agus daoine óga d'fhonn fáil réidh leis an oiread riosca agus is féidir.
- oiliúint a dhéanamh ar oibrithe agus oibrithe deonacha go héifeachtach. Cuirtear cód iompair ar fáil do gach oibrí agus oibrí deonach a thugann soiléireacht ar chleachtais inghlactha agus do-ghlactha laistigh den eagraíocht. Cuid lárnach de seo ná an oiliúint.

Earcaíocht agus roghnú sábháilte

Tá Coláiste agus Cumann na bhFiann tiomanta do na daoine is feiliúnaí atá ar fáil a earcú le bheith ag obair le daoine óga. Baintear é seo amach ag baint úsáide as na modhanna seo a leanas:

- Cur síos soiléir ar an bpost a sholáthar mar aon le sonraí ar na freagrachtaí a bhaineann leis an ról
- Foirmeacha iarratais críochnúla a sholáthar ag lorg eolais ón iarratasóir
- Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána
- Teistiméireachtaí
- Agallamh, Ionduchtú agus Oiliúint
- Traenáil
- Maoirseacht agus tacaíocht leanúnach

Cur síos ar phoist

Bíonn cur síos cruinn ar na poist mar aon leis na freagrachtaí a bhaineann leis na róil, ar fáil do gach leibhéal foirne nuair a bhíonn iarratas á dhéanamh acu. Ina measc, tá ceanglais maidir le taithí agus cáilíochtaí a theastaíonn don ról. Cuirtear a bhfreagrachtaí in iúl dóibh siúd a aithnítear mar Dhaoine Sainordaithe san eagraíocht agus cuirtear oiliúint ar fáil dóibh.

Foirmeacha iarratais
Comhlánaíonn iarratasóir ag gach leibhéal den fhoireann foirmeacha iarratais ar líne ar shuíomh gréasáin na heagraíochta – www.cnb.ie. Déanann an Bhainistíocht athbhreithniú ar iarratais don tseirbhís atá i gceist agus roghnaítear na hiarrthóirí is fearr de réir an polasaí earcú agus roghnúcháin.

Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána
Comhlíonann an eagraíocht na hoibleagáidí reáchtúla atá uirthi maidir le riachtanais ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána do dhaoine a oibríonn le leanaí sna hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta, 2012-2016). Eisíonn Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána nochtadh grinnfhiosrúcháin don eagraíocht, tríd an NYCI & Concos, do gach duine thar 16 a oibríonn ar bhonn socrúcháin lánaimseartha, páirtaimseartha nó deonach le leanaí/daoine óga. San áireamh tá na teaghlaigh sa Ghaeltacht a chuireann lóistín ar fáil do Scoláirí ar chúrsaí cónaithe. Déantar seo ar gach duine thar 16 a bhfuil cónaí orthu sa teach atá in úsáid. Maireann an ghrinnfhiosrúcháin ar feadh trí bliana. Déanann an eagraíocht cinneadh ar oiriúnacht an duine chun oibriú le leanaí bunaithe ar stair choiriúil agus le faisnéis shonraithe eile faoin duine a bhfuil grinnfhiosrúchán le déanamh air/uirthi. Is trí Access NI a dhéantar seiceáil ar na hoibreoirí i dTuaisceart Éireann.

Teistiméireachtaí
Teastaíonn teistiméireachtaí do Mhúinteoirí agus do Bhainisteoirí ar ár gcúrsaí samhraidh.

Agallamh, Ionduchtú agus Oiliúint
Aithníonn Coláiste agus Cumann na bhFiann an fhreagracht atá orthu an oiliúint atá de dhíth ag an bhfoireann agus ar na hoibrithe deonacha agus a chinntiú go bhfaigheann siad oiliúint shásúil agus oiriúnach. Cuireann an eagraíocht eolas ar ardchaighdeán ar fáil do gach ball foirne agus oibrí deonach maidir le haithint agus tuairisciú imní faoi chosaint agus leas leanaí. Tá an oiliúint ar fad ag teacht le reachtaíocht Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí agus Tús Áite do Leanaí. Tá ról na ngníomhaireachtaí reachtúla a bhfuil príomhfhreagracht orthu maidir le cosaint agus leas leanaí, Tusla agus An Garda Síochána, san áireamh san oiliúint seo. Cuireann an eagraíocht oiliúint ar fáil don DFS mar go bhfuil freagrachtaí sonracha orthu. Soláthraíonn an eagraíocht faisnéis agus oiliúint shásúil faoi chosaint agus leas leanaí don DCA chun cur ar a gcumas an ról a ghlacadh. Ina theannta sin, cuirtear an oiliúint ábhartha ar fáil ag na seimineáir seo a leanas:

- Seimineár na bhFeighlithe
- Seimineár na Múinteoirí
- Seimineár na mBainisteoirí
- Cúrsa Cinnireachta
- Cúrsa Ardchinnireachta
- Cúrsa seachtrachta m.sh. The Wheel, NYCI srl.

Coimeádtar taifead ar na dátaí oiliúna seo, cé a chuir an oiliúint i láthair agus cé a bhí i láthair don oiliúint. Déantar athbhreithniú ar an ábhar oiliúna ar fad tar éis gach cúrsa oiliúna agus leasaítear nó feabhsaítear é de réir aiseolais ón bhfoireann agus ó na daoine a d'fhreastail ar na seimineár cuí.

Imeachtaí/cúrsaí/clubanna a bhainistiú go sábháilte
Chun a chinntiú go ndéantar gach gníomhaíocht a reáchtálann an eagraíocht a bhainistiú go sábháilte, cloítear leis na nithe seo a leanas chun an riosca don duine óg a laghdú:

- Cláraítear gach leanbh agus duine óg trí fhoirm iarratais ar leith a chomhlánú. Áirítear ar an bhfoirm seo sonraí teagmhála tuismitheoirí/caomhnóirí, riachtanais leighis, agus teagmháil éigeandála. Is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí teacht ar an fhaisnéis seo trína gcuntas ar líne agus é a nuashonrú, más gá.
- Déantar tinreamh ag gach imeacht/cúrsa/club a dhoiciméadú.
- Coinnítear tuairiscí Timpiste agus Teagmhais.
- Coimeádtar taifid ar aon ghearán nó casaoid.
- Déantar Suirbhéanna Sláinte agus Sábháilteachta ar an áit – an bhfuil an áit oiriúnach don ghníomhaíocht atá i gceist? An bhfuil measúnú riosca déanta? Tá sé seo thar a bheith tábhachtach maidir le freastal lasmuigh den láthair.
- Déantar cinnte gur leor an mhaoirseacht agus aois na ndaoine óga agus an ghníomhaíocht á gcur san áireamh. Ní fhágtar duine óg ar bith gan mhaoirseacht, agus níl cead ag aon bhall foirne a bheith ina n-aonar le duine óg, ach amháin i gcuinsí fíorannamh. Ní iompraíonn baill foirne leanaí ina n-aonar i ngluaisteáin.
- Tá na hamchláir le haghaidh na n-imeachtaí/cúrsaí/clubanna ar fad soiléir don fhoireann agus do na hoibrithe deonacha go léir atá páirteach. Déantar iad seo a thaifeadadh agus a athbhreithniú.
- Sa chás is go bhfuil daoine óga ón eagraíocht ag freastal ar ócáid le grúpa eile, tá nósanna imeachta soiléire i bhfeidhm do Choláiste agus do Chumann na bhFiann. Tá foireann agus oibrithe deonacha na heagraíochta freagrach as daoine óga ón eagraíocht i ngach cás.
- Téann daoine óga ar an mbus chuig linnte snámha poiblí. Is seisiúin phríobháideacha iad seo. Cuirtear áit dhiscréideach ar fáil dóibh i gcónaí chun a gcuid éadaí a athrú. Níl cead ag aon bhall foirne a bheith ina n-aonar le duine óg ag am ar bith.
- Tá árachas leordhóthanach i bhfeidhm chun gach gné de sheirbhísí na heagraíochta a chlúdach.
- Tá nósanna imeachta éigeandála i bhfeidhm, má bhíonn gá leo.
- Déanann gach rannpháirtí an mheastóireacht le linn agus tar éis an imeachta/cúrsa/club agus tá an mheastóireacht seo mar chuid den phleanáil d'imeachtaí/cúrsaí/clubanna amach anseo.

Maoirseacht agus tacaíocht leanúnach
Cuirtear an cód iompair in iúl do gach ball foirne agus oibrí deonach ag gach leibhéal den eagraíocht. Caithfear cloí leis seo i gcónaí. Tá Bainisteoir líne ag gach ról san eagraíocht. Is baill foirne lánaimseartha iad seo nó tá líne acu le ball foirne lánaimseartha. Déantar é a shoiléiriú ag am na hoiliúna agus ansin arís ag tús na hócáide, an chúrsa nó an chlub cé hé/hí an duine seo. Tá na Bainisteoirí líne seo freagrach as maoirsiú agus tacaíocht a thabhairt don fhoireann nó don oibrí deonach agus as aon imní a d'fhéadfadh a bheith acu a thuairisciú. **Féach Aguisín 6** le haghaidh sainchuntais poist agus Cairt Eagrúcháin.

Iarrtar aiseolas ar bhonn leanúnach go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil. Seoltar suirbhéanna chuig daoine ag gach leibhéal den fhoireann tar éis imeacht/cúrsaí/club ag lorg aiseolais ar na rudaí dearfacha, ar na rudaí diúltacha agus ag iarraidh moltaí ar an mbealach is fearr chun feabhas a chur ar an gcur chuige amach anseo. Ceistítear an fhoireann agus na hoibrithe deonacha maidir le leibhéal na hoiliúna agus an t-eolas a fhaightear roimh an imeacht/cúrsa/club. Déantar seo le cinntiú gur leor é nó an mbeadh sé fiúntach níos mó

traenáil a fháil ar ábhar faoi leith. Cuirtear na moltaí seo san áireamh le linn na gcéimeanna pleanála d'imeachtaí/cúrsaí/clubanna ina dhiaidh sin don chéad imeacht eile.

Nósanna imeachta araíonachta
Tá nósanna imeachta scríofa, céim ar chéim ag an eagraíocht agus gealltar iad a leanúint i ngach cás. Sa chás go gcaithfí rabhadh a thabhairt d'oibrí/oibrí deonach, nó é a iomardú nó a dhífhostú mar gheall ar ghearán nó teip an oibrí na caighdeáin ionchais a chomhlíonadh, is féidir nósanna imeachta araíonachta a úsáid má:

- dhéantar gearán faoi oibrí nó oibrí deonach
- tá sárú líomhanta ar an gcód iompair
- tá líomhain mhí-úsáide déanta in aghaidh oibrí nó oibrí dheonaigh

Sa chás is go bhfuil próiseas smachta i gceist, tógtar na pointí seo a leanas san áireamh: an cód iompair, nósanna imeachta an ghearáin agus an nós imeachta chun líomhaintí mí-úsáide in aghaidh oibrithe/saorálaithe a bhainistiú. Nuair atáthar ag déileáil le fostaithe, cuirfear dlí fostaíochta san áireamh. Nuair atáthar ag déileáil le hoibrithe deonacha, in éagmais dlí fostaíochta, bíonn na nósanna imeachta bunaithe ar dea-chleachtas agus ní dhéantar idirdhealú éagórach.

5. Treoirphrionsabail agus Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí a Chomhroinnt

Tuigeann Coláiste agus Cumann na bhFiann an tábhacht a bhaineann le heolas a roinnt agus le dul i gcomhairle le tuismitheoirí/caomhnóirí maidir le leanaí agus daoine óga agus iad sa tseirbhís. Cuirtear tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas faoi threoirphrionsabail na heagraíochta mar aon leis na nósanna imeachta um chosaint leanaí nuair a chláraíonn siad do chlub, cúrsa nó imeacht. Is féidir an fhaisnéis seo a fháil freisin ag aon chéim den phróiseas, ach é a iarraidh. Nuair a bhíonn duine óg páirteach in aon seirbhís aithnímid an tábhacht a bhaineann le heolas a roinnt ar bhealach a oireann dá n-aois ag cur san áireamh tuiscint an duine óig, ar an eolas seo, i nGaeilge.

Aiseolas
Ar nós gach gné dár seirbhísí, iarraimid aiseolas, idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, i rith na bliana. Tá rannpháirtíocht tábhachtach do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus leanaí/daoine óga mar go dtugann sé deis dóibh a dtuairimí a chur in iúl faoi cheisteanna agus faoi chinntí a bhaineann leo. Cuireann sé seo le cearta na ndaoine óga go rachfar i gcomhairle leo agus go gcuirfí a dtuairimí san áireamh agus go ndéantar cinntí dá réir. Tá sé mar aidhm ag an eagraíocht a chur in iúl go soiléir do dhaoine óga go bhfuil sé de cheart acu go dtabharfaí cosaint dóibh, go dtéitear i gcomhairle leo agus go gcaitear leo le meas.

Cumarsáid
Laistigh de gach seirbhís, cuirtear líne dhíreach teagmhála ar fáil don tuismitheoir/caomhnóir. Is gá do gach duine óg, mar aon lena dtuismitheoirí, freastal ar chruinniú eolais sula bhfreastalaíonn siad ar chúrsa cónaithe. Ar chúrsa samhraidh tá uimhir fón agus ríomhphost an Bhainisteora ag na tuistmitheoirí.

Polasaí frithbhulaíochta
Tá polasaí frithbhulaíochta ag an eagraíocht (**Féach Aguisín 7**) Tá sé seo ar fáil ar an suíomh gréasáin agus ar iarratas.

Gearáin
Más mian le tuismitheoir gearán a dhéanamh faoi aon sheirbhís, aon oibrí deonach nó ball foirne de chuid na heagraíochta is féidir leo é sin a dhéanamh i scríbhinn trí ríomhphost a sheoladh (eolas@cnb.ie) **(Féach Aguisín 8 don Pholasaí Gearán**)

6. Cur i bhfeidhm, athbhreithniú, agus monatóireacht ar na treoirphrionsabail & nósanna imeachta um chosaint leanaí

Cur i bhfeidhm
Aithníonn an eagraíocht an tábhacht a bhaineann le treoirphrionsabail agus nósanna imeachta um chosaint leanaí a cur i bhfeidhm. Is éard atá i gceist leis seo ná athbhreithniú agus nuashonrú rialta a dhéanamh trí mheasúnú riosca leanúnach mar aon le bearta chun dul i ngleic le haon rioscaí aitheanta. Cinntíonn athbhreithniú feidhmíochta gur féidir réimsí nós imeachta agus cleachtais atá ag oibriú go maith a aithint agus gur féidir réimsí a bhfuil gá le feabhsúchán a dhéanamh orthu a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu.

Athbhreithniú
Bíonn athruithe i gceist de bharr reachtaíochta nua nó leathnú seirbhíse laistigh den eagraíocht. Is gá don eagraíocht athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas agus ar na nósanna imeachta atá riachtanach. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag na hathruithe nó na forbairtí seo ar an mbealach a ritheann an eagraíocht a seirbhísí. Déantar measúnú riosca ar na hathruithe seo.

Measúnú agus monatóireacht
Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas agus ar na nósanna imeachta, aithníonn an eagraíocht athruithe atá le déanamh maidir le cinntí beartais, nósanna imeachta agus cleachtais amach anseo. Cuidíonn monatóireacht leanúnach lena chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm na cleachtais, mar atá leagtha amach sna prionsabail threoracha agus nósanna imeachta um chosaint leanaí, ar fud na heagraíochta. Déantar athbhreithniú ar threoirphrionsabail agus ar nósanna imeachta um chosaint leanaí laistigh de 24 mhí, nó níos luaithe más gá mar gheall ar shaincheisteanna seirbhíse nó athruithe sa reachtaíocht/polasaí náisiúnta, nó nuair a thagann fadhbanna chun cinn sa phróiseas feidhmithe. Déantar athbhreithniú iomlán ar bheartas agus nósanna imeachta roimh thús na gcúrsaí samhraidh.

Ainm an Choláiste/Cumann : _____

Dáta : _____

Is é/í _____ an Duine Caidrimh Ainmnithe.

Is é/í _____ an Leas Duine Caidrimh Ainmnithe.

Táim eolach ar Pholasaí Cosaint Leanaí Choláiste agus Cumann na bhFiann agus tuigim má tá ceist ar bith agam faoi ghné ar bith de Chosaint Leanaí go dtéim i gcomhairle leis an DCA nó an Leas DCA. Tuigim freisin an dualgas atá orm agus mé mar DFS (Duine Faoi Shainordú)

Bloclitreacha	Síniú	Ról

Na hAguisíní

Aguisín 1 - Reachtaíocht agus polasaithe náisiúnta

AN tACHT UM CHÚRAM LEANAÍ 1991

Is í seo eochair-reachtaíocht lena rialaítear beartas cúraim leanaí in Éirinn. Is faoin Acht sin a bhíonn freagracht ag Tusla chun leas leanaí nach bhfaigheann dóthain cúraim agus cosanta a chur chun cinn. Má fhaightear amach nach bhfaigheann leanbh dóthain cúraim agus cosanta, bíonn dualgas ar Tusla chun beart iomchuí a ghlacadh chun leas an linbh a chur chun cinn. D'fhéadfaí áireamh leis sin tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh óna dteastaíonn cúnamh chun cúram agus cosaint a sholáthar dá leanaí. Is san Acht um Chúram Leanaí freisin a leagtar amach an chreatlach reachtúil chun leanaí a thabhairt i gcúram más gá.

AN tACHT UM CHOSAINT DAOINE A THUAIRISCÍONN MÍ-ÚSÁID LEANAÍ 1998

Tugtar cosaint duit leis an Acht seo má thugann tuairisc faoi mhí-úsáid leanaí amhrasach d'oifigigh ainmnithe Tusla, d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) nó do bhaill an Gharda chomh fada agus a dhéantar an tuairisc le dea-intinn agus nach mailíseach í. Áirítear le hoifigigh ainmnithe daoine údaraithe ag Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Tusla chun tuairiscí faoi imníocha sainordaithe a fháil agus a aithint i leith linbh ó dhaoine sainordaithe de réir **an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015**. Ciallaíonn an chosaint dhlíthiúil seo fiú má thuairiscíonn tú cás de dhrochúsáid linbh amhrasach agus mura mbíonn foras ar bith leis, chaithfeadh gearánaí a ghlacfadh caingean cruthúnas a thabhairt nár fheidhmigh tú go réasúnta agus le dea-intinn nuair a rinne tú an tuairisc. Má dhéanann tú tuairisc le dea-intinn agus ar mhaithe le dea-leasanna an linbh, d'fhéadfá bheith faoi chosaint freisin faoin dlí coiteann le cosaint na pribhléide cáilithe. Is féidir leat teacht ar an liosta iomlán daoine in Tusla agus sa HSE ar oifigigh ainmnithe iad faoin Acht 1998, ar láithreán gréasáin gach gníomhaireacht (www.tusla.ie agus www.hse.ie).

AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL (Contúirt meargánta) 2006

Cruthaíodh cion de chur i mbaol meargánta leanaí le hAlt 176 den Acht seo. Duine le húdarás nó le smacht thar leanbh nó le mí-úsáideoir a chuireann leanbh i mbaol d'aontoil nó go meargánta; is féidir leo an cion sin a dhéanamh ach:

1. an leanbh a chur nó a cheartú dá gcur nó dá bhfágáil i suíomh ina gcruthaítear priacal substainteach don leanbh de bheith ina íospartach den díobháil thromchúiseach nó den mhí-úsáid ghnéasach; nó
2. Mainneachtain chun céimeanna réasúnta a ghlacadh chun leanbh a chosaint ó bheith i mbaol mar sin agus eolas acu go bhfuil an leanbh sa chás sin. Mí-Úsáid Leanaí –Céard í féin? Cén chaoi a n-aithnímse í? Cén chaoi a dtuariscímse í?

An tACHT FORÉIGEANTA TEAGHLAIGH 2018

Déanann an tAcht seo an dlí ar fhoréigean teaghlaigh a leasú agus a chomhdhlúthú agus tá sé ar cheann de na reachtanna dlí teaghlaigh is suntasaí a tugadh isteach le 20 bliain anuas. Ní bheidh orduithe ar fáil d'iarratais níos mó. Tá liosta nua fíricí agus imthosca le cur san áireamh ag an gCúirt agus cinneadh á dhéanamh maidir le horduithe.

Tá roinnt Forálacha Coiriúla nua ann lena n-áirítear Cion Comhéigeantach Rialaithe (Alt 39) agus Cion um Pósadh Éigeantach (Alt 38) - tabhair faoi deara freisin faoi Alt 45(1e), an tseanfhoráil a ligeann do phóstaí tarlú nuair a bhí páirtí amháin ar a laghad faoi 18. , nach n-aisghairtear.

AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL (FAISNÉIS UM CHIONTA IN AGHAIDH LEANAÍ AGUS DAOINE SOGHONTA A CHOINNEÁIL SIAR) 2012

Is faoin Acht sin ar cion coiriúil é chun faisnéis a choinneáil siar faoi chion tromchúiseach, lena n-áirítear cion gnéasach, i gcoinne duine faoi bhun 18 bliain d'aois nó i gcoinne duine leochailigh. Tagann an cion aníos mar a mbíonn a fhios ag duine nó mar a gcreideann siad go ndearnadh cion sonraithe i gcoinne linbh nó duine leochailigh, agus faisnéis acu lena gcuideofaí chun duine éigin eile a ghabháil, a ionchúiseamh nó a chiontú as an gcion sin, ach go mainníonn siad gan leithscéal réasúnta chun an fhaisnéis sin a nochtadh, chomh luath agus is indéanta, do bhall den Garda Síochána. Tagann na forálacha den reachtaíocht Choinneála Siar sa bhreis ar aon riachtanais tuairiscithe de réir **an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015.**

NA hACHTANNA UM AN MBIÚRÓ NÁISIÚNTA GRINNFHIOSRÚCHÁIN (LEANAÍ AGUS DAOINE SOGHONTA) 2012-2016

Bíonn sé éigeantach faoi na hAchtanna seo d'fhostóirí chun nochtuithe grinnfhiosrúcháin a fháil i ndáil le duine ar bith a dhéanann saothar ábhartha le leanaí nó le haosaigh shoghonta. Cruthaítear cionta agus pionóis leis na hAchtanna do dhaoine a mhainníonn chun comhlíonadh lena bhforálacha. Is sna hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012-2016 a leagtar amach na hoibleagáidí reachtúla ar fhostóirí i ndáil le riachtanais ghrinnfhiosrúcháin Gharda do dhaoine a oibríonn le leanaí agus le haosaigh shoghonta.

AN tACHT UM THÚS ÁITE DO LEANAÍ 2015

Is breiseán tábhachtach don chóras leasa agus cosanta leanaí é **an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015**, óir go gcuideoidh sé chun a chinntiú go dtugtar imníocha cosanta leanaí chun airde Tusla gan mhoill. Foráiltear san Acht do thuairisciú éigeantach na n-imníocha leasa agus cosanta leanaí ag eochairghairmithe; measúnú priacail agus pleanáil chuimsitheach do bhéascna eagrúcháin láidir den chumhdach i ngach seirbhís a sholáthraítear do leanaí; foráil do chlár neamh-chomhlíonta; agus bonn taca reachtúil a thabhairt do Ghrúpa Forfheidhmithe Idir-Rannach um Thús Áite do Leanaí.

AN tACHT UM AN DLÍ COIRIÚIL (CIONTA GNÉASACHA) 2017

Tugtar aghaidh san Acht sin dúshaothrú gnéasach leanaí, agus dírítear ann orthu siúd a dhéanann an ghníomhaíocht choiriúil sin. Cruthaítear cionta leis a bhaineann le fáil nó le soláthar leanaí chun críocha an dúshaothraithe ghnéasaigh. Cruthaítear cionta leis freisin de na cineálacha gníomhaíochta a fhéadann tarlú le linn na gcéimeanna luatha den phróiseas creachóireach roimh dhúshaothrú iarbhír linbh éigin, mar shampla, úsáid a bhaint as an teicneolaíocht nua-aimseartha chun teacht i dtír ar pháistí agus socruithe a dhéanamh chun bualadh le leanbh leis an rún chun an leanbh a dhúshaothrú go gnéasach. Aithnítear san Acht freisin gurb ann do chaidrimh chomhthoiliúla chomhaoiseacha faoi bhun na haoise mar a dtagann aon ghníomhaíocht ghnéasach taobh istigh de theorainneacha aoise diansainithe, agus nach imeaglach nó dúshaothraitheach é an caidreamh.

AN tACHT UM CHEAPACHÁN, CUMARSÁID DHÍOBHÁLACH & CIONTA GAOLMHARA, 2020

Tugtar 'Dlí CoCo' air. Cruthaíonn an tAcht seo dhá chion nua a dhéanann coiriú ar dháileadh neamh-chomhthoiliúil íomhánna pearsanta:

1. Is cion é íomhánna pearsanta de dhuine a thógáil, a dháileadh nó a fhoilsiú gan toiliú fiú mura bhfuil aon rún sonrach ann díobháil a dhéanamh. Áirítear le pionóis uasfhíneáil €5000 agus/nó 12 mhí príosúnachta.
2. Is cion é íomhánna pearsanta de dhuine a dháileadh nó a fhoilsiú, gan toiliú agus le hintinn díobháil a dhéanamh. Áirítear le pionóis fíneáil neamhtheoranta agus/nó 7 mbliana príosúnachta.

Tá sé tábhachtach go mbaineann sé seo fiú má thug an duine toiliú ar dtús go ndéanfaí an pictiúr a thógáil, ach gur roinneadh iad le daoine eile gan a thoiliú. Tá an dlí sa bhreis ar an reachtaíocht atá ann faoi láthair a fhágann go bhfuil sé mídhleathach íomhánna, físeáin nó téacs gnéasach de dhuine faoi 18 mbliana d'aois a sheoladh, a fháil nó a roinnt. Ní féidir leanbh faoi bhun 17 mbliana d'aois a chúiseamh i gcion faoin Acht áirithe seo ach amháin le toiliú an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Aguisín 2 - Ráiteas um Chostaint Leanaí

Ráiteas um Chosaint Leanaí - Coláiste na bhFiann agus Cumann na bhFiann

1. **An t-ainm ar an tseirbhís atá á cur ar fáil**: Coláiste na bhFiann agus Cumann na bhFiann
2. **An cineál seirbhíse agus na cleachtais a chloítear leo d'fhonn páistí a chosaint ar an drochrud.** Cuireann Coláiste na bhFiann cúrsaí cónaithe samhraidh ar fáil do dhaoine óga idir 10 agus 18 mbliana déag d'aois. Reáchtáiltear na cúrsaí sin i dtithe i gceantair Ghaeltachta agus i gcoláiste cónaithe, Ionad Óige na hÉireann i gCo na Mí. Is trí mheán na Gaeilge a eagraítear na cúrsaí ar fad. Cuireann Cumann na bhFiann gréasán clubanna óige agus turais thar oíche ar fáil do dhaoine óga ar bhonn náisiúnta. Dá bharr tugtar deis do dhaoine óga a gcuid Gaeilge labhartha a úsáid agus feabhas a chur uirthi i suíomh neamhfhoirmeálta. Creidtear san eagras seo againne gurb é an rud is tábhachtaí ar fad ná freastal ceart a dhéanamh ar na daoine óga faoinár gcúram. Creidimid go bhfuil na cearta seo a leanas ag gach páiste a bhaineann tairbhe as ár seirbhísí: ceart chun cosanta; ceart chun measa; ceart chun éisteachta; ceart a gcuid tuairimí a bheith san áireamh sna cinntí a dhéantar a bhfuil baint acu leo. Tá na cearta a luadh i gceist beag beann ar chine, cumas, eitneacht nó claonadh gnéis. Tá na cleachtais atá againn ag teacht lena bhfuil leagtha síos sna polasaithe seo a leanas: Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí; Tusla Cosaint Leanaí: Treoir do Bheartais, Nós Imeachta agus Cleachtas; Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus reachtaíocht reatha mar An tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015; An tAcht um Chúram Leanaí 1991; An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998; An tAcht um an mBiúró Náisiúnta Ghrinnfhiosrúcháin 2012.
3. **Measúnú Riosca** Tá measúnú déanta ag Coláiste na bhFiann ar aon fhéidearthacht díobhála do dhaoine óga agus iad ag baint leasa as ár gcuid seirbhísí. Coinnítear clár riosca dá réir. Sa chlár sin sainaithnítear gach riosca díobhála mar a rianaítear san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 (a) ionsaí a dhéanamh ar leanbh, drochíde a thabhairt do leanbh nó faillí a dhéanamh i leanbh ar mhodh a dhéanann difear tromchúiseach, nó ar dóigh dó difear tromchúiseach a dhéanamh, do shláinte, d'fhorbairt nó do leas an linbh, nó (b) drochúsáid ghnéasach an linbh. Chomh maith leis sin liostáiltear sa chlár na nósanna imeachta, na polasaithe, na cláir agus na cleachtais a chabhraíonn chun rioscaí a laghdú nó chun fáil réidh leo ar fad.

Nósanna imeachta maidir le laghdú ar rioscaí nó fáil réidh le rioscaí faoi leith

Riosca dochair ó bhall foirne – An Cód iompair – An Bord, An Fhoireann, agus Oibrithe Deonacha, Traenáil Foirne agus Oibrithe Deonacha, Polasaí earcaíochta agus nósanna imeachta

Riosca dochair ó chomhoibrithe - An Cód iompair don fhoireann agus do dhaoine óga; Seisiúin ionduchtaithe eolais do dhaoine óga agus dá dtuismitheoirí

Riosca dochair ó dhuine den phobal – measúnú riosca ionad, imeachtaí agus turais, An Cód iompair don fhoireann agus do dhaoine óga

Riosca dochair do pháiste toisc easpa maoirseachta – Polasaí Cosaint Leanaí, An Cód Iompair, An Bord, An Fhoireann agus Oibrithe Deonacha, Traenáil Foirne agus Oibrithe Deonacha

Riosca faillí – Polasaí Sláinte agus Sábháilteachta, Traenáil Foirne agus Oibrithe Deonacha, Polasaí earcaíochta agus nósanna imeachta

Riosca mí-úsáide mothúchánaí/drochíde – Polasaí agus nós imeachta le gearán a dhéanamh, Polasaí frithbhulaíochta

Riosca mí-úsáide corportha - measúnú riosca ionad, imeachtaí agus turais, An Cód iompair don fhoireann agus do dhaoine óga

Riosca mí-úsáide gnéis - Polasaí Cosaint Leanaí, Polasaí earcaíochta agus nósanna imeachta

Riosca mí-úsáide ar líne – Polasaí sábháilteachta ar líne agus ar na meáin shóisialta, Polasaí frithbhulaíochta

4. **Nósanna imeachta** Cuireadh lenár ráiteas um Chosaint Leanaí de réir na gCeanglas faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015; Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta agus Tusla Cosaint Leanaí: Treoir do Bheartais, Nós Imeachta agus Cleachtas. Chomh maith leis na nósanna imeachta a liostáiltear inár measúnú riosca cuireann na nósanna imeachta seo a leanas leis an rún atá againn páistí a chosaint fad is atá siad ag baint úsáid as ár gcuid seirbhísí:
   - nós imeachta i dtaca le déileáil le líomhaintí in aghaidh duine dár bhfostaithe faoi mhí-úsáid páiste faoinár gcúram
   - nós imeachta i dtaca le slánearcaíocht is roghnú foirne agus oibrithe deonacha le dul ag obair le páistí
   - nós imeachta i dtaca le traenáil is eolas faoi chosaint páistí agus sainaithint dochair san áireamh
   - nós imeachta i dtaca le tuairisc a chur chuig Tusla faoi aon ábhar imní a bhaineann le cosaint nó leas páiste
   - nós imeachta i dtaca le liosta a choinneáil de na daoine (más ann dóibh) ar tugadh sainordú oifigiúil dóibh sa tseirbhís ábhartha
   - nós imeachta i dtaca le duine cuí a cheapadh mar DCA

Tá teacht ar liosta na nósanna imeachta ar fad ach é a iarraidh.

5. **Cur i bhfeidhm** Tuigeann Coláiste na bhFiann is Cumann na bhFiann gur próiseas leanúnach é an cur i bhfeidhm. Sa tseirbhís a chuirimid ar fáil táimid tiomanta do chur i bhfeidhm an ráitis seo – An Ráiteas um Chosaint Leanaí. Déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas um Chosaint Leanaí gach bliain nó chomh luath is atá infheidhmithe i ndiaidh athraithe ábhartha a bhaineann le haon ní a ndéantar tagairt dó sa ráiteas.

Sínithe	Michelle Ní Ghialláin	**Dáta**	19/03/2025
DCA/Duine ainmnithe	Michelle Ní Ghialláin Bainisteoir Riaracháin	michelle@cnb.ie	01 8259342
Leas DCA	Barra Mac Thiarnáin Bainisteoir Forbartha	barra@cnb.ie	01 8259342

Aguisín 3 - Cairt eagraíochtúil ar na Príomhróil

Seirbhís	Coláiste and Cumann na bhFiann
Duine Ainmnithe	DCA na hEagraíochta
DCA	**An Eagraíocht (Coláiste & Cumann na bhFiann)**- Bainisteoir Riaracháin **Coláiste na bhFiann (cúrsaí)** - Bainisteoir an chúrsa
Leas DCA	**An Eagraíocht (Coláiste & Cumann na bhFiann)** - Bainisteoir Forbartha **Coláiste na bhFiann (cúrsaí)** - Múinteoir ainmnithe
Daoine Sainordaithe	DCA na hEagraíochta, Leas DCA na hEagraíochta, Bainisteoir Iar Aire, Bainisteoirí, Múinteoirí

Aguisín 4 - Sonraí teagmhála Tusla - áit cónaí an páiste

Tusla – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
Brunnel Building, Heuston South Quarter, Baile Átha Cliath 8
Fón: 01 7718500
Website: www.tusla.ie
Rphost: info@tusla.ie

Baile Átha Cliath – Tuaisceart
Caitríona Sheehan (Interim), 180-189 Lakeshore Drive Airside Business Park, Sord, Co. Átha Cliath
Fón: 01-8708000
Rphost: caitriona.sheehan@tusla.ie

Baile Átha Cliath – Tuaisceart na Cathrach
Deboradh Talbot (Interim), Ballymun Healthcare Facility, Ballymun Civic Centre, Baile Átha Cliath 9
Fón: 01-8467129
Rphost: amm.dnc@tusla.ie

Lu & An Mhí
Sarah Doyle, Unit 22, Southgate Shopping Centre, Colpe Cross, Droicheá Átha Co. Lú
Fón: 041-2512300
Rphost: louthmeathamo@tusla.ie

Cabhán & Muineachán
Lisa Anderson, Support Services Building, Rooskey, Muineachán
Fón: 047-4369800
Rphost: lisa.anderson@tusla.ie

Baile Átha Cliath Deisceart Lar
Gráinne Sullivan, Carnegie Centre, 21 - 25 Lord Edward Street, Dublin 2
Fón: 01 6400650
Rphost: am.dscdw@tusla.ie

Baile Átha Cliath Deisceart Iarthar, Cill Dara, Iarthar Chill Mhantáin
Audrey Warren, Suite 7&8, Vista Primary Care, Nás, Co. Chill Dara
Fón: 045 839312
Rphost: am.dswkww@tusla.ie

Lár tíre (Laoise, Longfort, Uibh Fháilí, an Iarmhí)
Annette Maguire, Primary Care Centre, Harbour Road, An Mhuileann gCearr, Co. na hIarmhí
Fón: 044-9353967/3965
Rphost: childfamily.midlands@tusla.ie

Baile Átha Cliath Deisceart Oirthear, Chill Mhantáin
Michelle McNichlas (interim), Carysfort House, Carysfort Ave, Blackrock, Co. Dublin
Fón: 01 2155758
Rphost: am.dsdseww@tusla.ie

Ceatharlach, Cill Chainnigh & Tiobhraid Árainn Deisceart
Annemarie Stafford, Athy road, Carlow
Fón: 059 - 9129500
Rphost: AMCKST@tusla.ie

Port Láirge & Loch Garman
Greg Mullan, Community Services, Cork Road, Waterford
Fón: 051-842827
Rphost: am.waterfordwexford@tusla.ie

Ciarraí
Breda Lynch,HSE, Block C, Edward Court, Edward Street, Tralee, Co. Kerry, V92 A3PH
Fón: 066-7161415
Rphost: AM.Kerry@tusla.ie

Corcaigh
Deirbhile Murphy, Unit 4A, Floor 3, North Point House, North Point Business Park, Cork, T23 AT2P
Fón: 021-4923535
Rphost: Níl aon ar fáil

Iarthar Láir (Luimneach, An Clár & Tuaisceart Tiobraid Árainn
Aisling O'Neill, Ballycummin Ave, Raheen Business Park, Raheen, Luimneach
Fón: 061-482792
Rphost: areamanagermw@tusla.ie

Dún na nGall
Marie Crawley, Level 2, Scally Place, Justice Walsh Road, Letterkenny, Co. Dhun na nGall
Fón: 074 9104560
Rphost: marie.crawley@tusla.ie

Gaillimh & Ros Comáin
John Donnellan, 25 Newcastle Road, Gaillimh
Fón: 091-546228
Rphost: john.donnellan@tusla.ie

Sligeach, Liatroim, Cabhán Iarthar
Liam Whyte, Markievicz House, Barrack Street, Sligeach
Fón: 071-9155133
Rphost: liam.whyte@tusla.ie

Maigh Eó
Heather Wilson, 2nd Floor, Mill Lane, Bridge Street, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eó
Fón: 094-9042030
Rphost: heather.wilson@tusla.ie

Aguisín 5 - Na Cineálacha mí-úsáide leanaí

1. **Faillí –** Sainmhínítear an fhaillí mar 'dóthain bia, teasa, éadaí, sláinteachais, sábháilteachta nó cúraim leighis a bhaint de leanbh'. Baintear amach tairseach na díobhála, ag ar cheart duit tuairisciú le Tusla de réir **an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015** nuair a bhíonn a fhios agat, a chreideann tú, nó a bhíonn forais réasúnta agat chun bheith in amhras go ndearnadh faillí ar éilimh linbh, go bhfuiltear ag déanamh faillí orthu, nó go bhfuil siad i mbaol faillí a dhéanamh orthu; mar a ndeachthas i bhfeidhm go mór ar shláinte, forbairt nó leas leanaí, nó mar a dtéitear i bhfeidhm go mór orthu, nó mar ar dócha go rachfar i bhfeidhm go mór orthu.
2. **Mí-úsáid mhothúchánach -** Sainmhínítear an drochíde mar 'leanbh a thréigean nó bheith cruálach le leanbh, nó bheith ina cúis le tréigean nó le drochíde chruálach nó chun iad a sholáthar nó chun ligean dóibh tarlú.' Clúdaítear an mhí-úsáid mhothúchánach sa sainmhíniú den drochíde as a mbaintear leas san **Acht um Thús Áite do Leanaí 2015**. Baintear amach tairseach na díobhála, ag ar cheart duit tuairisciú le Tusla de réir **an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015** nuair a bhíonn a fhios agat, a chreideann tú, nó a bhíonn forais réasúnta agat chun bheith in amhras go ndearnadh faiilí ar éilimh linbh, go bhfuiltear ag déanamh faillí orthu, nó go bhfuil siad i mbaol faillí a dhéanamh orthu; **mar a ndeachthas i bhfeidhm go mór ar shláinte, forbairt nó leas leanaí, nó mar a dtéitear i bhfeidhm go mór orthu, nó mar ar dócha go rachfar i bhfeidhm go mór orthu.**
3. **Mí-úsáid fhisiciúil -** Clúdaítear an mhí-úsáid fhisiciúil sna tagairtí don ionsaí san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015. Nuair a bhíonn a fhios agat, a chreideann nó a bhfuil réasún agat forais le hamhras go bhfuil leanbh, a bhí, nó atá i mbaol ionsaí tá an tairseach díobhála bainte amach agus caithfidh tú tuairisc a thabhairt do Tusla faoi An tAcht um Chéad Leanaí 2015; agus mar thoradh ar sin **mar a ndeachthas i bhfeidhm go mór ar shláinte, forbairt nó leas leanaí, nó mar a dtéitear i bhfeidhm go mór orthu, nó mar ar dócha go rachfar i bhfeidhm go mór orthu.**
4. **Mí-úsáid ghnéasach -** Más rud é go mbíonn eolas agat, go gcreideann tú nó go mbíonn forais réasúnta amhrais agat mar Dhuine Sainordaithe go ndearnadh mí-úsáid ghnéasach do leanbh, go bhfuiltear á mí-úsáid nó go bhfuil siad i mbaol mí-úsáide, ní foláir duit é sin a thuairisciú le Tusla de réir **an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015**. Sainmhínítear an mí-úsáid ghnéasach lena tuairisciú faoin **Acht um Thús Áite do Leanaí 2015** [arna leasú ag alt 55 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2017 mar chion i gcoinne linbh, arna liostú i Sceideal 3 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015. Leagtar amach in Aguisín 3 **den Treoir** seo liosta iomlán de na cionta ábhartha i gcoinne linbh a meastar fúthu bheith ina mhí-úsáid ghnéasach. Óir go dtagann gach mí-úsáid ghnéasach faoin gcatagóir de thionchar **tromchúiseach a fheidhmiú ar shláinte, leas nó forbairt linbh;** ní mór duit gach imní faoin mhí-úsáid ghnéasach a thaisceadh mar thuairisc shainordaithe le Tusla. Tá eisceacht amháin ann, ina bpléitear le roinnt gníomhaíochta gnéasaí comhthoiliúla idir dhaoine óga.

Aguisín 6 - Na Sainchuntais poist

Sainchuntais poist

Cinnire	**Na freagrachtaí a bhaineann leis an bpost** ● Ard-chaighdeán i ngach gné den obair ● Ag cinntiú go bhfuil na Scoláirí faoi do chúram compordach agus saor ó dháinséar i gcónaí ● Fadhbanna atá ag Scoláirí a thuairisciú ● Ag cinntiú go bhfuil ard-chaighdeán Gaeilge á labhairt ag Scoláirí agus ag an gCinnire fhéin ● A bheith cothrom le gach duine, agus discréideach nuair is gá **Cén scileanna a bheidh á bhfoghlaim ag an gCinnire Sinsearach?** 1. Cúram daoine óga – Seo an phríomhscil a bheidh á foghlaim ag an gCinnire, agus iad i mbun a gcuid oibre. Tá sé bunaithe ar na priomhphoíntí a luadh thuas. 2. Obair Foirne – Pé slí beatha a bheidh á bhaint amach ag an duine sa saol, beidh orthu i gcónaí a bheith in ann oibriú mar chuid d'fhoireann. Tugann Cinnireacht Shinsearach deis don duine óg an scil fíor-thábhachtach seo a chleachtadh ó aois óg. Foghlaimíonn an duine conas comhoibriú ceart a dhéanamh, trí mheas a léiriú ar gach duine a mbuaileann siad leo. 3. Bainistíocht - Cad is bainistíocht ann? Go simplí, 'séard atá i gceist le bainistíocht ná a bheith freagrach as gach rud ar an gcúrsa agus a chinntiú go ndéanann gach duine a chuid oibre go sásúil, postanna a roinnt ar dhaoine atá faoi do stiúir agus a bheith cinnte go bhfuil na tascanna a leagadh orthu á gcríochnú acu. Tá neart samplaí timpeall na tíre d'iarchinnirí agus ardchinnirí Choláiste na bhFiann ag obair i róil bainistíochta. Tá na daoine seo i mbun a ngnó fhéin, mar phríomhoidí scoileanna, ag stiúradh eagrais eile Gaeilge agus go leor eile., srl. 4. Féin Mhuinín – Níl tada chomh luachmhar le féin mhuinín. Is cuma cén scileanna agus tréithe atá ag an duine, má tá easpa muiníne orthu, ní mórán a éireoidh leo a bhaint amach. Is deis faoi leith í an Chinnireacht cur le muinín an duine. Bíonn ionadh ar thuismitheoirí agus Múinteoirí nuair a fheiceann siad daoine óga ag dul i mbun slua agus iad á spreagadh chun amhrán a chasadh nó ceacht a fhoghlaim. Ní fios an bhfuil áit ar bith eile sa tír go bhfuil an deis seo ar fáil. **Scileanna eile a bheidh á bhforbairt ag an gCinnire:** ● Cumarsáid ● Réiteach fadhbanna ● Smaointeoireacht chriticiúil ● Cumas múinteoireachta ● Scileanna sóisialta ● Scileanna eagrúcháin ● Inniúlacht sa Ghaeilge **Critéir Chinnireachta** 1. Oiriúnacht don phost 2. Cúrsa Traenála a dhéanamh

	3. Taithí le Coláiste na bhFiann 4. Freastal rialta ar chlubanna agus imeachtaí Chumann na bhFiann 5. Caighdeán Gaeilge 6. Aois an iarrthóra
Ardchinnire	**Na freagrachtaí a bhaineann leis an bpost** ● Ard chaighdeán i ngach gné den obair ● Ag cinntiú go bhfuil clár ama an lae á leanúint mar is cóir ● Ag cinntiú go bhfuil na Scoláirí agus cinnirí faoi do chúram compórdach agus saor ó dainséar i gcónaí ● Fadhbanna agus deacrachtaí atá ag Scoláirí agus cinnirí a thuairisciú ● Ag cinntiú go bhfuil ardcaighdeán Gaeilge á labhairt ag Scoláirí, na cinnirí, agus ag an Ardchinnire fhéin ● A bheith cothrom le gach duine, agus discréideach nuair is gá **Cén scileanna a bheidh á bhforbairt ag an Ardchinnire?** 1. Cúram daoine óga – Seo an phríomhscil a bheidh á foghlaim ag an Ardchinnire, agus iad i mbun a chuid oibre. 2. Obair Foirne – Pé slí bheatha a bheidh á bhaint amach ag an duine sa saol, beidh orthu i gcónaí a bheith in ann oibriú mar chuid d'fhoireann. Tugann Ardchinnireacht deis don duine an scil fíor-thábhachtach seo a fhorbairt ó aois óg. Foghlaimíonn an duine conas comhoibriú ceart a dhéanamh, trí mheas a léiriú ar gach duine a mbuaileann siad leo. 3. Bainistíocht - Cad is bainistíocht ann? Go simplí, 'séard atá i gceist le bainistíocht ná a bheith freagrach as gach rud ar an gcúrsa agus a chinntiú go ndéanann gach duine a chuid oibre go sásúil, postanna a roinnt ar dhaoine atá faoi do stiúir agus a bheith cinnte go bhfuil na tascanna a leagadh orthu á gcríochnú acu. Tá neart samplaí timpeall na tíre d'iarchinnirí agus ardchinnirí Choláiste na bhFiann ag obair i róil bainistíochta. Tá na daoine seo i mbun a ngnó fhéin, mar phríomhoidí scoileanna, ag stiúradh eagrais eile Gaeilge agus go leor eile., srl. 4. Féin Mhuinín – Níl tada chomh luachmhar le féin mhuinín. Is cuma cén scileanna agus tréithe atá ag an duine, má tá easpa muiníne orthu, ní mórán a éireoidh leo a bhaint amach. Is deis faoi leith í an Chinnireacht cur le muinín an duine. Bíonn ionadh ar thuismitheoirí agus Múinteoirí nuair a fheiceann siad daoine óga ag dul i mbun slua agus iad á spreagadh chun amhrán a chasadh nó ceacht a fhoghlaim. Ní fios an bhfuil áit ar bith eile sa tír go bhfuil an deis seo ar fáil. **Scileanna eile a bheidh á bhforbairt ag an Ardchinnire:** ● Cumarsáid ● Réiteach fadhbanna ● Smaointeoireacht chriticiúil ● Cumas múinteoireachta ● Scileanna sóisialta ● Scileanna eagrúcháin ● Inniúlacht sa Ghaeilge **Critéir Ardchinnireachta** 1. Oiriúnacht don phost 2. Cúrsa Traenála a dhéanamh 3. Taithí le Coláiste na bhFiann

	4. Caighdeán Gaeilge
Múinteoir	**Na freagrachtaí a bhaineann leis an bpost** ● Ard chaighdeán i ngach gné den obair ● Ranganna d'ard caighdeán a phleanáil agus a mhúineadh ● Lán tacaíocht a thabhairt don fhoireann iomlán ● Maoirseacht ar na Scoláirí. A chinntiú go bhfuil na Scoláirí, Cinnirí agus Ardchinnirí ar a gcompord agus saor ó dhainséar i gcónaí ● Fadhbanna agus deacrachtaí atá ag Scoláirí, Cinnirí agus Ardchinnirí a thuairisciú ● A chinntiú go bhfuil ardcaighdeán Gaeilge á labhairt ag Scoláirí, na cinnirí, na hArdchinnirí agus ag an Múinteoir féin ● A bheith cothrom le gach duine agus discréideach, nuair is gá ● Freagrachtaí ról an DFS a chomhlíonadh ● Na polasaithe agus rialacha an chúrsa a leanúint mar a mhíníodh iad ag an Seimineár agus mar a bheidh á mhíniú le linn an chúrsa ag an mBainisteoir. ● An Ghaeilge a úsáid mar theanga chumarsáide i gcónaí i measc na foirne, leis an oifig, agus lena Scoláirí, roimh, le linn agus tar éis an chúrsa. ● Comhoibriú leis an bhfoireann le béim faoi leith ar aithne orthu agus ar na Scoláirí. ● Láithreacht - a bheith i láthair ag gach imeacht ó "éirí ar maidin" go "dul a chodladh san oíche" de réir an róta atá aontaithe leis an mBainisteoir. Ní féidir le Múinteoirí imeacht le haghaidh deireadh seachtainí. ● Discréideach i gcónaí faoi gach rud a bhaineann le mo chuid oibre agus mé mar Mhúinteoir le Coláiste na bhFiann ● Tuisceanach agus daonna agus i ngach cás déileála le Scoláirí, Cinnirí, Ardchinnirí, Cúntóirí Cistine, Múinteoirí eile agus leis an mBainisteoir. **Fostaíonn Coláiste na bhFiann Múinteoirí atá cáilithe de réir rialacha an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Is gá don Mhúinteoir teacht faoi cháilíocht ón liosta thíos:** 1. Oide bunscoile cáilithe le Gaeilge líofa; 2. Oide cáilithe a bhfuil an Teastas Gaeilge do Mhúinteoirí Iar-bhunscoile (TGMI) bainte amach aige/aici 3. Oide cáilithe le céim Ollscoile ina bhfuil an Ghaeilge mar cheann de na príomhábhair 4. Oide cáilithe le hardchumas sa Ghaeilge agus le hoiliúint chuí i modhanna múinte na Gaeilge
Bainisteoir	**Na freagrachtaí a bhaineann leis an bpost:** ● A bheith discréideach i gcónaí faoi gach rud a bhaineann leis an obair ag tabhairt rialacha cosaint sonraí mar a bhaineann le GDPR ● A bheith tuisceanach agus daonna ag déileáil le Scoláirí, Cinnirí, Ardchinnirí, Cúntóirí Cistine agus Múinteoirí ● Traenáil a chur ar an bhfoireann de réir na lámhleabhair chuí (Cinnirí, Ardchinnirí, Múinteoirí) ● A bheith freagrach as polasaithe agus rialacha Choláiste na bhFiann a chur i bhfeidhm ar an gcúrsa. Féach cód smachta / sábháilteacht / drochiompar / Cosaint leanaí / bulaíocht. (A chinntiú go bhfuil an fhoireann ar fad ar an eolas fúthu) ● Feasacht a chothú i leith obair na hEagraíochta m.sh. na Cúrsaí

	Samhraidh, Cumann na bhFiann, Ionad Óige na hÉireann, Imeachtaí deireadh seachtaine, srl. ag leibhéal áitiúil nó sa scoil ina bhfuil tú ag múineadh ● An oiread Seisiúin eolais (Na hAgallaimh) a dhéanamh agus is féidir ● A bheith eolach ar an Lámhleabhar, Plean an Chúrsa, Cód agus Eolaire an chúrsa roimh thús an Chúrsa ● An Clár Teagaisc agus Clár ama an Chúrsa a leanúint i gcónaí ● A chinntiú go bhfuil gach fearas a bheidh ag teastáil ar an gcúrsa agat roimh dhul chuig an Ionad ● Lán tacaíochta a thabhairt d'obair an Chumainn i rith an chúrsa agus do Chomhordaitheoir Chumann na bhFiann ● Gach treoir a leanúint ó thaobh buiséadaithe agus cuntais de. ● An oiread Scoláirí agus is féidir a mhealladh i dtreo na cinnireachta ach go háirithe ar chúrsaí Ros Muc ● A bheith i láthair don chúrsa ina iomláine, laethanta traenála (Cúrsa Cinnireachta, Seimineár na mBainisteoirí, Seimineár na Múinteoirí) agus príomhimeachtaí na hEagraíochta don bhliain ● A chinntiú nach bhfuil alcól / drugaí / toitíní / galtoitíní san ionad do thréimhse an chúrsa
Feighle	**Na freagrachtaí a bhaineann leis an bpost** ● Bainistíocht a dhéanamh ar an gClub ● An Eagraíocht a chur chun cinn sa cheantar ● Treoirlínte Lámhleabhar na bhFeighlithe a leanúint ● A bheith freagrach as aire na Scoláirí ● Riaracháin an Chlub ● Teagmháil leanúnach le tuismitheoirí sa cheantar (i dtéacs, nuachtlitir paróiste, páipéir nuachta, srl.) **Seo a leanas na príomhfhreagrachtaí atá ar an bhFeighlí:** 1. Freagrach as a bheith i láthair ag an gClub gach seachtain, ach amháin i gcás eisceachtúil, atá le bheith curtha in iúl don Oifigeach Iar-Aire/Meantóir agus do Thraic roimh ré. 2. Freastal a dhéanamh ar imeachtaí na bliana ar fad. 3. Is gá go mbeadh an Físeán “An Treo Ceart” feicthe ag gach Feighlí, agus an fhoirm dhearbhaithe a bheith sínithe, sula dtéann siad i mbun Scoláirí a stiúradh sa Chlub. 4. An Córas Sábháilteachta léite ag gach Feighlí roimh dhul i mbun Club a stiúradh. 5. Cigireacht slándála a dhéanamh ar an ionad go seachtainiúil. 6. An fógra ‘Ráiteas Um Chosaint Leanaí’ a chrochadh sa halla gach seachtain, gar don doras. 7. Clárúcháin ar líne go seachtainiúil ag tús an chlub (Gach Feighlí) 8. Tuairisciú a dhéanamh ar líne go seachtainiúil (Feighlí Ceannais amháin) 9. Tuairisc Leathbhliantúil & Foirm Éileamh Costais a líonadh. Ceann um Nollaig agus ceann ag deireadh na bliana agus na tuairiscí a sheoladh mar aon leis an rolla a bheith líonta ina iomláine. 10. Rialacha an Chlub agus caighdeán na heagraíochta a chur i bhfeidhm.

Cairt eagraíochtúil - Maorseacht agus tacaíocht

Cumann na bhFiann



Coláiste na bhFiann



Bíonn an DCA agus Leas-DCA na heagraíochta ar fáil i gcónaí mura bhfuil sé indéanta nó cuí labhairt leis an mBainisteoir Iar-Aire nó le Bainisteoir an Chúrsa. Cuirtear na sonraí teagmhála seo ar fáil do gach ball foirne.

Aguisín 7 - Polasaí Frithbhulaíochta

Polasaí Frithbhulaíochta

Réamhrá

Tá sé tábhachtach, agus eagraíocht ag plé le daoine óga, go bhfuil polasaí i bhfeidhm le déileáil le bulaíocht. Tuigtear an tionchar diúltach atá ag bulaíocht ar dhaoine óga, ar an bhfoireann agus ar reáchtáil seirbhísí. Cuireadh an Polasaí Frithbhulaíochta seo le chéile ag cruinnithe rialta de chuid Choláiste na bhFiann i rith na bliana 2004 – 2005. Déantar athbhreithniú ar an bPolasaí seo ar bhonn bliantúil.

Dlúthbhaint le hÉiteas comhbhách CNB

Tá sé mar sprioc ag an eagraíocht gach duine a chothú le go mbeidh ar a gcumas a bpoitéinseal a fhorbairt i dtimpeallacht ina ndéantar cúram díobh. Ní thagann iompar bulaíochta leis an éiteas sin toisc go mbíonn tionchar diúltach aige ar íospartaigh agus go mbaineann sé an bonn den chaighdeán ard a bhaineann le hobair na heagraíochta.

Aidhmeanna agus Cuspóirí

- Aird a tharraingt ar bhulaíocht mar chineál iompraíochta nach nglactar leis i measc foireann na heagraíochta, daoine óga agus tuismitheoirí/caomhnóirí.
- Éiteas na heagraíochta a bhunú a spreagfadh daoine óga chun insint faoi chásanna bulaíochta agus iad a phlé linn.
- Atmaisféar agus cultúr dearfach a chruthú atá dírithe ar mheas ar an duine aonair.
- Maoirseacht chuimsitheach a chur i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí uile na heagraíochta.
- Nósanna imeachta a fhorbairt chun cásanna bulaíochta a imscrúdú agus chun déileáil leo. Déanfar iniúchadh iomlán ar gach cás.
- Tacaíocht oiriúnach a thabhairt dóibh siúd atá faoi leatrom bulaíochta agus dóibh siúd atá páirteach ann.
- Traenáil a chur ar fáil dóibh siúd atá ag plé le cásanna bulaíochta.
- Measúnú a dhéanamh ar éifeacht pholasaí na heagraíochta agus athbhreithniú a dhéanamh air ar bhonn rialta.

Céard is bulaíocht ann?

Is éard is bulaíocht ann ná ionsaithe leanúnacha, bíodh siad ó bhéal, go síceolaíoch, nó go fisiceach, atá á stiúir ag duine amháin nó ag grúpa, in aghaidh daoine eile.

Cineálacha Éagsúla Bulaíochta

1. Bulaíocht Shóisialta - fágáil ar lár d'aon ghnó, béadán mailíseach, agus spochadh.
2. Cibearbhulaíocht
3. Bulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht - bulaíocht mar gheall ar inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, aois, míchumas, claonadh gnéis, cine, reiligiún, agus ballraíocht i ngrúpa faoi leith m.sh. an Lucht Siúil

Samplaí d'Iompar Bhulaíochta

- **Ionsaí fisiceach** – ag brú, ag dornáil, ag ciceáil, ag priocadh.
- **Sracaireacht** – éilimh ar airgead, éadaí, seoda, smideadh ar 'iasacht' óna chéile.
- **Imeaglú** – focail nó 'leagan na súl' a chuireann ionsaí in iúl.

- **Aonrú** – nuair a aonraítear duine/daoine áirithe d'aon ghnó.
- **Leasainmneacha maslacha** – ainmneacha a ghortaíonn nó a náiríonn duine.
- **Fonóid** – nuair a théann magadh thar fóir le ráitis phearsanta ar bhonn leanúnach i gcás duine faoi leith
- **Bulaíocht ar fhoireann na heagraíochta** – bulaíocht ar bhaill fhoirne trí ionsaí fisiceach, díobháil do shealúchas, tarcaisne ó bhéal, nó eile.
- **Iompar foirne** – Foireann na heagraíochta ag cur le bulaíocht an duine óig trí shearbhas nó trí chaint mhaslach nó aon chaint atá bagrach nó náireach.

Torthaí na Bulaíochta

Mar thoradh ar bhulaíocht ar dhuine, bíonn easpa iontaoibhe, dian-imní, soghontacht, athruithe aoibhe agus iompair agus dochar déanta dá bhféinmhuinín agus dá bhféinmheas. Ní foláir mar sin a bheith aireach faoi athruithe in iompar an duine. Bíonn gá le hidirghabháil chiallmhar agus tuisceanach.

Comharthaí a thugann le fios go bhfuil bulaíocht ar siúl

- Imní faoi dhul chuig ranganna / linn snámha / suanlios / cumann srl. Mífhonn nó diúltú dul chuig áit faoi leith.
- Ísliú ar chaighdeán oibre, laghdú díograise agus aire, agus laghdú suime.
- Pátrún breoiteachta fisiceach m.sh. tinneas cinn nó easpa goile.
- Athruithe gan mhíniú in aoibh nó iompar - tugtar iad seo faoi deara díreach roimh pé imeacht atá ina shuíomh bulaíochta don duine óg.
- Comharthaí infheicthe imní nó crá – stadaireacht, cúlú, tromluí, deacracht codlata, caoineadh, gan bheith ag ithe, caitheamh aníos, fliuchadh leapa, fonn imeachta ón gcúrsa, nó bogadh suímh.
- Caint neamhghnách ar siúl faoi dhuine óg nó faoi dhuine den fhoireann.
- Earraí ar iarraidh nó loite.
- Iarratais rialta ar airgead nó goid airgid, éadaí, smideadh, seoda.
- Mífhonn agus/nó diúltú labhairt faoina bhfuil ag goilliúint orthu.
- Duine óg ag lorg airde go minic.

Níl cruthú sna comharthaí seo iontu féin go bhfuil an duine óg faoi leatrom. D'fhéadfadh roinnt de na comharthaí thuas a bheith i gceist i gcás cumha i ndiaidh an bhaile nó iompar míchuí (Féach Polasaí um chosaint Leanaí). Má tharlaíonn siad go minic nó i gcomhair lena chéile, is cóir iniúchadh iomlán a dhéanamh orthu.

Saintréithe a bhaineann le hIompar Bulaíochta

Ní foláir do gach ball foirne a aithint gur féidir le haon duine óg a bheith faoi leatrom nó mar údar le hiompar bulaíochta. Cé nach nglactar le haon iompar bulaíochta, tá sé tábhachtach a aithint go bhfuil an bulaí chomh maith leis an íospartach ag lorg cúnaimh agus comhairle.

An tÍospartach – Is féidir le duine ar bith fulaingt de bharr bulaíochta.
An Bulaí – Tá sé le tabhairt faoi deara gur féidir le heaspa muiníne a bheith ag cur isteach ar bhulaithe chomh maith le féinmheas íseal. Is minic a dhéantar bulaíocht orthu siúd a chleachtann bulaíocht. Is maith leis an mbulaí go ndíreofaí aird orthu. Go minic is comhartha í an bhulaíocht go bhfuil cúnamh ón duine óg.
Cá dtarlaíonn Bulaíocht? Tarlaíonn bulaíocht go minic agus in aon áit a mbailítear daoine le chéile, i bpearsan nó ar líne. Tá sé ríthábhachtach go mbíonn maoirseacht chuí ann i gcónaí.

Nósanna imeachta chun lompair Bulaíochta a imscrúdú agus chun déileáil leis

- Déanfar gach iarracht eachtraí bulaíochta a sheachaint trí shúil ghéar a choinneáil ar iompar baill na heagraíochta agus déanfar idirghabháil dá réir. Spreagfar na daoine óga agus an fhoireann le heachtraí bulaíochta a nochtadh agus a phlé.
- Nuair a thuairiscítear bulaíocht, tugtar deis don duine an scéal a insint. Cuirtear iad ar a shuaimhneas le gur féidir an eachtra a fhiosrú ina iomláine. Labhraítear le gach duine a bhfuil baint aige leis an gcás.
- Déanfar iniúchadh iomlán ar an gcás agus déileálfar go cuí leis.
- Déanfar teagmháil leis an bhfoireann bhainistíochta chun tacaíocht a fháil agus chun cabhrú le cinneadh a dhéanamh.
- Rachfar i dteagmháil leis na tuismitheoirí ar an dá thaobh a luaithe agus is féidir. Tabharfar deis do na tuismitheoirí labhairt lena bpáiste.
- Tabharfar aire don dá pháirtí fad is atá an cás á phlé.
- Déanfar cinneadh bunaithe ar an bhfiosrúchán.
- Cuirfear tuairisc iomlán ar gach eachtra go dtí an Ardoifig.

Bealaí chun lompar Bulaíochta a sheachaint

- Cruthaítear atmaisféar a spreagann meas ar dhaoine eile.
- Taispeántar dea-shampla i gcónaí i measc na foirne.
- Ní ghlactar riamh le drochiompar ó aon duine.
- Cothaítear féinmheas i measc na ndaoine óga.
- Cruthaítear atmaisféar ina dtuigtear go bhfuil dualgas ar gach duine, cuma cén stádas atá acu, aon iompar míchuí a thuairisciú.

Cleachtais chun iompar bulaíochta a chosaint

- Cuirtear traenáil ar fáil do gach duine ar an bhfoireann. Cuirtear béim ar scileanna cumarsáide agus déantar ról imirt ar conas déileáil le suíomhanna bulaíochta. Baintear úsáid as modhanna éagsúla ar nós drámaíocht, ealaín agus ceardaíocht, ceol agus plé chun na scileanna seo a fhorbairt.
- Lorgaítear aiseolas, go foirmeálta agus go neamhfhoirmeálta, go rialta ón bhfoireann, ó thuismitheoirí agus ó dhaoine óga.

Róil agus Freagrachtaí
Déanfaidh an Coiste Bainistíochta agus foireann an Choláiste comhordúchán agus monatóireacht ar chur i bhfeidhm an pholasaí.
Feidhmeoidh an polasaí ó Shamhradh 2005 ar aghaidh.
Déanfar athbhreithniú ar fheidhm an pholasaí ar bhonn bliantúil
Dhaingnigh an Coiste Bainistíochta an polasaí go hoifigiúil ar an 25 Aibreán 2007.
Rinneadh athbhreithniú ar an bpolasaí ar an 13/03/2025 ag Caitríona Ní Cheallaigh (Príomhfheidhmeannach) agus Michelle Ní Ghialláin (DCA na hEagraíochta)

Aguisíní

Anti-bullying Procedures for Primary & Post-Primary Schools - September 2013

Uimhreacha teagmhála

Ainm	Suíomh Gréasáin	Fón	Cur síos
Barnardos	https://barnardos.ie/	01 453 0355	Works with vulnerable children and their families and campaigns for the rights of all children.
BeLongTo	https://www.belongto.org/	01 670 6223	Supports lesbian, gay, bisexual and trans young people in Ireland.
Facebook Bullying Prevention Hub	https://www.facebook.com/safety/bullying		
Hotline.ie Support	https://www.hotline.ie/		You can securely, confidentially and anonymously report suspected illegal content encountered online to Hotline.ie.
ISPCC /Childline	https://www.ispcc.ie/childline/	1800 66 66 66 (24 hrs) Text to 50101 (10am – 4am daily)	Ireland's 24-hour national listening service for all children and young people (under the age of 18) in Ireland.
Jigsaw	https://jigsaw.ie/		The National Centre for Youth Mental Health in Ireland
NPC	https://www.npc.ie/	01 887 4034	National Parent's Council
Ombudsman for Children's Office	https://www.oco.ie/	01 865 6800	A human rights institution and work to protect the rights of children and young people in Ireland.
Pieta House	https://www.pieta.ie/	Free 24/7 1800 247 247	Residential centre for the prevention of self-harm or suicide.
SpunOut	https://spunout.ie/	01 675 3554	Ireland's youth information website created by young people, for young people.
Teenline	https://www.ispcc.ie/teenline/	1800 833 634	A national active listening service for children and young people up to the age of 18 in Ireland.
Transgender Equality Network Ireland (TENI)	https://www.teni.ie/	01 873 3575	Seeks to improve conditions and advance the rights and equality of trans people and their families.

Aguisín 8 - Polasaí Gearána

Polasaí Gearána

Cuireann Coláiste agus Cumann na bhFiann fáilte roimh aiseolas ó bhaill foirne, oibrithe deonacha, tuismitheoirí agus daoine óga a úsáideann a gcuid seirbhísí. Tá aiseolas ríthábhachtach chun gach seirbhís amach anseo a phleanáil agus a fheabhsú. Déantar aon ghearáin a eascraíonn as aiseolas a bhainistiú ar bhealach cothrom agus trédhearcach, agus déileáiltear leo go héifeachtach, go cothrom, le meas agus faoi rún.

Iarrtar i gcóir aiseolas go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil le linn agus tar éis gach imeachta a eagraítear. Go minic, bíonn réiteach coimhlinta níos éifeachtaí de bharr an aiseolais seo toisc gur féidir déileáil le saincheisteanna go tráthúil sula ndéantar gearáin oifigiúla díobh. Cé go ndéileáiltear le gearáin ghinearálta tríd an bpolasaí gearána, leanfaidh gearáin de chineál cosanta leanaí nósanna imeachta an Pholasaí um Chosaint Leanaí. Is féidir gach aiseolas a dhéanamh trínár suirbhéanna iarchúrsa/club nó trí ríomhphost a sheoladh chuig eolas@cnb.ie.

Cé atá in ann gearán a dhéanamh?

Daoine óga, Tuismitheoirí nó caomhnóirí dlíthiúla, Oibrithe Deonacha, Fostaithe. Ní liosta iomlán é seo ach samplaí.

Gearáin fhoirmiúla

Ní mór gearáin fhoirmiúla a bheith faighte i scríbhinn – le litir (Ionad Óige na hÉireann, Droim Rí, Co. na Mí) nó trí ríomhphost a sheoladh (eolas@cnb.ie). Seolfar admháil go bhfuarthas an gearán laistigh de 10 lá oibre. Tabharfar fógra dóibh siúd a bhaineann leis an ngearán agus déanfar plean chun dul i ngleic leis an ngearán i measc na bainistíochta. Is an Bainisteoir líne a dhéileálfaidh le gearán oifigiúil. Má bhaineann an gearán le Bainisteoir líne san eagraíocht déileálfaidh an Príomhfheidhmeannach leis an ngearán. Má bhaineann an gearán leis an bPríomhfheidhmeannach, déantar an gearán le Cathaoirleach bhord na heagraíochta.

Róil agus Freagrachtaí
Déanfaidh an Coiste Bainistíochta agus foireann an Choláiste comhordúchán agus monatóireacht ar chur i bhfeidhm an pholasaí.
Déanfar athbhreithniú ar fheidhm an pholasaí ar bhonn bliantúil
Rinneadh athbhreithniú ar an bpolasaí ar an 10/03/2025 ag Caitríona Ní Cheallaigh (Príomhfheidhmeannach) agus Michelle Ní Ghialláin (DCA na hEagraíochta)

Polasaí Réiteach Coimhlintí

Aithníonn Coláiste na bhFiann an tábhacht atá le cumarsáid shláintiúil idir gach ball foirne ar chúrsa samhraidh. Cuireann seo go mór leis an méid a fhoghlaimíonn baill foirne le linn an chúrsa.

Tá sé riachtanach go dtuigfidh gach ball foirne go bhfuil córas tacaíochta ar fáil dóibh san eagraíocht i gcás coimhlint nó míshástacht m.sh.:

- Deacrachtaí déileáil lena Scoláirí faoina chúram
- Baill foirne nach bhfuil ag tarraingt lena chéile
- Ball foirne a shíleann go bhfuil an Bainisteoir ag déileáil leo i mbealach difriúil ó bhall foirne eile.
- Ball foirne atá mí shochair nó faoi bhrú le haon chuid den phost atá le déanamh acu srl.

Seo a leanas na céimeanna gur chóir do gach ball foirne a leanúint le déileáil le deacrachtaí a ardaíonn le linn cúrsa samhraidh Choláiste na bhFiann:

1. Chomh luath agus go n-aithnítear go bhfuil deacracht idir aon bheirt, is cóir dóibh an fhadhb a phlé lena chéile. Tá sé tábhachtach gan ligean d'fhadhbanna fás.
2. Mura n-éiríonn le seo, is cóir cúnamh an Bhainisteora a lorg leis an deacracht a réiteach.
3. Má tá fáth faoi leith nach féidir an fhadhb a phlé go díreach leis an mBainisteoir, tá leas D.C.A. ainmnithe le héisteacht leis an gcás. Déanfaidh an té seo teagmháil leis an gCoiste Bainistíochta.
4. Mura bhfuil réiteach sásúil ag aon bhall foirne tar éis an chéad iarracht, is gá seo a chur in iúl láithreach don duine cuí le gur féidir tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh.
5. Mura réitítear an fhadhb, tá sé tábhachtach é seo a chur in iúl do Michelle Ní Ghialláin ríomhphost a sheoladh chuici (faoi rún) michelle@cnb.ie chomh luath agus is féidir.
6. Déanfar measúnú iomlán ar an gcás, ag súil le réiteach a fháil.

Róil agus Freagrachtaí
Déanfaidh an Coiste Bainistíochta agus foireann an Choláiste comhordúchán agus monatóireacht ar chur i bhfeidhm an pholasaí.
Déanfar athbhreithniú ar fheidhm an pholasaí ar bhonn bliantúil
Rinneadh athbhreithniú ar an bpolasaí ar an 10/03/2025 ag Caitríona Ní Cheallaigh (Príomhfheidhmeannach) agus Michelle Ní Ghialláin (DCA na hEagraíochta)

Polasaí Eachtraí Criticiúla

Is í aidhm Choláiste na bhFiann ná sláinte na Scoláirí a chosaint trí thimpeallacht sábháilte agus cothaitheach a chur ar fáil i gcónaí. Tá Coláiste na bhFiann tar éis bearta a chur i bhfeidhm chun éiteas déileála, tacaíochta agus comhbhá a chruthú. Chomh maith, tá Coláiste na bhFiann tar éis roinnt polasaithe agus nósanna imeachta a fhoirmliú chun sábháilteacht fisiciúil agus síceolaíoch na Scoláirí agus an fhoireann araon a chinntiú i ngnáth rith an lae nó i gcás eachtra criticiúil. Déantar athbhreithniú orthu ar bhonn bliantúil.

Tógtar na polasaithe seo san áireamh:

- Polasaí Sláinte agus Sábháilteacht
- Polasaí Cosaint Leanaí
- Polasaí Frithbhulaíochta
- Cód Iompair

Sainmhíniú Eachtra Criticiúil

Aithníonn Coláiste na bhFiann gurb é míniú eachtra criticiúil ná “eachtra nó ord imeachtaí a chuireann isteach ar mheicníocht déileála an Choláiste, agus a chuireann isteach ar ghnáth rith an Choláiste.” D’fhéadfadh Scoláire, ball foirne, an Choláiste nó an pobal áitiúil a bheith bainteach in eachtra chriticiúil.

Samplaí d’eachtraí criticiúla

- Bás do bhall phobal an Choláiste, trí bhás tobann, timpiste, féinmharú nó tinneas.
- Timpiste tromchúiseach nó tragóid i bpobal an Choláiste.
- Damáiste tromchúiseach don Choláiste trí thine, thuile, loitiméireacht srl.
- Ball do Phobal an Choláiste ag imeacht gan rian.
- Ionsaí fisiceach ar bhall foirne nó ar Scoláire.
- Ionsaí ar an gColáiste.

Aidhm an phlean

Is í aidhm an Phlean Eachtra Chriticiúil i gcás d’aon eachtra mar atá luaite thuas, ná go gcabhródh an plean le baill foirne agus bainistíocht imoibriú go tapaidh agus go héifeachtach agus go mbeidís in ann smacht a choimeád ar an suíomh. Cabhróidh an phlean leis an gColáiste normalacht a thabhairt ar ais chomh luath agus gur féidir agus srian a chur le tionchar an eachtra ar bhaill foirne agus Scoláirí.

Coiste Bainistíochta ar Eachtra Criticiúla

Tá Coláiste na bhFiann tar éis Foireann Bainistíochta Eachtra Criticiúla a chur le chéile leis na pearsanra seo a leanas:

- Bainisteoir an Chúrsa
- Múinteoir Ainmnithe
- DCA na hEagraíochta
- Príomhfheidhmeannach

Is féidir leis an gCoiste Bainistíochta Eachtra Criticiúla baill foirne eile/saineolaithe a chomhthogha chun cabhair a thabhairt dóibh, má mheasann siad go bhfuil sé ag teastáil.

Oibreoidh Bainisteoir an Chúrsa mar threoraí foirne. Is an Múinteoir ainmnithe a ghlacfaidh an ról seo mura féidir leis an mBainisteoir.

Feidhm an Treoraí Foirne

- Bíonn ar an treoraí foirne gach ball foirne a chur ar an eolas faoi aon ghéarchéim agus eagraíonn siad cruinniú don fhoireann ar fad.
- Comhordaíonn agus leagann siad amach tascanna do na baill foirne eile.
- Comhoibríonn siad leis an mBord Bainistíochta agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, más cuí.
- Comhoibríonn siad leis an teaghlach/teaghlaigh, má bhaineann sé le Scoláire/Scoláirí ar an gcúrsa.

Réimse eile freagrachta, gur féidir leis an Treoraí Foirne a scaipeadh idir bhaill foirne eile ná:

- Teagmháil a dhéanamh le seirbhísí éigeandála.
- Labhairt le agus treoir a thabhairt don fhoireann ag tabhairt aird ar a mhothúcháin agus imní.
- Feitheoireacht a eagrú ar Scoláirí an Choláiste.
- An fhoireann a choimeád suas chun dáta ar eolas / forbairt / dul chun cinn.
- Bualadh le Scoláirí chun iad a chur ar an eolas faoin suíomh.
- Aire a thabhairt do Mhúinteoirí / Ardchinnirí / Cinnirí / Scoláirí leochaileacha.
- Comhoibriú le gníomhaireachtaí seachtracha ó thaobh tacaíocht agus aththreorú.
- Ag bualadh le tuismitheoirí go haonarach nó grúpaí do thuismitheoirí.
- Tar éis do dhuine bás a fháil, bheadh ar an Treoraí Foirne cuairt a thabhairt ar an teaghlach nó ar theaghlach gar dóibh nó bainteach leis an eachtra.
- Preas ráiteas a ullmhú agus comhoibriú leis na meáin i gcomhpháirt leis an gCoiste Bainistíochta ar Eachtra Criticiúla.
- Seomra Teagmhais a eagrú.

Taifead a choimeád

Beidh ar gach ball foirne taifead scríofa a choimeád d'aon glaochanna gutháin, litreacha, cruinnithe idirghabháil srl.

Rúndacht

Tá an Coláiste comhfhiosach dá chuid freagrachtaí chun príomháideacht agus ainm maith na ndaoine bainteach le haon eachtra a chosaint agus beidh siad goilliúnach do thoradh aon ráitis phoiblí.

Róil agus Freagrachtaí
Déanfaidh an Coiste Bainistíochta agus foireann an Choláiste comhordúchán agus monatóireacht ar chur i bhfeidhm an pholasaí.
Déanfar athbhreithniú ar fheidhm an pholasaí ar bhonn bliantúil
Rinneadh athbhreithniú ar an bpolasaí ar an 10/03/2025 ag Caitríona Ní Cheallaigh (Príomhfheidhmeannach) agus Michelle Ní Ghialláin (DCA na hEagraíochta)

Le Líonadh agus le crochadh san oifig

Plean Bainistíochta Eachtra criticiúil	
Ionad	
Bainisteoir an Chúrsa	
Múinteoir Ainmnithe	
Príomhfheidhmeannach	Caitríona Ní Cheallaigh
DCA na hEagraíochta	Michelle Ní Ghialláin

Is féidir leis an gCoiste Bainistíochta Eachtra Criticiúla baill foirne eile a chomhthogha chun cabhair a thabhairt dóibh, má mheasann siad go bhfuil sé ag teastáil.

Uimhreacha Teagmhála Éigeandála	
Gardaí	**112 / 999**
Otharcharr	**112 / 999**
Ospidéal	
Dochtúir	
Sagart	
Briogáid Dóiteáin	**112 / 999**
Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán	**1890 383 000**

Uimhreacha eile atá úsáideach	
Tusla (áit cónaí an Scoláire)	**01 771 8500**
Barnardos	**01 453 0355**
Samaritans	**116 123**
Childline / ISPCC	**1800 66 66 66**
Parentline	**(01) 873 3500**
Aware	**1800 80 48 48**
Rainbows	**01 473 4175**
Pieta House	**1800 247 247**
Belong2	**01 670 6223**

Le líonadh amach sa chás go bhfuil eachtra

Gníomhaíochtaí Gearrthéarmach & Príomh tascanna

Tasc	**Ainm**
Eolas cruinn a bhailiú	
Déan teagmháil leis na gníomhaireactaí cuí	
Cruinniú a eagrú leis na príomh baill foirne	
Eagraigh feitheoireacht na Scoláirí	
Cruinniú foirne a eagrú	
Clár ama an lae a eagrú	
Tabhair eolas do na tuismitheoirí	
Tabhair eolas do na Scoláirí	
I gcás báis, déan teagmháil leis an teaghlach	
Is gá tuismitheoirí na Scoláirí ar fad a choinneáil ar an eolas roimh aon phlé leis na meáin	
Plé leis na meáin (I gcomhairle leis an gCoiste Bainistíochta ar Eachtra Criticiúla)	

Tá ról lárnach ag an Ardoifig i ngach eachtra chriticiúil.

Gníomhaíochtaí Meán théarmach & Príomh-tascanna
24 – 72 UAIR

Tasc	Ainm
Léirmheas a dhéanamh ar an gcéad 24 uair	
Tacaíocht a eagrú d'aonaraigh/do ghrúpaí/do thuismitheoirí /do Scoláirí/do Mhúinteoirí	
Athchomhlánú a phleanáil do bhaill foirne agus Scoláirí	
Cuairt a eagrú orthu siúd atá gortaithe, más cuí	
Comhoibrigh le teaghlaigh ó thaobh socraithe sochraide de	
Bheith i láthair agus bheith páirteach ag an sochraid.	

TAR ÉIS 72 UAIR

Tasc	Ainm
Monatóireacht a dhéanamh ar na Scoláirí ó thaobh baol strus leanúnach	
Freagairt an eachtra a mheas agus leasaigh an Plean Eachtra Criticiúla, más gá.	
Pleanáil foirmeálta don todhchaí	
Baill foirne nua agus Scoláirí a chur ar an eolas faoi	

An Cód Iompair

Aithníonn Coláiste na bhFiann an dushlán atá ar an eagraíocht i leith sláinte agus folláine an duine óig. Tá sé tábhachtach go mbeadh polasaí ann chun deileáil le drochiompar mar threoir do Scoláirí agus don fhoireann. Cuireadh an polasaí seo le chéile ag cruinnithe rialta de chuid Choláiste na bhFiann i rith na bliana 2008-2009. Déantar athbhreithniú air ar bhonn bliantúil.

Gaolmhaireacht le Sainmheon Féiniúlachta an Choláiste

Meon a bheith ann gach duine a chothú le go mbeidh ar siad ábalta barr a gcumais a bhaint amach, i dtimpeallacht ina ndéantar cúram dóibh. Ní thagann drochiompar leis an sainmheon sin, mar go mbaineann sé an bonn de chaighdeán agus go mbíonn tionchar diúltach aige ar gach duine.

Bealaí chun Drochiompar a sheachaint

- Déantar gach iarracht i gColáiste na bhFiann timpeallacht a chothú a spreagann meas ar dhaoine eile.
- Leagtar an-bhéim ar aithne, féinmheas agus rannpháirtíocht na Scoláirí go rialta ar na cúrsaí.
- Leagtar béim ar chlár ama a sholáthraíonn deiseanna do na Scoláirí a bheith ghníomhach an t-am ar fad.
- Taispeánann na Cinnirí, na hArdchinnirí, na Múinteoirí agus an Bainisteoir dea-shampla i gcónaí.
- Labhraíonn an Bainisteoir go rialta i rith an chúrsa faoi chaighdeán iompair atá inghlactha agus do-ghlactha.
- Crochtar na rialacha éagsúla timpeall an Choláiste agus cuirtear na rialacha gcuimhne do gach duine go rialta.
- Cuirtear córas cinnireachta i bhfeidhm a thugann deis do na Scoláirí meas a léiriú ar a chéile agus a thugann freagrachtaí dóibh.
- Moltar iarrachtaí na Scoláirí i gcónaí agus tugtar aitheantas dá réir.

Na Saghsanna Drochiompair

Ní liosta iomlán é seo, ach samplaí de dhrochiompar.

A. Caitheamh Toitíní/Galtoitíní - Tá cosc iomlán ar thoitíní/galtoitíní a bheith ina seilbh nó a úsáid ar an gcúrsa.
B. Drugaí/Alcól - Tá cosc iomlán ar dhrugaí nó alcól a bheith ina seilbh nó a úsáid ar an gcúrsa.
C. Fón/Fearais teicneolaíochta/Ríomhairí - Ní cheadaítear d'aon Scoláire fón/Fearais teicneolaíochta/Ríomhairí a bheith ina seilbh nó a úsáid ag am ar bith agus iad faoi chúram Choláiste na bhFiann. (Féach polasaí fón)
D. Drochiompar (samplaí)
    - Drochtheanga
    - Drochmheas a léiriú ar a chéile agus ar an bhfoireann
    - Aisfhreagairt(í)
    - Bia a chaitheamh sa bhialann/sa teach
    - Damáiste do throscán/graifítí
    - A bheith in aon áit gan cead
    - A bheith imithe ón imeacht atá ar siúl gan cead
    - Dímheas ar rialacha agus ar chóras Choláiste na bhFiann
    - Ag baint mí-úsáide as ceamraí

- Iompar garbh
- Pleidhcíocht sa bhialann, sna suanliosanna, sa teach
- Searbhas
- Neamhaird
- Imeacht i lár na hoíche ó na tithe sa Ghaeltacht nó ón gColáiste Cónaithe.
- Éalú ó shuanlios/ó theach amháin go suanlios/teach eile
- Imeacht ó limistear an Choláiste gan cead.
- Goid
- Ithe sa Suanlios. Níl cead bia sa suanlios nó sa seomra codlata sa teach.
- Drochiompar leanúnach vs uair amháin
- Ionsaí fisiceach ar bhall foirne nó ar Scoláire eile
- Béarla
- Damáiste a dhéanamh d'fhearas/trealamh an choláiste nó Scoláire eile.
- Aon drochiompar eile a chuireann isteach ar dhuine nó ar rith an chúrsa.

E. Bulaíocht - Féach Polasaí Frithbhulaíochta

Céimeanna chun drochiompar a imscrúdú agus chun déileáil leis

Seo a leanas na céimeanna a ghlactar i gcás drochiompair.

1. Déanta iniúchadh ar an eachtra.
2. Labhraítear leis an Scoláire/Scoláirí agus tugtar rabhadh ó bhéal dó/dí.
3. Glaotar ar an tuismitheoir chun tuairisc a thabhairt dóibh ar an eachtra.
4. Tugtar deis don Scoláire labhairt leis an tuismitheoir faoin a gcuid iompar.
5. Má leanann an drochiompar ar aghaidh, déantar cinneadh an Scoláire a dhíbirt.
6. **Díbirt Láithreach**
   - Caitheamh Toitíní/Gaoiltoitiní nó iad ina sheilbh
   - Drugaí
   - Alcól
   - Ealú ó lóistín go lóistín eile
   - Imeacht ón lóistín i lár na hoíche nó aon áit i limistear an Choláiste ag am ar bith, gan cead.
   - Ag baint mí-úsáide as aerasól agus as fearas slandála agus tine
   - Ag cur sláinte agus sabháilteacht Scoláire eile i mbaol
   - Béarla (de réir na rialacha)
   - Goid
7. I gcásanna díbeartha, rachaidh an Bainisteoir i dteagmháil láithreach leis an gCoiste Bainistíochta.
   - Tabharfar deis ceart don Scoláire a t(h)aobh féin den scéal a chur in iúl sula ndéanfar an cinneadh.
   - Rachfar i gcomhairle le tuismitheoir/caomhnóir an Scoláire roimh ré agus tabharfar deis don Scoláire labhairt leo.
   - Is féidir leis an tuismitheoir/caomhnóir achomharc a dhéanamh leis an gcoiste achomhairc.
   - Cuirfear an cinneadh díbeartha in iúl le daonnacht agus le tuiscint don Scoláire agus dá t(h)uistí/c(h)aomhnóirí.
   - Bíonn leabhar Drochiompair ar gach cúrsa. Coinneofar taifead cruinn do gach eachtra.

Riail an Bhéarla

Riail B: Má labhraíonn Scoláire Béarla de thimpiste tabharfar rabhadh dó/di. Cuirfear seo in iúl dá thuismitheoirí/tuismitheoirí. Má labhraíonn an Scoláire Béarla arís ní bheidh de rogha againn ach é/í a chur abhaile. Ní cheadófar labhairt i mBéarla d'aon ghnó ar chor ar bith áfach agus má bheirtear ar Scoláire ag labhairt i mBéarla d'aon ghnó beidh air/uirthi dul abhaile gan rabhadh agus ní aisíocfar aon airgead.

Cur i bhfeidhm Riail B:

1. Coimeádtar taifead leanúnach sa leabhar Béarla ar aon Bhéarla a labhraíonn an Scoláire i rith an chúrsa.
2. Bíonn comhrá faoi agus mínítear dóibh go mbeidh cuntas faoin mBéarla á chlárú sa Leabhar Béarla.
3. Labhraíonn an Bainisteoir le gach duine atá cláraithe sa Leabhar Béarla go haonarach ag am faoi leith gach lá.
4. Tugtar Cárta Buí d'aon Scoláire a mheasann an Bainisteoir nach bhfuil ag déanamh iarrachta de réir a gcumas agus cuirtear iad ar an bhfón lena tuismitheoirí. Más beirt Scoláire ag labhairt Béarla le chéile atá ann is cárta buí láithreach atá ann.
5. Mínítear don Scoláire na céimeanna eile atá ann - cárta dearg agus glaoch abhaile arís.
6. Má tharlaíonn sé go labhraíonn an Scoláire Béarla arís, tugtar cárta dearg dóibh. Glaoitear abhaile ag tabhairt rabhadh agus deis don tuismitheoir labhairt leis an Scoláire.
7. Díbrítear an Scoláire má labhraítear Béarla i ndiaidh sin.
8. Déantar socrúcháin taisteal leis an tuismitheoir.
9. Leantar an próiseas achomharc, má lorgaítear é.

Mar threoir, beidh an córas seo a leanas i bhfeidhm:

- Cárta Buí agus Glaoch abhaile
- Cárta Dearg agus Glaoch abhaile le rabhadh
- Díbirt (má labhraíonn Scoláire Béarla arís)

Treoracha i leith díbeartha ó chúrsa

1. Scarann tú na Scoláirí i gcás comhrá.
2. Tabhair deis dóibh an comhrá a bhí ar siúl acu a scríobh síos. Má tá sé soiléir go raibh comhrá ar siúl, is gá iad a chur ar chárta buí.
3. Cad is comhrá ann? - Beirt go bhfuil teagmháil chainte eatarthu, d'aon saghas. In aon chás go bhfuil neamhchinnteacht ann is fearr glaoch ar Caitríona Ní Cheallaigh chun é a phlé.
4. Má tá duine sa leabhar Béarla cúpla uair, abair leo nach bhfuil iarracht á déanamh aige/aici agus cuir iad ar an bhfón le tuismitheoir ag an bpointe sin. (Cárta buí)
5. Mínítear don Scoláire na céimeanna eile atá ann - cárta dearg agus glaoch abhaile arís.
6. Má tharlaíonn sé go labhraíonn an Scoláire Béarla arís, tugtar cárta dearg dóibh. Glaoitear abhaile ag tabhairt rabhadh agus deis don tuismitheoir labhairt leis an Scoláire.
7. Díbrítear an Scoláire má labhraítear Béarla arís i ndiaidh sin.
8. Ná hiarr ar an Scoláire aon cháipéis a shíniú.
9. Cinntigh nach gcuirtear focail i mbéal an Scoláire.

10. Socraigh go mbeidh deartháir/deirfiúr/cara leo, má theastaíonn a leithéid de dhuine uathu.
11. Sa chás go bhfuil an Scoláire á dhíbirt, tabhair cead dóibh dul ar ais chuig na Scoláirí más mian leo (faoi dhiscréid an Bhainisteora). Mura dteastaíonn uathu, déan cinnte go bhfaigheann siad béile te.
12. Is faoin mBainisteoir i gcomhairle le Caitríona Ní Cheallaigh atá sé breithiúnas a dhéanamh ar gach cás Béarla. Ní chóir é a phlé le haon bhall foirne.

Sa chás go labhraíonn Scoláire Béarla, chomh fada agus is féidir, tabhair aird ar na céimeanna seo a leanas:

1. Fág duine tuisceanach leis an Scoláire i gcónaí le labhairt leo.
2. Nuair atá sé soiléir i dtaobh na habairte atá ráite ag an Scoláire agus socruithe déanta faoi dhul abhaile, is féidir leis an Scoláire béilí a ithe sa bhialann/sa teach más mian leo.
3. Sa chás go mbíonn ar bhéile a thabhairt go dtí seomra foirne déan cinnte go mbíonn sé te.
4. Má tá an aimsir go deas, tabhair deis don Scoláire dul amach i gcóir aer.
5. Má tá cara leis an Scoláire nó duine eile ón gclann ar an gcúrsa iarr ar an Scoláire an bhfuil siad ag iarraidh go mbeidh an cara nó deirfiúr/deartháir leo.

I ngach cás bí chomh deas agus is féidir. Ná tosaigh ag argóint riamh leis na tuismitheoirí. Sa chás go ndiúltaíonn na tuismitheoirí teacht chun an Scoláire a bhailiú, is gá don Bhainisteoir a mhíniú dóibh nach mbeidh an Scoláire ag glacadh páirte in aon imeachtaí an chúrsa.

Córas Díbeartha

- Beidh beirt d´fhoireann an chúrsa i láthair i gcónaí nuair atá an scéal á fhiosrú agus páirteach i ngach cinneadh faoin Scoláire a dhíbirt.
- Cuirfear in iúl don Scoláire go bhfuil sé curtha ina leith go bhfuil sárú déanta acu ar na rialacha. Mineofar na rialacha atá i gceist agus na himpleachtaí a ghabann leis an sárú.
- Cinnteofar go dtuigeann an Scoláire ábhar an ghearáin a bhí á dhéanamh.
- I ngach cás, tabharfar deis cheart don Scoláire a taobh den scéal a chur in iúl, sula ndéantar an cinneadh an Scoláire a dhíbirt. Tá cead labhairt i mBéarla más fearr leo sin.
- Rachfar i gcomhairle le tuismitheoir/caomhnóir an Scoláire roimh ré agus tabharfar deis don Scoláire labhairt lena dtuistmitheoir/caomhnóir.
- Is féidir leis an tuismitheoir/caomhnóir an scéal a phlé leis an mBainisteoir.
- Cuirfear an cinneadh díbeartha in iúl le daonnacht agus le tuiscint don Scoláire agus dá dtuismitheoirí.
- Déanfar socraithe taistil leis an tuismitheoir in oiriúint don dá pháirtí. Bíodh teagmháil díreach idir an tuismitheoir agus an Scoláire faoi.
- Is gá don Bhainisteoir a chur in iúl don tuismitheoir go bhfuil córas achomhairc i bhfeidhm i gColáiste na bhFiann. Caithfidh an tuismitheoir achomharc a lorg sula bhfágann an Scoláire an coláiste.
- Sa chás nach féidir le tuismitheoir teacht láithreach chun é/í a bhailiú, is fearr é/í a mhealladh le dul ar ais chuig na Scoláirí eile ag an bpointe sin go dtí go dtagann an tuismitheoir, fhad is go bhfuil an Bainisteoir cinnte nach labhróidh siad Béarla arís nó nach gcuirfidh siad isteach ar Scoláirí eile.

Córas Achomhairc na hEagraíochta

- Cuireann an tuismitheoir glaoch ar an gCoiste achomhairc.
- Tugtar éisteacht iomlán don tuismitheoir.
- Cuireann duine den Choiste Achomhairc glaoch ar Bhainisteoir an chúrsa agus ar aon duine eile a bhí páirteach sa chinneadh. Lorgaítear tuairisc scríofa iomlán ar an gcás. Iarrtar ar an mBainisteoir an fhoirm comhlánaithe a sheoladh ar aghaidh chuige.
- Tá beirt ar a laghad den choiste ag teastáil le cinneadh a dhéanamh.
- Pléitear an cás ina iomláine agus cinntíonn an coiste achomhairc gur leanadh an próiseas go hiomlán agus i mbealach cothrom ó thús go deireadh.
- Cuirtear glaoch ar Bhainisteoir an chúrsa agus ar an tuismitheoir leis an gcinneadh.
- Má tá athrú ar an gcinneadh, tabhair rogha don Bhainisteoir an cinneadh a chur in iúl don tuismitheoir.

N.B. Má tá aithne pearsanta ag duine den choiste ar an gclann/tuismitheoir, is gá é sin a chur in iúl agus seasamh siar ón gcinneadh.

Michelle Ní Ghialláin	086 3577886
Traic Ó Braonáin	087 6993439
Barra Mac Thiarnáin	087 9882180

Róil agus Freagrachtaí
Déanfaidh an Coiste Bainistíochta agus foireann an Choláiste comhordúchán agus monatóireacht ar chur i bhfeidhm an pholasaí.
Feidhmeoidh an polasaí ó Shamhradh 2005 ar aghaidh.
Déanfar athbhreithniú ar fheidhm an pholasaí ar bhonn bliantúil
Dhaingnigh an Coiste Bainistíochta an polasaí go hoifigiúil ar an 25 Aibreán 2007.
Rinneadh athbhreithniú ar an bpolasaí ar an 13/03/2025 ag Caitríona Ní Cheallaigh (Príomhfheidhmeannach) agus Michelle Ní Ghialláin (DCA na hEagraíochta)

Polasaí i leith Fóin

Réamhrá
Aithníonn Coláiste na bhFiann an tábhacht a bhaineann le polasaí a chur i bhfeidhm ó thaobh fóin de ar mhaithe le sláinte agus sábháilteacht. Cuireadh an polasaí seo le chéile ag cruinniú de chuid Choláiste an bhFiann i rith na bliana 2004-2005. Déantar athbhreithniú air ar bhonn bliantúil.

Nósanna Imeachta
Ní cheadaítear d'aon Scoláire fón a bheith ina seilbh, nó a úsáid ag am ar bith agus iad faoi chúram Choláiste na bhFiann. Tá an riail seo i bhfeidhm do gach Scoláire agus Cinnire ar an gcúrsa. Iarrtar ar thuismitheoirí dul i bpáirtnéireacht leis an eagraíocht an pholasaí seo a chur i bhfeidhm.

Cuirtear an riail seo in iúl do thuismitheoirí agus do Scoláirí ag an gcruinniú eolais roimh dhul ar an gcúrsa agus sa cháipéisíocht réamhchúrsa. Sa chás go dteastaíonn ó Scoláire teagmháil phráinneach a dhéanamh le tuismitheoir, tugtar deis dó/di fón an Choláiste a úsáid. Is féidir le tuismitheoir socrú a dhéanamh leis an mBainisteoir, ag am atá oiriúnach, glaoch a chur ar a páiste. Ceadaítear glaoch abhaile ar an Domhnach dóibh siúd nach bhfuil ag dul amach ar chuairt. Is gá é seo a bheith réamhshocruithe.

Róil agus Freagrachtaí
Déanfaidh an Coiste Bainistíochta agus foireann an Choláiste comhordúchán agus monatóireacht ar chur i bhfeidhm an pholasaí.
Feidhmeoidh an polasaí ó Shamhradh 2005 ar aghaidh.
Déanfar athbhreithniú ar fheidhm an pholasaí ar bhonn bliantúil
Dhaingnigh an Coiste Bainistíochta an polasaí go hoifigiúil ar an 25 Aibreán 2007.
Rinneadh athbhreithniú ar an bpolasaí ar an 13/03/2025 ag Caitríona Ní Cheallaigh (Príomhfheidhmeannach) agus Michelle Ní Ghialláin (DCA na hEagraíochta)

Cuairt an Chigire

Réasúnaíocht

Tugann cigireachtaí ar chúrsaí Gaeilge léargas seachtrach ar obair an choláiste. Dearbhaíonn na tuairiscí cigireachta na cleachtais sin a bhfuil ag éirí go maith leo agus tugann siad treoir do lucht an choláiste Ghaeilge agus iad ag iarraidh a gcuid cúrsaí a fheabhsú agus a fhorbairt go leanúnach. Éascaíonn cinntí na dtuairiscí dul chun cinn agus cur i bhfeidhm athruithe sna cúrsaí a sholáthraíonn coláistí Gaeilge. Tá treoir agus tacaíocht le fáil do gach coláiste sna cinntí agus sna moltaí a thugtar sna tuairiscí cigireachta. Is féidir leas a bhaint astu sin, mar aon le próisis féinmheastóireachta an choláiste féin, le féachaint an bhfuil siad ag teacht le breithiúnas lucht an choláiste féin maidir le láidreachtaí a gcúrsaí Gaeilge agus tosaíochtaí ó thaobh feabhsaithe de.

Is iad na cuspóirí atá le cigireacht ar chúrsaí Gaeilge ná:

- monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe sna cúrsaí Gaeilge
- monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht eispéiris na scoláirí ar theanga agus cultúr na Gaeilge
- monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta
- comhairle a chur ar phríomhoidí, oidí agus coistí stiúrtha na gcoláistí Gaeilge maidir le cáilíocht an oideachais sna cúrsaí aonair a sholáthraíonn siad.

Bíonn na cigireachtaí ar chúrsaí Gaeilge dírithe ar thrí ghné den soláthar oideachais agus de thaithí na scoláirí:

- cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe
- cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta.
- cáilíocht eispéiris na scoláirí ar theanga agus ar chultúr na Gaeilge

Déantar gach cigireacht de chuid na Roinne Oideachais de réir Cód Cleachtais don Chigireacht (2015) 2 agus de réir nósanna imeachta a comhaontaíodh leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

I measc na ngníomhaíochtaí cigireachta atá ann, bíonn breathnóireacht ar cheachtanna sna seomraí ranga, breathnóireacht ar shampla de ghníomhaíochtaí teanga agus cultúrtha, cruinnithe, athbhreithniú ar dhoiciméid agus soláthar aiseolais. Déantar grúpa fócais lena Scoláirí áit a bhaillítear aiseolas uathu ar gach gné den chúrsa. Is gá don Príomhóide nó Múinteoir ainmnithe suí isteach ar an ngrúpa lena Scoláirí.

Cruinnithe iarmheastóireachta

Tugtar aiseolas agus bíonn comhphlé i ngach cás ina mbreathnaítear an fhoghlaim agus an teagasc i rang foirmeálta na maidine. Tar éis na breathnóireachta ranga, tugtar aiseolas ó bhéal do Mhúinteoirí aonair ag am comhaontaithe. Chomh maith leis sin, ag deireadh na cigireachta, casann cigirí leis an bpríomhoide agus/nó le duine atá ainmnithe ag an bpríomhoide. Is é cuspóir an chruinnithe seo ná plé gairmiúil a bheith ann maidir le cáilíocht an tsoláthair i gcoitinne. Déanann cigirí cinntí na meastóireachta a chur in iúl, an dul chun cinn atá déanta maidir le moltaí a d'éirigh as an gcigireacht deiridh a rinneadh san áireamh más ábhartha. Tugtar comhairle i dtaobh gníomhartha eile a bhfuil gá leo chun dul i ngleic leis na moltaí, de réir mar is cuí.

Cuairt an Chigire

Dáta an Chigireacht	
Ainm an Chigire	

Ar cuireadh na rudaí seo a leanas ar fáil?	✔	X
Plean an Chúrsa		
Ráiteas um Chosaint Leanaí		
Teastas Árachais		
Rollaí		
Polasaí frithbhulaíochta		
Plean ceachta		
Ráiteas Sláinte & Sábháilteachta		

	✔	X
Ar míníodh an struchtúr traenála? Bainisteoirí, Múinteoirí, Cinnirí		
An bhfuil aon rud eile nár tugadh duit?		

Moltaí a rinne an Chigire

Síniú an Bhainisteora	
Síniú an Chigire	
Dáta	

An Curaclam

Clár na nÁbhar

1. Réamhrá
2. Treoracha Ginearálta an Mhúinteora
3. Clár Oibre an Chúrsa
4. An Cur Chuig Cumarsáideach
5. Fráma Tagartha
6. Plean Ceachta - Nodanna
7. Plean an Churaclaim
8. Na hEisleamáirtí Teanga (Feidhmeanna)
9. Ról an Mhúinteora sa Chur Chuige Cumarsáideach
10. Ról an Scoláire sa Chur Chuige Cumarsáideach
11. Modhanna Múinte & Teagasc trí ghníomhaíocht
12. Measúnú
13. Timpeallacht an Choláiste
14. Gramadach

Aguisíní

Réamhrá

Baintear úsáid as an gcur chuige cumarsáideach mar phríomhmhodh múinte i ngach ceacht agus rang ar chúrsaí trí seachtaine agus cúrsaí coicíse Coláiste na bhFiann. (Tréimhse Réamhchumarsáide, Tréimhse Chumarsáide agus Tréimhse Iarchumarsáide) Maireann gach rang 40 nóiméad agus ullmhaíonn agus múineann gach Múinteoir ceacht amháin in aghaidh an lae do dhaoine óga idir 10 - 18.

Na Ranganna

1. **Rang Oidhreachta** – Ardófar feasacht ar chúrsaí cultúrtha na tíre trí mheán scéalaíochta, filíochta, béaloidis, seanfhocal, nathanna cainte agus amhránaíochta.
2. **Rang Shaibhreas Teanga** - Múinfear feidhmeanna teanga, nathanna cainte, struchtúr abairte agus stór focal tríd an gcur chuige cumarsáideach sa rang seo ag baint úsáide as na téamaí atá spéisiúil leis an Scoláire , bainteach lena s(h)aol agus leis na daoine a ndéanann sé /sí teagmháil leo. Roghnófar go leor topaicí as na téamaí agus leathnófar na topaicí chun suim na Scoláirí a mhuscailt.
3. **Rang Fhorbairt Teanga** - Déanfar forleathnú ar théamaí éagsúla mar a bhaineann le saol na Scoláirí – Caitheamh Aimsire, An Scoil, An Córas Oideachais, An Timpeallacht, An Ghaeilge srl.
4. **Rang Fheasacht Teanga** – Forbrófar stór focal i réimsí comhaimseartha. Ardófar feasacht faoi struchtúr na teanga go ginearálta i gcomhthéasc na cumarsáide agus ar bhonn comhtháite leis na téamaí éagsúla mar a bhaineann le saol na scoláirí.

Líonann gach Múinteoir plean ceachta caighdeánach gach lá le béim ar chuspóirí sainiúla. Líonann gach Múinteoir foirm mheasúnaithe chaighdéanach do gach rang le cur san fhillteán ‘Cuntas an Ranga’. Is fearr na foirmeacha a choinneáil le chéile de réir ábhair. Is gá go mbeadh seanfhocail agus nathanna cainte feiceálach i dtimpeallacht gach coláiste. Is gá úsáid a bhaint as na háiseanna múinteoireachta molta. Is faoi dhiscréid an Bhainisteora an córas measúnaithe a chur i bhfeidhm.

Socrú na Ranganna

Socraítear na ranganna de réir na gcritéar seo a leanas:

- Aois na Scoláirí
- Cothromaíocht ó thaobh buachaillí agus cailíní
- Cothromaíocht ó thaobh Iarscoláirí agus Scoláirí nua sa chóras
- Leibhéal agus caighdeán Gaeilge na scoláirí, bunaithe ar thoradh na réamh-agallamh

Eagraítear na ranganna i gceithre sheisiún. 150 nóiméad san iomlán in aghaidh an lae. Aistrítear na Múinteoirí ó rang go rang gach lá. Sa chaoi seo bíonn éagsúlacht stíleanna teagaisc ag na scoláirí, le linn an chúrsa.

Treoracha Ginearálta an Mhúinteora

- Bíonn 4 cheacht le múineadh gach lá ag baint úsáid as stór focal leathan (Oidhreacht, Saibhreas Teanga, Forbairt Teanga, agus Feasacht Teanga)
- Plean ceachta amháin le n-ullmhú gach lá ag gach Múinteoir. (Múineann siad an ceacht céanna faoi 4 gach lá. Tá teimpléad réamhullmhaithe le n-úsáid)
- Maireann gach rang 40 nóiméad – Bíodh sprioc foghlamtha iomlán soiléir do gach Scoláire ag tús gach ranga.
- Beidh cóipleabhar “Taifead na mBotún Coitianta” ag gach Múinteoir. Coinneoidh gach Múinteoir taifead i ngach rang ar na botúin coitianta. Déantar plé don chúig nóiméad deireanach de gach rang ag dul siar ar na botúin choitianta. Déanfar plé ar na botúin seo ag Cruinniú na Múinteoirí gach lá. Ceartóidh an Bainisteoir agus na Múinteoirí na botúin seo go rialta i rith an lae. Beidh rang amháin ag deireadh na seachtaine bunaithe ar dhul siar ar na botúin seo.
- Tá an-bhéim ar an gCur Chuige Cumarsáideach agus ar úsáid fearais. Leagtar béim shuntasach ar Ghaeilge labhartha idir chruinneas, saibhreas agus líofacht. Bainfear úsáid as Modh an Staighre chun línte na n-amhrán srl. a mhúineadh. Ní gá na focail a scríobh amach ar phóstaeir do na Scoláirí. Tá sé tábhachtach go bhfoghlaimeoidh na Scoláirí de ghlanmheabhair agus ón gcluas seachas ón bhfocal scríofa. Cuirtear an-bhéim ar Scoláirí ag úsáid abairtí iomlána mar fhreagraí seachas focal amháin no dhá cheann.
- Moltar go mbeidh clár fógraí nó cúinne faoi leith curtha ar fáil i ngach seomra ranga le haghaidh gach snáithe den churaclam – Oidhreacht, Saibhreas Teanga, Forbairt Teanga, agus Feasacht Teanga. Má tá aon fhearais faoi leith de dhíth ní gá ach é a chur in iúl don Bhainisteoir.
- Díreofar aird na Scoláirí go rialta ar nathanna agus seanfhocail an lae.
- I ndiaidh na ranganna líontar an fhoirm mheasúnaithe agus cuirtear é san fhillteán de réir ábhair atá fágtha in áit lárnach san oifig.
- Úsáideann an Múinteoir atá i gceannas ar na rollaí an fhoirm seo chun an rolla a líonadh.
- Tá gach Múinteoir freagrach as a nótaí ceachta féin. Tá 4 fhillteán ann: Oidhreacht, Saibhreas Teanga, Forbairt Teanga, agus Feasacht Teanga agus coinnítear na pleananna ceachta agus na foirmeacha measúnaithe san fhillteán de réir an ábhair.
- Tá pleanáil an-tábhachtach. Is gá go mbeadh cruinniú 10-20 nóiméad ar a laghad idir na Múinteoirí ar fad gach lá.
- Beidh gach Múinteoir i gceannas ar rang amháin (Ceannasaí Ranga) ó thús an chúrsa mar chuid den mheasúnú. (Féach nótaí ar mheasúnú). Bíodh ainm na gCeannasaithe crochta ar an mballa.

Clár Oibre an Chúrsa

Réamhrá

Leanfar le Plean an Chúrsa mar atá in úsáid ag Coláiste na bhFiann. Bainfear úsáid as stór fearais, áiseanna múinteoireachta móide acmhainní curaclaim chun clár oibre an chúrsa a chur i bhfeidhm idir imeachtaí maidine, imeachtaí iarnóna agus imeachtaí oíche. Múinfear sraith ceachtanna beaga atá réitithe againn féin agus atá in oiriúint do chúrsa Riail A agus cúrsa Riail B. Bainfear leas as réimse modhanna múinte agus stráitéisí ag leagan béime ach go háirithe ar an gcur chuige cumarsáideach. Leagfar béim ar chomhthathú agus measúnú le linn an chúrsa.

Imeachtaí Maidine

Beidh ceithre rang ar siúl gach maidin:-

Rang Oidhreachta - Ardófar feasacht ar chúrsaí cultúrtha na tíre trí mhéan na scéalaíochta, na fílíochta, an bhéaloidis, na seanfhocal, nathanna cainte agus na hamhránaíochta.

Rang Shaibhreas Teanga - Múinfear feidhmeanna teanga, nathanna cainte, struchtúr abairte agus foclóir tríd an gcur chuige cumarsáideach sa rang seo ag baint úsáide as na téamaí atá spéisiúil leis an Scoláire, bainteach lena s(h)aol agus leis na daoine a dhéanann sé /sí teagmháil leo. Roghnófar go leor topaicí as na téamaí agus leathnófar na topaicí chun suim na Scoláirí a mhuscailt.

Rang Fhorbairt Teanga - Déanfar forleathnú ar théamaí éagsúla mar a bhaineann le saol na Scoláirí - Caitheamh Aimsire, An Scoil, An Córas Oideachais, An Timpeallacht, An Ghaeilge srl.

Rang Fheasacht Teanga - Forbrófar stór focal i réimsí comhaimseartha. Ardófar feasacht ar struchtúir na teanga go ginearálta i gcomhthéasc na cumarsáide agus ar bhonn comhtháite leis na téamaí éagsúla mar a bhaineann le saol na Scoláirí.

Leagfar síos plean do thréimshe an chúrsa chun an churaclam a chlúdach. Socrófar cruinnithe pleanála leis na Múinteoirí gach lá chun athbhreithniú a dheánamh ar dhul chun cinn. Líonfar pleananna ceachta gach lá do gach rang chun taifead a choinneáil agus caighdeán a mheas.

Imeachtaí Iarnóna

Réachtáilfear grúpaí sainspéise, cluichí páirce, cluichí boird, snámh, cleachtadh drámaíochta agus scoraíochta san iarnóin.

Imeachtaí Oíche

Tionólfar céilí agus claisceadail, comórtais scoraíochta agus amhránaíochta maraon le Tráth na gCeist agus díospóireachtaí san oíche.

Cuirfidh an fhoireann Riail an Bhéarla i bhfeidhm le linn imeachtaí maidine, iarnóna agus oíche ag an bhfoireann. Déantar na rialacha seo a mhíniú go soiléir do na Scoláirí agus do na tuismitheoirí ag an réamhagallamh, ar na foirmeacha cuí agus ón gcéad lá den chúrsa.

An Cur Chuige Cumarsáideach

I gColáiste na bhFiann baintear úsáid as an gcur chuige cumarsáideach. Mar sin bíonn an bhéim ar an gcumarsáid idirghníomhach i ngach gné den mhúineadh agus den fhoghlaim, ar na róil a bheidh ag daoine i suímh áirithe agus ar an gcumarsáid a bheith chomh nádúrtha agus is féidir. Sa chuí seo baineann an Scoláire i bhfad níos mó tairbhe as ceacht ina mbíonn siad gníomhach. Le linn an cheachta bíonn fadhb éigin le réiteach aige nó aici seachas a bheith ag aithris agus ag athrá an t-am go léir. Socraíonn an Múinteoir go mbeidh gá ag an Scoláire le heolas éigin a fháil nó a thabhairt do dhuine eile. Nuair a bhíonn an Scoláire ag malartú eolais bíonn fíorchumarsáid ar siúl aige/aici.

Ní gá go mbeadh an teanga an-chasta ach ba cheart di a bheith nádúrtha agus is leor an freagra gairid.

Déantar iarracht sa cheacht Gaeilge cumas chumarsáide an Scoláire a fhorbairt ar chontanam ó ionchur theanga an mhúinteora go dtí idirghníomhú sóisialta an Scoláire. Roinntear an ceacht ar thrí thréimhse teagaisc agus foghlama:

- An tréimhse réamhchumarsáide
- An tréimhse chumarsáide
- An tréimhse iarchumarsáide.

1. Ciallaíonn ‘réamhchumarsáid’ go bhfuil an teanga socraithe cuid mhaith ag an Múinteoir ach go bhfuil siad ag iarraidh an Scoláire a réiteach chun na cumarsáide. Bíonn ceangal díreach idir an teanga a mhúintear sa tréimhse seo agus an teanga a bheidh le húsáid ag an Scoláire sa chéad tréimhse eile, an tréimhse chumarsáide. Téann an Múinteoir ar aghaidh chomh tapa agus is féidir go dtí an tréimhse chumarsáide chun go bhfeicfidh an Scoláire gur féidir úsáid a bhaint as an teanga. Is féidir tuilleadh cleachtaidh a dhéanamh sa tréimhse iarchumarsáide más gá.

Ag tús an cheachta is féidir leis an Múinteoir an t-ionchur teanga a dhéanamh taitneamhach agus spreagúil le gníomhaíochtaí nó cluiche. Ní cóir don Mhúinteoir an chaint go léir a dhéanamh, fiú sa tréimhse seo. Déantar gníomhaíochtaí cosúil le foghlaim stóir focal nua trí scéal, trí agallamh taifeadta nó i bhfoirm dráma agus trí imirt chluichí struchtúrtha.

Sa Tréimhse Réamhchumarsáide, baintear úsáid as Modh an Staighre agus na modhanna seo a leanas :

- An Modh Díreach
- Modh na Sraithe
- Modh an lán-fhreagartha gníomhaí
- An Modh Closlabhartha
- An Modh Closamhairc
- Modh na Ráite

* Féach cur síos agus míniú na modhanna múinte.

Is iondúil go mbíonn an tréimhse réamhchumarsáide ag tús an cheachta, ach ar ndóigh b’fhéidir go gcaithfeadh an Múinteoir ionchur teanga a dhéanamh go minic i rith an cheachta. Tá modhanna múinte difriúla ann, agus moltar gan cloí le haon cheann amháin ach éagsúlacht a bheith sa chaoi a dtugann an Múinteoir faoi na ceachtanna. Is

féidir leis an Múinteoir an Modh Díreach le bréagáin nó an Modh Closlabhartha le taifeadadh nó scéal le pictiúir a úsáid chun an t-ábhar nua a mhúineadh.

2. Ansin, gan rómhoill, cruthaíonn an Múinteoir gá le húsáid na teanga chun cumas cumarsáide an Scoláire a fhorbairt agus chun seans a thabhairt dó/di teanga nua a chruthú dó/di féin. Déantar é seo trí úsáid a bhaint as gníomhaíochtaí cumarsáide—tascanna, fadhbanna le réiteach, cluichí cumarsáide, bearna le líonadh in agallamh taifeadta, imirt i róil, ag déanamh drámaí.

3. Tar éis don Scoláire bheith ag éisteacht agus ag labhairt le Scoláire nó le Scoláirí eile i rith na tréimhse cumarsáide, tugtar seans dó/di dul siar ar theanga an cheachta trí ghníomhaíochtaí iarchumarsáide. Déantar anailís ar an teanga i gceacht ar fheasacht teanga, cleachtaítear gramadach a bheadh úsáideach arís, déantar tasc eile chun traschur scileanna agus eolais a thaispeáint agus a threisiú, úsáidtear an teanga chéanna i suíomh nua, cantar amhrán nó tugtar tomhas ina bhfuil cuid den teanga chéanna in úsáid.

***‘Idirtheanga’ an Scoláire a thugtar ar an teanga a bhíonn ag fás agus ag forbairt le linn na foghlama. Tá difríochtaí idir chaint nádúrtha, an chainteora líofa agus idirtheanga an Scoláire. Go hiondúil bíonn gramadach na cainte nádúrtha cruinn go leor ach ní bhíonn comhréir na hidirtheanga ceart i gcónaí. Nuair a bhíonn cluiche nó tasc cumarsáideach ar siúl úsáideann an Scoláire an teanga atá ar a c(h)umas ag an am, agus má bhíonn an teachtaireacht soiléir ní cheartaítear an teanga go dtí an tréimhse iarchumarsáide.

Is ar an Scoláire féin agus ar na riachtanais teanga atá aige/aici agus ar a c(h)uid ábhar spéise atá an phríomhbhéim sa chur chuige a úsáideann an Múinteoir. Cuirtear béim ar thaitneamhacht an ábhair theagaisc agus ar an gcaoi a gcoinneoidh sé seo an Scoláire gafa le linn na foghlama. Tugtar aird faoi leith ar úsáid na teanga chun cumarsáid a dhéanamh, agus cruthóidh an Múinteoir comhthéacsanna ina mbeidh gá ag an Scoláire an Ghaeilge a úsáid chun tasc a chur i gcrích. Cuireann cur chuige cumarsáideach béim ar úsáid na teanga chomh luath agus chomh minic agus is féidir i rith an cheachta. Cuireann tascanna, cluichí teanga agus comhthéacsanna taitneamhacha a chruthaíonn an Múinteoir ar chumas an Scoláire cumarsáid a dhéanamh. Bíonn an bhéim ar sprioc chumarsáideach a bheith ag gach cuid den cheacht. Cé go mbíonn athrá agus druileanna ar siúl ag na Scoláirí bíonn a fhios acu go bhfuil siad ag cleachtadh chun cumarsáid a dhéanamh ina dhiaidh sin sa cheacht. Chomh fada agus is féidir bíonn cumarsáid ar siúl idir na Scoláirí i ngach ceacht. Mar sin féin bíonn sprioc na fíorchumarsáide ag an Múinteoir maidir leis na Scoláirí i gcónaí.

Níl sna liostaí gníomhaíochtaí a mholtar anseo ach samplaí. Déantar cur síos ar shaintréithe gach tréimhse foghlama agus ar na modhanna múinte agus na straitéisí foghlama is fearr a fheileann do gach ceann acu sa fhráma tagartha seo. Is féidir iad a léiriú ar chontanam cumarsáide, mar atá thíos. Cé go bhfuil siad léirithe i gcontanam leanúnach anseo ní gá go mbeadh na trí thréimhse ar siúl as a chéile gach lá.

Fráma Tagartha

Tréimhse	Saintréithe	Modh Múinte/Straitéisí	Eagar an Ranga	Idirghníomhnú
Tréimhse réamhchumarsáide Spéis sa teanga agus tuiscint na teanga á cothú	**1.Spreagadh** Múscailt suime **2.Ionchur teanga** **3.Cleachtadh** Stór focal/Ceisteanna agus freagraí/Aithris agus athrá/Druileanna Agallaimh faoi threoir/Cluichí struchtúrtha/Cumarsáid faoi threoir scéil	Modh na lánfhreagartha gníomhaí An Modh Díreach An Modh Closamhairc An Modh Closlabhartha Modh na Ráite Modh na Sráithe	An rang go léir An grúpa ina dhá leath Obair bheirte Grupaí beaga	Múinteoir & na scoláirí Scoláirí & an Múinteoir Scoláirí & Scoláirí Scoláire & Scoláire
Tréimhse chumarsáide Úsáid na teanga á cothú	**4.Úsáid na teanga** Comhlíonadh na bhfeidhmeanna teanga Cumarsáid faoi threoir áirithe ach saoirse úsáide chomh fada agus is féidir Gníomhaíochtaí chun an bhearna eolais a shárú agus chun eolas a roinnt ar a chéile	Agallaimh le bearnaí Tascanna Cluichí cumarsáide Drámaí Sceitsí Gníomhaíochtaí Plé, Díospóireachtaí, Tráth na gCeist	Obair bheirte Obair ghrúpa	Scoláire & Scoláire Scoláire & Scoláirí
Tréimhse iarchumarsáide Tuiscint á daingniú agus an teanga á húsáid	**5.Féachaint siar agus ar aghaidh** Cleachtaí gramadaí Aithris agus athrá Fuaimeanna nó focail dheacra Traschur eolais le tasc nó cluiche nua i suíomh eile Féachaint ar aghaidh	Tascanna anailíse Cluichí gramadaí Ceartú botún a rinneadh le linn na cumarsáide trí dhruileanna	Obair ranga Obair ghrúpa Obair bheirte	Múinteoir & Scoláirí Scoláire & Scoláirí Scoláire & Scoláire

An Cur Chuige Cumarsáideach

1. **An Tréimhse Réamhchumarsáide**	**Druileanna agus athrá** Ag baint úsáide as na modhanna múinte éagsúla **Ag tabhairt an Teanga** a bheidh le húsáid ag an Scoláire sa chéad tréimhse eile (Eiseamláir teanga, foclóirín agus nathanna cainte)
2. **An Tréimhse Chumarsáide**	**Tá sprioc leis!** Tá béim iomlán ar na Scoláirí a chur ag saor-chaint sa tréimhse seo ag baint úsáide as obair bheirte, obair ghrúpa, cluichí teanga, tascanna cainte srl. An Múinteoir ag dul thart ó ghrúpa go grúpa ag cabhrú agus ag cinntiú go bhfuil gach Scoláire rannpháirteach sa chumarsáid. Déanann an Múinteoir taifead ar na botúin choitianta a dhéantar sa tréimhse seo ina c(h)óipleabhar.**Cluichí, Dráma, Agallamh, Díospóireacht**
3. An Tréimhse Iarchumarsáide	**Ceartú na mbotún coitianta** Déan mioncheacht ar bhotún amháin sa tréimhse seo ag baint usáide as cluichí rithime teangan, cleachtaí gramadaí, amhránaíocht srl. Is féidir leis an Múinteoir plean ceachta nua a dhréachtadh don chéad lá eile bunaithe ar na botúin choitianta a aithníodh sa tréimhse chumarsáide

Plean Ceachta - Nodanna

Rang	
Téama	
Tréimhse Ama	
Lá & Dáta	

Spriocanna Foghlama: Ba chóir go gcuirfí ar chumas an Scoláire : ** Cad ba mhaith leat a bheith ar eolas ag na Scoláirí ag deireadh an ranga?*
Eiseamláirí Teanga/scileanna/foscileanna: **Cad iad na nathanna cainte, frásaí, feidhmeanna teanga, an stór focal, seanfhocail, briathra, srl. a mhúinfidh tú sa rang seo?* **Cinntigh go bhfuil réimse éagsúla comhthéacsanna ann do gach eismealáir teanga m.sh.* An bhfuil cead agam dul go dtí an leithreas? An bhfuil cead agam leabhar a fháil?
Áiseanna/acmhainní: ** Cé na háiseanna / acmhainní teagaisc a mbainfear úsáid astu sa cheacht seo?*

Cur chuige - na trí thréimhse ceachta

An tréimhse réamhchumarsáide
(Modhanna/Straitéisí/Gníomhaíochtaí foghlama) **Druileanna agus Athrá ag baint úsáide as na modhanna múinte éagsúla* **Ag tabhairt an teanga (eiseamláirí teanga, stór focal agus nathanna cainte) a bheidh le h-úsáid ag an Scoláire sa chéad tréimhse eile.*
An tréimhse chumarsáide
(Modhanna/Straitéisí/Gníomhaíochtaí foghlama) m.sh. Agallaimh Beirte, Drámaíocht, Díospóireachtaí
An tréimhse iarchumarsáide
(Modhanna/Straitéisí/Gníomhaíochtaí foghlama) **Straitéisí chun na botúin choitianta a cheartú: Cluichí Rithime Teanga, Cluichí Gramadaí srl.*
Nascáil & Comhtháthú
**Ceangail ábhar an cheachta le téama eile an chúrsa agus le gnáthshaol laethúil an choláiste*

PLEAN CEACHTA

Rang	
Téama	
Tréimhse ama	
Lá & Dáta	

Intinní Foghlama - Ba chóir go gcuirfí ar chumas an Scoláire

Áiseanna / acmhainní

Struchtúr / Gníomhaíochtaí - leagan amach, Modhanna múinte, srl.

Tréimhse larchumarsáide - Botún, nascadh le foghlaim eile, measúnaithe don fhoghlaim

Plean an Churaclaim (Samplach-Forbairt)

Dé Luain	Dé Máirt	Dé Céadaoin	Déardaoin	Dé hAoine	Dé Sathairn	Dé Domhnaigh
Mé Féin	Mé Féin Cur síos Baill an Choirp	An Chlann & an Teaghlach	Mo Cheantar & Mo Scoil	Na Tíortha	Bia & Béiltí	----------
Ceol, Spórt	Caitheamh Aimsire	An Aimsir	Ócáidí Speisialta Na Míonna Na Séasúir (Ráithí na bliana)	Laethanta Saoire	Na Meáin Chumarsáide	----------
Tá coras oideachais an-mhaith againn sa tír seo	Saol na hOibre	Tá féiníomhá an-tábhachtach do dheagóirí an lae inniu	Cluastuiscint	An Ghaeilge agus Todhchaí na Gaeilge	Dul Siar	----------

Plean an Churaclaim

Dé Luain	Dé Máirt	Dé Céadaoin	Déardaoin	Dé hAoine	Dé Sathairn	Dé Domhnaigh

Na hEisleamáirí Teanga (Feidhmeanna)

Bíonn gach duine ag iarraidh é/í féin a chur in iúl trí rudaí a rá agus trí éisteacht le daoine eile. Tugtar 'feidhm theanga' ar an úsáid a bhaineann duine as an teanga chun cuspóir éigin cumarsáide a bhaint amach, mar shampla chun é/í féin a chur in aithne do dhuine eile nó chun ceist a chur air/uirthi nó chun freagra a thabhairt. Bíonn duine ag comhlíonadh feidhmeanna teanga nuair a bhíonn an chumarsáid sin ar siúl.

Is féidir feidhm amháin a chomhlíonadh trí úsáid a bhaint as eiseamláirí difriúla teanga, mar shampla 'Ní maith liom borgairí!' nó 'Is fuath liom borgairí!' nó 'Tá an ghráin agam ar bhorgairí!' Úsáidtear eiseamláirí éagsúla freisin ag brath ar chuspóir agus ar ról an chainteora agus ar an suíomh ina bhfuil siad. (Traschur ó théama go téama, mar shampla - Tá an ghráin agam ar bhorgairí/an clár teilifíse sin Aifric/an dath buí 7rl) Is féidir leis an Scoláire na feidhmeanna teanga a chomhlíonadh ní hamháin i suíomh réalaíoch sa seomra ranga ach freisin i suíomh insamhlaithe, cuir i gcás i róil difriúla agus i ndrámaíocht.

Ról an Mhúinteora sa Chur Chuige Cumarsáideach

Tuigimid i gColáiste na bhFiann go bhfuil athrú ar ról an Mhúinteora i gceacht cumarsáideach. Ní cóir don Mhúinteoir an chaint go léir a dhéanamh le linn an cheachta. Mar sin féin bíonn gá fós le hionchar teanga ón Múinteoir agus le stiúir uaidh/uaithi go háirithe ag tús an cheachta. Nuair a bhíonn na Scoláirí ag déanamh cumarsáide, bíonn an Múinteoir ag éisteacht agus ag soláthar freagra nó focail dóibh. Ní mholtar cur isteach ar chaint agus ar chumarsáid chun na Scoláirí a cheartú, nuair a bhíonn na Scoláirí ag caint lena chéile. Bíonn nóta á dhéanamh ag an Múinteoir de na botúin is coitianta a chloisfidh siad agus is féidir iad a cheartú níos déanaí sa thréimhse chumarsáide, ach ní le linn na cumarsáide.

Feileann modhanna áirithe do thréimhsí éagsúla an cheachta agus bíodh an Múinteoir ag smaoineamh ar bhealaí foghlama an Scoláire aonair agus ar an éagsúlacht cumais atá sa rang. Caithfidh na Scoláirí a bheith gníomhach le linn na foghlama agus cuirfear béim ar fhoghlaim trí na céadfaí go léir. Pé acu modh a úsáideann an Múinteoir is í an Ghaeilge an meán teagaisc chun an stór focal agus eiseamláirí na bhfeidhmeanna teanga a mhíniú.

Baineann an Múinteoir úsáid as straitéisí difriúla agus as comhthéascanna éagsúla chun suim na Scoláirí a choinneáil sa cheacht Gaeilge. Is é an cuspóir a bhíonn ag an Múinteoir do ghach ceacht ná go mbeidh na Scoláirí in ann úsáid éigin a bhaint as an teanga i gcomhthéacs a thaitníonn leo. 'Sé sin páirt a ghlacadh i gníomhaíochtaí cumarsáide chomh minic agus is féidir. Is iad na straitéisí is coitianta a úsáidtear ná:

1. Agallamh mar ionchur agus mar dheis ar aschur - imirt i róil
2. Tascanna
3. Cluichí Teanga & Tráth na gCeist
4. Drámaíocht
5. Físeáin
6. Scéalaíocht, Filíocht agus Amhráin
7. Rabhlóga, tomhais, seanfhocail
8. Cuir i láthair
9. Sleamhnáin/íomhánna ar an scáileán bán
10. Íomhánna srl. ón Idirlíon

Ról an Scoláire sa Chur Chuige Cumarsáideach

Ag tús an cheachta, bíonn an Scoláire páirteach le gach duine eile sa rang ag déanamh aithrise ar theanga an Mhúinteora agus ag cleachtadh na teanga chun go mbeidh siad in ann úsáid a bhaint aisti ar ball. De réir mar a théann an ceacht ar aghaidh bíonn níos mó cainte á déanamh ag na Scoláirí ná ag an Múinteoir. Bíonn béim ar ghníomhaíochtaí, ar chluichí teanga nó ar thascanna le déanamh. Bíonn an rang roinnte ó am go ham i mbeirteanna nó i ngrúpaí. Is é an buntáiste is mó atá ag obair bheirte nó obair ghrúpaí ná go mbíonn seans ag gach duine sa rang ceisteanna a chur agus a fhreagairt, an teanga a chleachtadh agus í a labhairt, agus teanga nuafhoghlamtha a thriail go neamhfhoirmeálta.

Tuigimid an tábhacht a ghabhann le béim a chur ar ionchur shaibhreas teanga ón Múinteoir i bhfoirm rannta, amhráin, drámaí beaga, gníomhaíochtaí coirp, cluichí teanga agus súgradh d'aon sórt.

Modhanna Múinte

Modh an Staighre

(Obair Ionduchtach agus Dhéaduchtach)

In aon rang bíonn staighre de chumas éisteachta (nó aithrise) i measc na bhfoghlaimeoirí a ghrádaíonn a gcumas foghlama.

1. An-mhaith
2. Maith
3. Measartha
4. Lag
5. An-lag

Socraíodh an Múinteoir an rang sa chaoi is go mbeidh Scoláirí aonair ó Ghrúpaí 1, 2 agus 3 suite in áiteanna difriúla ar fud an tseomra le go mbeidh ar chumas gach Scoláire eile iad a chloisteáil go héasca. Bídís measctha le Scoláirí ó Ghrúpaí 4 agus 5. Ná bíodh Scoláirí ó Ghrúpaí 4 agus 5 ina suí de réir na nGrúpaí sin ach bídís scaipthe thall is abhus ar fud an tseomra.

An Obair Ionduchtach

Déanadh an Múinteoir an geáitse cuí má chreideann sé go gcabhródh an geáitse sin leis na foghlaimeoirí chun an abairt a thuiscint. **Abradh an Múinteoir an abairt uair amháin.** Cuireadh sé ar bheirt nó ar thriúr as Grúpa 1 an abairt a rá ina nduine is ina nduine. (Más léir nach bhfuil ar chumas aon duine as Grúpa 1 an abairt a rá caithfidh an Múinteoir an abairt a rá arís. Más léir tar éis cúpla iarracht den chineál seo nach bhfuil ar chumas aon duine de na foghlaimeoirí i nGrúpa 1 an abairt a rá fós is amhlaidh go bhfuil an abairt rófhada nó róchasta dóibh. Sa chás sin moltar an abairt sin a bhriseadh ina píosaí beaga agus ansin dul ar aghaidh leis an abairt ina hiomláine). I gcás go n-éiríonn le foghlaimeoirí ó Ghrúpa 1 an abairt a rá i gceart cuireadh an Múinteoir ar bheirt nó ar thriúr as Grúpa 2 í a rá. Má éiríonn leo siúd í a rá i gceart déanadh sé amhlaidh le roinnt foghlaimeoirí as Grúpaí 3, 4, agus 5.

N.B. Tugadh sé aird ar urlabhraíocht agus ar fhoghraíocht gach Scoláire , á gceartú go tuisceanach nuair is gá.

I gcás go dteipeann ar fhormhór na Scoláirí as aon ghrúpa ar leibhéal ar bith den staighre an abairt a rá, tosaíodh an Múinteoir arís ag barr an staighre agus faigheadh sé na hiarrachtaí ó gach leibhéal anuas. Leanadh an Múinteoir de seo nó go mbeidh iarrachtaí cloiste aige ón leibhéal is ísle. A luaithe a bhíonn an Múinteoir sásta go bhfuil iarrachtaí fónta déanta ag roinnt éigin Scoláirí as gach grúpa ó gach leibhéal den staighre cumais, daingníodh sé an próiseas foghlama trína chur ar gach Scoláire sa rang an abairt a rá le chéile cúpla uair nó trí, i.e. an abairt a chomhfhoghlaim.

Sa tslí seo beidh an abairt cloiste go minic ag gach foghlaimeoir sa rang agus cloiste ó ghuthanna difriúla. Beidh sí cloiste i bhfad níos minice óna gcomhaoisigh ná ón Múinteoir, rud atá tábhachtach, mar gur mó go mór a labhróidh siad leosan ná leis an Múinteoir i ngnáthchaidreamh taobh amuigh agus taobh istigh den scoil. Beidh a n-aird dírithe ar an rithim agus ar an bhfoghraíocht ó bheith ag éisteacht le pé ceartúchán tuisceanach a bheidh déanta ag an Múinteoir le linn na druileála ar gach leibhéal den staighre cumais. Ní bheifear ag cur lagmhisnigh ar lucht an lag-chumais éisteachta trína bheith ag iarraidh orthu an chéad aithris a dhéanamh. Beifear ag cothú na géaréisteachta agus ag tathú na n-iarrachtaí aithrise aonair ina n-iarrachtaí ranga mar bhunchloch don chomhobair. Beifear ag spáráil ghlór an Mhúinteora. Fásfaidh luas nádúrtha faoin bpróiséas foghlama.

Tá luas ríthábhachtach don obair ranga. Má láimhseálann an Múinteoir Modh an Staighre i gceart ar an luas cuí ní thabharfaidh na foghlaimeoirí faoi deara cé hiad lucht na lagéisteachta thar lucht na géaréisteachta. Má bhíonn an Oiliúint Ionduchtach déanta go maith beidh misneach ag lucht na lagéisteachta chun iarrachtaí a dhéanamh ar fhreagraí a thabhairt le linn don Obair Dhéaduchtach a bheith ar siúl.

An Modh Díreach

Is modh éifeachtach é an modh díreach chun cumarsáid a chur ar siúl idir an Múinteoir agus na scoláirí. Sa tréimhse réamhchumarsáide úsáideann an Múinteoir na rudaí/fearais iad féin, mar shampla fearais spóirt, bia, troscán agus pictiúir de rudaí taobh amuigh den seomra ranga. Is féidir é seo a dhéanamh aon uair a mbeadh gá leis i rith an cheachta.

Modh na Sraithe

Leathnú ar an modh díreach atá sa mhodh seo. Ceanglaítear sraith abairtí le chéile i bhfoirm scéil agus léiritear iad le pictiúir nó le gníomhartha. Úsáidtear scéal leanúnach sa tréimhse réamhchumarsáide chun cabhrú leis an Scoláire cuimhneamh ar na briathra. Ceanglaítear gníomh nó pictiúr le gach briathar chun é a mhiniú.

Is féidir sraith pictiúr a insíonn scéal a úsáid nó treoracha in ord, mar shampla chun meaisín a oibriú, glaoch gutháin a dhéanamh nó sailéid a ullmhú. Tugann an modh seo muinín don Scoláire mar go mbíonn ionchur faoi leith sa tsraith briathra. Maidir leis na feidhmeanna teanga cuireann siad ar chumas an Scoláire cur síos a dhéanamh agus scéal a insint agus labhairt faoin am atá caite nó le teacht. Múintear comharthaí dioscúrsa freisin: ‘ar dtús’, ‘ansin’ agus ‘faoi dheireadh’.

Modh an Lánfhreagartha Gníomhaí

Tá an modh seo cosúil leis an modh díreach ach amháin go bhfuil sé teoranta do ghníomhartha fisiceacha. Úsáidtear an modh seo chun brú a bhíonn ar fhoghlaimeoirí

áirithe a laghdú agus chun go mbainfidís taitneamh as an gceacht teanga. Bíonn aithris agus athrá ar chaint an Mhúinteora, cosúil le tús ceachta ar an Modh Díreach. Déantar ceangal in intinn an Scoláire idir an gníomh agus an focal nó an frása a fhreagraíonn dó. Déanann an Múinteoir iarracht smaoineamh ar threoracha oiriúnacha. Nuair a bhraitheann an Múinteoir go bhfuil an Scoláire réidh tosaíonn an Scoláire ag úsáid na teanga chun treoracha a thabhairt do na Scoláirí eile. Go bunúsach, is féidir baill choirp an Scoláire a úsáid chun gníomhartha agus brí na mbriathra a mhúineadh.

An Modh Closlabhartha

Agallamh mar ionchur. Is é an bealach a gcuirtear an modh seo i bhfeidhm ná agallamh taifeadta a sheinm nó an Múinteoir a bheith á aithris chun scileanna éisteachta agus cainte an Scoláire a fhorbairt. Is sa tréimhse réamhchumarsáide a d'úsáidfeadh an Múinteoir é, agus ceartóidh siad caint an Scoláire de réir mar is gá. Ní gá mar sin féin go mbeadh an aithris agus an t-athrá foirfe nó go mbeadh focail an agallaimh de ghlanmheabhair. Ach chun an fócas a chur ar an gcumarsáid is féidir úsáid a bhaint as an gcaint san agallamh i gcomhthéacs eile arís.

I gcomhthéacs na cumarsáide, má úsáideann an Múinteoir taifeadadh nó físeán ullmhaíonn siad an stór focal, na frásaí nó struchtúir áirithe roimh é a sheinm. Cuireann an Múinteoir ceist sula n-éistear leis an taifeadadh chun focás a thabhairt do na scoláirí. Is féidir an phríomhbhéim a chur ar bhrí na cainte agus ar an úsáid is féidir a bhaint as caint ann i gcomhthéacs eile.

An Modh Closamhairc

Agallamh mar ionchur. Leathnú ar an Modh Closlabhartha atá sa mhodh seo. Úsáidtear pictiúir, stiallscannáin agus gearrthóga. Sa tréimhse réamhchumarsáide taispeántar pictiúr amháin do gach cuid d'agallamh, mar shampla, agus an Múinteoir ag rá an comhrá nó ag seinm taifeadadh de. Dála gach aon mhodh eile, is féidir an chuid is fearr den mhodh seo a úsáid chun cumarsáid a chur chun cinn.

Ar dtús déanann an rang aithris agus athrá ar chaint an Mhúinteora nó an taifeadáin. Ansin bíonn dhá leath an ranga páirteach ag athchruthú an agallaimh, ar dtús le cabhair an Mhúinteora. Roghnaítear beirteanna ó dhá leath an ranga (beirteanna oscailte) agus ansin beirteanna in aice lena chéile (beirteanna dúnta). Nuair a bhíonn beirteanna dúnta ag cleachtadh an agallaimh bíonn an rang go léir á chleachtadh ag an am céanna. Cé go bhfuil gach duine ag cleachtadh an agallaimh chéanna glacann an Múinteoir le brí na cainte seachas a bheith ag lorg na teanga céanna focal ar fhocal. Is é seo an difríocht idir chuige gramadúil agus cur chuige cumarsáideach.

Modh na Ráite

Molann an modh seo frásaí nó ráite úsáideacha a mhúineadh. Má fhoghlaimaíonn na Scoláirí frásaí agus nathanna beaga beidh siad in ann tarraingt orthu nuair a bheidh na nathanna sin ag teastáil uathu arís. Is fearr iad a mhúineadh i gcomhthéacs a thuigeann an Scoláire, is é sin mar chuid d'agallamh seachas ina liostaí.

Teagasc trí Ghníomhaíocht

Tá tábhacht ar leith ag baint le cluichí teanga chun cleachtadh a sholáthar do na Scoláirí ar usáid na teanga. Tugann na cluichí seans do na Scoláirí an teanga a labhairt agus éisteacht léi, de réir aidhmeanna an chluiche. Tá cluichí ann ina gcomhoibríonn na Scoláirí i bhfoirne lena chéile agus cluichí ina mbíonn siad in iomaíocht lena chéile. Úsáidtear eagar grúpaí beaga nó beirteanna agus cinéalacha difriúla chun suim na Scoláirí a spreagadh agus a choinneáil.

Is iad na cineálacha is coitianta a úsáidtear i múineadh teanga ná

- Cluichí Struchtúrtha
- Cluichí Cumarsáide

Cluichí Struchtúrtha

Is féidir na cluichí teanga seo a imirt ag gach leibhéal má oireann. Tá samplaí thíos ina gcleachtar aithint na n-ainmfhocal, aimsirí na mbriathra, na réamhfhocail, aidiachtaí, suíomh agus mar sin de.

1. Cluiche Kim

Scileanna teanga:	Éisteacht agus labhairt
Feidhmeanna teanga:	Rudaí a aithint agus a ainmniú
Cuireann an Múinteoir rudaí amach in áit a bhfeiceann na Scoláirí iad. Féachann na Scoláirí orthu agus ansin dúnann siad a súile. Baineann an Múinteoir amach rud nó dhó. Osclaíonn na Scoláirí a súile agus déanann siad iarracht cuimhneamh ar cad a tógadh amach.	

2. Cluiche cuimhne

Scileanna teanga:	Éisteacht agus labhairt
Feidhmeanna teanga:	Rudaí a aithint agus a ainmniú. Ceist agus freagra
Cuireann an Múinteoir rudaí aithnidiúla amach. Tugtar nóiméad do na Scoláirí le breathnú orthu, clúdaítear ansin iad. Liostaíonn na Scoláirí na rudaí a chonaic siad.	

3. Leathnú ar chluiche Kim

Scileanna teanga:	Éisteacht agus labhairt
Feidhmeanna teanga:	Rudaí a aithint agus a ainmniú
Cuireann an Múinteoir rudaí aithnidiúla in áit a bhfeiceann na Scoláirí iad. Dúnann na Scoláirí a súile. Athraíonn an Múinteoir na rudaí thart. Osclaíonn na Scoláirí a súile agus déanann siad iarracht cuimhneamh cá raibh na rudaí roimhe sin.	

4. Cad atá sa mhála

Scileanna teanga:	Éisteacht agus labhairt
Feidhmeanna teanga:	Rudaí a aithint agus a ainmniú
Tá na Scoláirí ag iarraidh a thomhas cad atá sa mhála trí na rudaí atá ann a láimhseáil. Is féidir cluiche a dhéanamh as an ngníomhaíocht seo trí iomaíocht a chur ar bun idir fhoirne nó idir ghrúpaí.	

5. Mím

Scileanna teanga:	Éisteacht, labhairt, léamh
Feidhmeanna teanga:	Ceisteanna agus freagraí
Tugann an Múinteoir leid don Scoláire faoi mhím a dhéanfaidh siad. Bíonn na Scoláirí eile ag tomhas cén ghníomhaíocht atá ar siúl ag an Scoláire. Tugann an Múinteoir cárta le pictiúr de ghníomhaíocht do Scoláire amháin agus deir siad *'Déan é seo'*. Féachann an Scoláire ar an bpictiúr agus déanann siad mím. Bíonn na Scoláirí eile ag tomhas. Tugann an Múinteoir cárta le treoir air do Scoláire amháin agus deir siad *'Léigh an cárta agus dean é seo'*. Léann siad an gníomh agus bíonn an rang ag tomhas.	

6. Cá bhfuil sé?

Scileanna Teanga:	Éisteacht agus labhairt
Feidhmeanna teanga:	Ceist a chur faoi shuíomh. Freagra a thabhairt
Míníonn an Múinteoir an cluiche agus cuireann siad rud éigin i bhfolach. Cuireann na Scoláirí ceisteanna ar an Múinteoir le fáil amach cár chuir siad é. An Scoláire a fhaigheann an freagra ceart bíonn siad sa suíochán te ansin, agus cuireann na Scoláirí ceisteanna air/uirthi.	

7. Cá bhfuil tú?

Scileanna teanga:	Éisteacht agus labhairt nó léamh agus labhairt
Feidhmeanna teanga:	Ceist a chur faoi shuíomh agus faoi áit. Freagra a thabhairt. Ainmneacha na dtíortha coitianta
Ligeann an Múinteoir air/uirthi go bhfuil siad imithe in áit éigin. Bíonn an rang ag tomhas cá bhfuil siad imithe. Ansin is féidir le Scoláire éigin teacht aníos go barr an tseomra. Tugann an Múinteoir leid dó/di ó bhéal nó scríofa ar chárta. Bíonn na Scoláirí eile ag tomhas.	

8. Cé leis é?

Scileanna teanga:	Éisteacht agus labhairt
Feidhmeanna teanga	Ceist agus freagra. Rudaí éagsúla a aithint agus a ainmniú
Cuireann an Múinteoir nó Scoláirí éagsúla ceist agus iad ag taispeáint rud éigin nó pictiúir don rang. Is féidir rudaí nó éadaí le popghrúpa nó foireann sacair nó peile a úsáid. Tomhaiseann an rang cé leis é.	

9. Cá bhfuil tú ag dul?

Scileanna teanga:	Éiseacht agus labhairt
Feidhmeanna teanga:	Ceisteanna agus freagraí
Bíonn Scoláire nó an Múinteoir ag ligean air/uirthi go bhfuil sé nó sí ag dul in áit éigin. Bíonn an rang ag tomhas.	

10. Cluiche Bingo

Scileanna teanga:	Éisteacht agus aithint
Feidhmeanna teanga:	Aithint

11. Fiche Ceist

Scileanna teanga:	Éisteacht agus labhairt
Feidhmeann teanga:	Ceisteanna agus freagraí. Tomhas
Smaoiníonn an Múinteoir ar rud éigin. Cuireann na Scoláirí ceisteanna chun an rud sin a thomhas. Tá cead ag na Scoláirí fiche ceist a chur. Mura dtomhaiseann siad an rud ceart bíonn an bua ag an Múinteoir. Bíodh na Scoláirí ag éisteacht lena chéile nó má chuireann siad an cheist chéanna faoi dhó, caillfidh siad seans.	

Cluichí Cumarsáide

1. Aimsigh na difríochtaí

Scileanna teanga:	Éisteacht, labhairt
Feidhmeann teanga:	Eolas a roinnt agus a mhalartú. Ceisteanna a chur agus a fhreagairt.
Sa chluiche seo bíonn beirt Scoláirí ag iarraidh na difríochtaí idir dhá phictiúr a aimsiú gan bheith ag féachaint ar phictiúr a chéile. Déanann siad é seo trí cheisteana a chur agus iad a fhreagairt.	

2. Tarraing an pictiúr (Tarraingt mar léiriú ar an tuiscint)

Scileanna teanga:	Éisteacht agus labhairt
Feidhmeanna teanga:	Ag tabhairt treoracha. Ag aistriú eolais
Sampla: Dhá phictiúr: Pictiúr den chistin leis an troscán inti ag Scoláire B agus pictiúr den chistin chéanna ach í folamh ag Scoláire A. Bíonn Scoláire A ag cur ceisteanna ar B chun fháil amach cá gcuirfidh siad na baill troscáin chun an pictiur a ionannú. Bíonn Scoláire B ag tabhairt treoracha do A chun na rudaí a tharraingt san imlíne. Bíonn A ag dearbhú le B go bhfuil siad ag tarraingt mar is cóir, ach ní fheiceann siad an pictiúr iomlán. Bíonn cead ag B féachaint ar an bpictiúr atá á tharraingt ag A agus na treoracha á dtabhairt dó/di	

3. Lean na treoracha

Scileanna teanga:	Léamh, labhairt, éisteacht
Feidhmeanna teanga:	Treoracha a thuiscint agus a leanúint. Ceisteanna a chur agus a fhreagairt. Eolas a lorg agus a roinnt.
Sampla: Inis conas a théann duine ón scoil go dtí an linn snámha Bíonn an léarscáil chéanna ag an mbeirt Scoláire nó ag gach duine sa ghrúpa. Cuirtear an áit a dtosaítear, mar shampla an scoil, isteach ar dtús ar son na soiléireachta. Bíonn an Múinteoir nó Scoláire A ag glaoch na dtreoracha faoin gcaoi a dtéann tú ó áit go háit eile. Bíonn Scoláire B nó an ceathrar eile sa ghrúpa ag tarraingt an bhealaigh ar an léarscáil ag leanúint na dtreoracha.	

Drámaíocht

Is áis an-éifeachtach í an drámaíocht, ar nós cruthú suíomh drámatúla, imirt i róil, sceitsí agus seiftiú. Is féidir í a úsáid i gcur chuige cumarsáideach. Bíonn an Ghaeilge á húsáid go fíorchumarsáideach sna suímh dhrámatúla agus bíonn saoirse cainte ag na Scoláirí taobh istigh den ról nó den suíomh. Tá an Múinteoir agus na Scoláirí páirteach sa suíomh cumtha seo a chruthaíonn an Múinteoir do na Scoláirí agus níl ag teastáil ar leibhéal amháin ach mím.

Measúnú

Réamhrá

Is cuid lárnach den phróiseas teagaisc agus foghlama é an measúnú. Úsáidtear é chun forbairt an Scoláire a mheasúnú de réir aidhmeanna agus cuspóirí an churaclaim. Sa mhéid sin is próiseas leanúnach é a thugann eolas go rialta don Mhúinteoir ní hamháin ar dhul chun cinn an Scoláire ach ar a riachtanais foghlama chomh maith.

Tá béim sa churaclam seo ar an úsáid is féidir a bhaint as an teanga chun cumarsáid a dhéanamh; mar sin déanfar measúnú ar éisteacht agus tuiscint agus labhairt go háirithe. Gné thábhachtach eile atá le cur san áireamh ná an taitneamh a bheidh le baint as foghlaim na Gaeilge.

Feidhm an Mheasúnaithe: cén fáth a ndéantar é?

Baineann an measúnú le tuiscint iomlán d'fhorbairt an Scoláire. Faigheann an Múinteoir an pictiúr seo trí chineálacha éagsúla measúnaithe agus trí na huirlisí difriúla a úsáidtear.

Má dhéanann an Múinteoir measúnú leanúnach ar mhúineadh agus ar fhoghlaim na Gaeilge, faigheann siad léargas ar dhul chun cinn an Scoláire. Measúnú foirmitheach a thugtar ar an measúnú leanúnach seo a thugann eolas go rialta don Mhúinteoir faoin gcéad chéim eile atá le tógáil ar mhaithe le forbairt scileanna tuisceana agus cumarsáide an Scoláire. Má shíleann an Múinteoir nach bhfuil an Scoláire ag feidhmiú go héifeachtach is féidir gnéithe den teagasc a athbhreithniú.

Cabhraíonn an córas measúnaithe trí chéile le luacháil an chláir theagaisc. Déantar an cur chuige, na modhanna múinte, áiseanna teagaisc agus foghlama a athbhreithniú de bharr an mheasúnaithe seo.

Céard ba chóir a mheasúnú?

Sa churaclam seo cuirtear an phríomhbhéim ar chumarsáid agus ar úsáid na Gaeilge mar ghnáth-theanga chumarsáide.

Uirlisí éagsúla measúnaithe: cén chaoi a ndéantar an measúnú?

Tá réimse d'uirlisí éagsúla ann lenar féidir leis an Múinteoir cumas tuisceana agus cumarsáide an Scoláire a mheasúnú. Beidh saoirse ag an Múinteoir na huirlisí is oiriúnaí do Scoláirí agus do chúinsí a ranga a úsáid chun na scileanna éagsúla teanga a mheasúnú. Níl sé i gceist go mbeadh na huirlisí go léir á n-úsáid gach lá ach go roghnófaí astu agus gur de réir a chéile a léireofaí pictiúr de dhul chun cinn an Scoláire.

- Dírbhreathnú an mhúinteora ar an Scoláire
- Tascanna agus trialacha deartha ag an Múinteoir
- Bailiúchán d'obair agus de thionscadail an Scoláire

Dírbhreathnú an Mhúinteora ar an Scoláire

Sonrú leanúnach agus tabhairt faoi deara atá i gceist le dírbhreathnú an mhúinteora ar an Scoláire. Tabharfaidh an Múinteoir cumas éisteachta agus tuisceana an Scoláire faoi deara nuair:

- a úsáideann siad an Ghaeilge mar theanga bhainisteoireachta an ranga
- a thugann siad treoracha go neamhfhoirmiúil sa rang
- a chuireann siad ceist ar an Scoláire

Beidh tionchar ag an gcumas éisteachta agus tuisceana ar chumas labhartha agus a c(h)umas spontáineach cumarsáide le linn comhrá an Scoláire. Tabharfaidh an Múinteoir scileanna cumarsáide, comhoibrithe agus comhréitithe an Scoláire faoi deara freisin

- in obair ghrúpa agus i dtionscadail ranga
- in obair bheirte.

Beidh an Múinteoir ag faire amach do na bunstraitéisí agus scileanna sa léitheoireacht agus sa scríbhneoireacht.

- An aithníonn siad focal?
- An mbaineann siad brí as an téacs?
- An ndéanann an Scoláire féincheartú?
- Conas a théann siad i ngleic le focal deacair?

Agus obair i ngrúpaí nó i mbeirteanna ar siúl bíonn an Múinteoir mar chomhairleoir, ag tabhairt na hearráidí nó na deacrachtaí a bhíonn ag na Scoláirí faoi deara. Bunaíonn siad na cuspóirí don chéad cheacht eile ar an diagnóis a rinneadh de bharr an dírbhreathnaithe, seachas cur isteach ar líofacht na Scoláirí ag an am. Is gá torthaí an mheasúnaithe seo a chlárú ag deireadh gach ceachta.

Tascanna agus trialacha deartha ag an Múinteoir

Is féidir leis an Múinteoir trialacha agus tascanna éagsúla a úsáid chun cumais na Scoláirí a mheasúnú. Buntáiste a bhaineann leis na trialacha a chumann an Múinteoir ná go mbeidh siad oiriúnach ó thaobh an chur chuige atá in úsáid go coitianta sa cheacht. Beidh tús áite ag tascanna idirghníomhacha sna ceachtanna Gaeilge, agus mar sin ba chóir go mbeadh an idirghníomhaíocht chun tosaigh sna trialacha. San iomlán ba chóir go mbeadh an measúnú ag teacht le haidhmeanna agus le cuspóirí.

Mar Shampla:

- leanúint treoracha chun gníomh a dhéanamh, mar shampla ‘deir Ó Grádaigh’
- leanúint treoracha chun ceard a dhéanamh a léiriú
- cluichí agus tascanna éisteachta mar Bhiongó, Críochnaigh an pictiúr agus Tarraing an pictiúr
- freagra a thabhairt ar éisteacht le scéal, dán, nó amhrán ó bhéal nó taifeadta
- gníomhaíochtaí ina gcomhlíonfaidh an Scoláire na feidhmeanna teanga, mar shampla caidreamh sóisialta a dhéanamh agus soiléiriú a lorg
- cluichí cumarsáide mar ‘Aimsigh na difríochtaí’ agus ‘Cé mhéad?’ chun eolas a fháil agus a roinnt agus chun ceisteanna a chur agus a fhreagairt
- cluichí struchtúrtha mar ‘Chluiche Kim’, ‘Cá bhfuil sé?’ ‘Cá bhfuil tú ag dul?’ agus ‘Fiche ceist’
- rólghlacadh agus drámaíocht chruthaitheach sa rang
- scéal a thuar ón teideal nó scéal a chríochnú
- scileanna treoshuímh clé–deas agus ó bharr go bun an leathanaigh
- aithint na bhfocal nua mar aonad, tógáil agus briseadh focal

- úsáid leideanna ón gcomhthéacs, ón morfeolaíocht agus ón gcomhréir
- taifeadadh de scéal a leanúint
- forlíonadh abairtí agus alt
- cártaí poist, nótaí, blag agus dialanna
- scéalta/tuairiscí/aistí gearra a chur in ord

Bailiúchán d'obair agus de thionscadail an Scoláire

Má chuireann an Múinteoir samplaí d'obair an Scoláire i mbailiúchán nó mar taispeántais ranga ó thús deireadh an chúrsa beidh léiriú ann ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag an rang. Athraítear na tascanna chun go mbeidh cuntas le fáil ar scileanna tuisceana agus cumarsáide an Scoláire.

Má bhíonn comhoibriú i gceist le tionscadal grúpa is féidir pictiúir a bailíodh le lipéid orthu, pictiúir a tarraingíodh nó aon eolas eile atá ag teastáil chun cuspóir an tionscadail a chomhlíonadh a chur isteach sa bhailiúchán/taispeántais. Is féidir scileanna difriúla an ghrúpa a úsáid i dtionscadal: taifeadadh a dhéanamh, agallamh a chur ar dhaoine le ceisteanna, suirbhé a dhéanamh, ceistiúchán a líonadh nó achoimre ar an obair a scríobh.

Cothromaíocht sa chóras measúnaithe

Má bhíonn ceangal soiléir idir na cuspóirí foghlama agus an cur chuige sa rang ón tús, bíonn an Múinteoir níos cinnte faoin toradh a bhfuil súil aige/aici leis. Caithfear na trialacha foirmiúla nó na tascanna neamhfhoirmiúla a dháileadh ar bhealach nach dtógfaidh rómhór ón am teagaisc.

Clárú agus dáileadh eolais - Gach lá líonann an Múinteoir isteach an fhoirm seo a leanas.

Teimpléad: Measúnú agus Cuntas Ranga

Ainm an Mhúinteora: _____ Dáta: _____

Measúnú Conas ar éirigh leis an gceacht seo? Ar thaitin sé leis na Scoláirí? Ar éirigh liom díriú go héifeachtach ar riachtanais éagsúla foghlama na Scoláirí? Ar éirigh liom na heiseamláirí teanga / an stór focal ar fad a mhúineadh? Cé na modhanna múinte / áiseanna teagaisc / ar éirigh leo/nár éirigh leo? An raibh deis cumarsáide ag gach Scoláire ? An ndearna mé taifead ceart ar bhotúin na Scoláirí?	**Cuntas Ranga** Cad go díreach a múineadh sa rang?
Rang 1: _____	
Rang 2: _____	
Rang 3: _____	
Rang 4: _____	

Measúnú Leanúnach i rith an chúrsa

Measúnú

Mar atá ráite, aithníonn Coláiste na bhFiann gur cuid lárnach den phróiseas teagaisc agus foghlama é an measúnú. Úsáidtear é chun forbairt an Scoláire a mheas, de réir aidhmeanna agus cuspóirí an churaclaim. Sa mhéid sin is próiseas leanúnach é, a thugann eolas go rialta don Mhúinteoir, ní hé amháin ar dhul chun cinn an Scoláire, ach ar a riachtanais foghlama chomh maith.

Bunaítear an measúnú ar an gcuraclam agus ar an teagasc. Ath-bhreithnítear na modhanna múinte, na cuspóirí teagaisc agus foghlama agus leibhéal na deacrachta, de bharr thorthaí an mheasúnaithe.

I gColáiste na bhFiann déantar measúnú ar éisteacht agus ar labhairt na Gaeilge, go háirithe ag aithint gurb iad sin is tábhachtaí sa churaclam sna coláistí. Tá réimse uirlisí éagsúla ann lenar féidir leis an Múinteoir cumas tuisceana agus cumarsáide an Scoláire a mheas.

Sa chás seo, coimeádann an Múinteoir súil ar an Scoláire ó lá go lá, má éiríonn nó mura n-éiríonn lena c(h)uid iarrachtaí i dtuiscint agus in úsáid na teanga agus a d(h)earcadh i leith na teanga.

- Tionólann Príomhoidí na gcúrsaí cruinnithe leis an bhfoireann teagaisc gach lá chun cumas na bhfoghlaimeoirí agus dul chun cinn an chúrsa a phlé ó thaobh cuspóirí, aidhmeanna srl.
- Déantar measúnú neamhfhoirmiúil ar dhul chun cinn na Scoláirí ag tús, i lár agus ag deireadh na gcúrsaí.
- Cuirtear na Scoláirí i ranganna ar bhonn aoise agus leibheál ranga, bunaithe ar thoradh na réamhagallamh. Bogtar Scoláirí nuair is léir go bhfuil Scoláirí i ranganna áirithe nach n-oireann dóibh.
- Déantar taifead ar dhul chun cinn gach Scoláire ag deireadh na gcúrsaí ó thaobh iarracht an Scoláire i labhairt na Gaeilge, ar a rannpháirtíocht sna himeachtaí, ar a hiompar i gcoitinne agus ar an dul chun cinn atá déanta aige/aici i labhairt na Gaeilge. Iarrtar ar na tuismitheoirí ceistiuchán a chomhlánú ag deireadh an chúrsa agus a dtuairimí agus a moltaí le haghaidh feabhais a thabhairt don lucht bainistíochta.
- Déanann Bainistíocht Choláiste na bhFiann cigearacht agus maoirseacht ar na Coláistí uilig fad a bhíonn na Scoláirí ag freastal orthu, bunaithe ar chritéir réamhaontaithe ag cruinnithe de chuid Choláiste na bhFiann.

I mí Mheán Fhomhair gach bliain, tionólann Banistíocht Choláiste na bhFiann cruinniú measúnaithe chun cuspóirí na gcúrsaí a mheas agus plean oibre a chur le chéile don bhliain ina dhiaidh sin.

Próiseas atá ann ón Réamhagallamh go deireadh an chúrsa. Ba chóir go mbeadh fás agus forbairt ann.

Córas Measúnaithe

Tugtar rang faoi leith do gach Múinteoir ag tús an chúrsa. Tá an Múinteoir áirithe sin i gceannas ar nótaí neamhfhoirmiúla a choinneáil ar dhul chun cinn na Scoláirí sa rang sin le linn an chúrsa. (ar nós teagascóir sa mheánscoil). Beidh an Múinteoir freagrach as an rang sin ó thaobh measúnaithe de le linn an chúrsa ar fad. Ar an lá deireanach labhróidh an Múinteoir le tuismitheoirí na Scoláirí sa rang sin agus tabharfar cuntas don tuismitheoir ar dhul chun cinn an Scoláire. Crochfar liosta na Scoláirí agus ainm an Mhúinteora i gcúpla áit difriúil ar fud an choláiste ar an lá deireanach, áit a mbeidh tuismitheoirí in ann iad a fheiceáil. Beidh lipéad le hainm an Mhúinteora scríofa go soiléir air á chaitheamh ag an Múinteoir. Fógróidh an Bainisteoir an córas seo do na tuismitheoirí ar an lá deireanach. Molfar go gcuirfidh na Scoláirí na tuismitheoirí ar an eolas faoin gcóras seo sa litir dheireanach abhaile móide socraithe don lá deireanach.

Tús: Réamhagallaimh (Féach Aguisín 1)

1. Ceisteanna leagtha amach in Aguisín 1.
2. Ar an gcóras faoi theideal **sonraí breise** is gá don Bhainisteoir tagairt a dhéanamh do chumas Ghaeilge an Scoláire mar shampla-
    - Míthuiscint ar an Aimsir Fháistineach
    - Drogall air/uirthi abairtí iomlána a úsáid
    - An-tuiscint ar an Modh Coinníollach
    - Gaeilge fhlúirseach, an-chumas cainte ag an Scoláire ach is gá dó/di díriú isteach ar an gcopail ‘is’
    - An-deacair caint a mhealladh uaidh/uaithi, easpa tuisceana ar na ceisteanna

Lár:

1. Measúnú sna ranganna agus gníomhaíochtaí i rith an lae. Cur i láthair a dhéanamh, ceisteanna, úsáid teanga, obair bheirte, grúpobair, ag leanúint treoracha, cluichí teanga, freagraí a thabhairt, gníomhaíochtaí ina a gcomhlíonfaidh an Scoláire na feidhmeanna teanga, rólghlacadh, taifead
2. Tráth na gceist - gach oíche - Dul Siar. Féinmheasúnú an Scoláire - Bainisteoir ag ceistiú an Scoláire - céard a d’fhoglaim tú inniu?

    Samplaí do cheisteanna le haghaidh tráth na gceist:

    - Cad is brí leis an ‘Poc ar buille’?
    - Cad is _____ ann?
    - Cuir ‘admhaím’ in abairt
    - Tabhair focal eile do ‘uilechumhachtach’?
    - Scríobh an chéad 3 abairt do scéal Sheáin san fhoirm dhiúltach.
    - Líon an bhearna. Ag dul suas, thuas, ag teacht _____.
    - Tabhair dhá aidiacht a dhéanann cur síos ar dhuine atá go deas.
    - Céard é nath/seanfhocal an lae?
    - Dá mbeinn i mo Bhainisteoir _____ do na Scoláirí agus _____ cáca mór. Líon na bearnaí.

    Níl anseo ach treoir ach is faoi dhiscréid an bhainisteora an córas measúnaithe a chur i bhfeidhm.

Deireadh an chúrsa (Féach Aguisín 1)

I lár na seachtaine deiridh den chúrsa cuirtear gach Scoláire faoi agallamh (déanann gach Múinteoir agallamh ar a rang féin) Is faoi dhiscréid an bhainisteora teacht ar an socrú is fearr ó thaobh seo de.

I ndiaidh an agallaimh a dhéanamh tá sé de dhualgas ar gach Múinteoir nótaí an agallaimh a thaifead ar an gcóras.

Ainm an Scoláire _____ Freastal 1 2 3 4 5 Iompar 1 2 3 4 5 Rannpháirtíocht 1 2 3 4 5 Dul chun cinn 1 2 3 4 5	**Sonraí Breise**
Tuairim ghinearálta (Agallamh san áireamh) Síniú an Mhúinteora: _____ Dáta:_____	

1. Lag 0-20%
2. Obair ag teastáil 20-50%
3. Sásúil 50-70%
4. Go maith 70-90%
5. Ar fheabhas 90-100%

SAMPLA

Ainm an Scoláire: Pádraig Mac Liathróid Freastal 3 Iompar 5 Rannphártaíocht 2 Dul chun cinn 4	**Sonraí Breise** Bhí Pádraig giodamach go rialta sa rang
Tuairim ghinearálta (Agallamh san áireamh) Is buachaill cliste, éirimiúl é Pádraig agus tháinig feabhas ar a chuid Gaeilge dá bharr. Cé gur tháinig feabhas ar Ghaeilge Phádraig níor chuir sé mórán stró air féin i rith na ranganna. D'fhéadfadh sé iarracht níos fearr a dhéanamh. Tá struchtúr teanga go ginearálta ar a thoil aige ach bheadh air díriú isteach níos mó ar an gclaoininsint agus ar an Modh Coinníollach ach go háirithe. Síniú an Mhúinteora _____ Dáta _____ Síniú an Bhainisteora _____	

1. Lag 0-20%
2. Obair ag teastáil 20-50%
3. Sásúil 50-70%
4. Go maith 70-90%
5. Ar fheabhas 90-100%

SAMPLA
PLEAN CEACHTA

Rang: **Feasacht Teanga**
Téama: **Na briathra neamhrialta**
Tréimhse Ama: **40 nóiméad**
Lá & Dáta: **Déardaoin, 1 Iúil**

Intinní Foghlama - Ba chóir go gcuirfí ar chumas an Scoláire

Go mbeidh ar chumas an Scoláire na briathra neamhrialta san aimsir chaite a thuiscint i mbealach taitneamhach agus a úsáid i gcomhthéacs cuí amach anseo i ngach gnéith den chaint fhoirmiúil/ neamhfhoirmiúil.
Eiseamláirí Teanga:
Cé thusa? Is mise…
Chuaigh…suas an staighre, chonaic sé an…, chuala sé torann…, tháinig sé anuas…, thug … dó, dúirt …, d'ith sé…, fuair … a …, rug sé, greim ar…, rinne sé a chuid…, bhí … sásta.

Áiseanna/ Acmhainní:

Pictiúir den scéal bunaithe ar théamaí difriúla.
Luaschártaí bunaithe ar na briathra neamhrialta san aimsir chaite.

Struchtúr/ Gníomhaíochtaí - leagan amach, Modhanna múinte, srl.

(Modhanna/Straitéisí/Gníomhaíochtaí Foghlama)
Modh na Sraithe: Múin Scéal Sheáin de réir gníomhaíochtaí.
Gníomhaíochtaí corpartha ag úsáid focail an scéil agus na Scoláirí ag freagairt le mím.
Bíodh an scéal spraoiúil ach é ag leagan béime ar na briathra agus ar an ngníomh atá á dhéanamh ag Seán.
Sraitheanna Pictiúr chun cabhrú leis na scéalta eile.

Leideanna ó bhéal agus gníomh Sheáin (ag úsáid bord agus cathaoir mar staighre, guth an mhúinteora mar mhamaí, Scoláire mar charachtar Sheáin 7rl)
Scoláirí ag athinsint an scéil.
Scoláirí ag athrá an scéil & ag léiriú tuisceana tríd an bpictiúr ceart a aimsiú agus an luaschárta ceart a léamh.
Briathar a fhorbairt de réir abairtí difriúla.
Mím á dhéanamh.
Cleachtadh ag aithris an scéil ina iomláine de réir nodanna ón Múinteoir.
Saorchaint
Obair ghrúpa/ bheirte. Scoláirí ag cur pictiúr/ luaschártaí san ord ceart agus an scéal á insint. Ní gá cloí le h-ord na mbriathra.
Scéal nua a chumadh ag úsáid an struchtúir nua.
Féach sampla Bia - ag dul go siopa an bhúistéara

An Tréimhse Iarchumarsáide - Botún, nascadh le foghlaim eile, measúnaithe don fhoghlaim

(Modhanna/Straitéisí/Gníomhaíochtaí Foghlama)
Dul siar ar shraith abairtí le béim ar fhoghraíocht agus ar bhotúin.
Rólghlacadh: Róil éagsúla á nglacadh ag foghlaiméoirí chun an scéal a ath-insint ó thaobh Sheáin m.sh.

Ról an léiritheora nuachta ag déanamh cur síos ar eachtra a tharla i dteach Sheáin.
Cluichí: Cártaí a iompú béal fúthu. Scoláirí á gcasadh & 30 soicind chun abairt a chumadh ag úsáid an bhriathair.
4 cheist le cur faoin abairt m.sh., Cad? Cé? Cén áit? Cathain?
Puipéid: Scéal Sheáin a insint leis na puipéidí.

Éagsúlacht cumais:
Ag brath ar chumas na Scoláirí úsáid Modh an Staighre chun na Scoláirí cumasacha a chur ag aithris abairte go haonarach agus ag bogadh uaidh sin chun na Scoláirí eile a mhealladh. A mhéid cleachtaidh a fhaigheann gach Scoláire leis an éisteacht is é is fearr a bheidh an fhoghraíocht srl.
Ag brath ar thréimhse chumarsáide, déan idirdhealú maidir leis an méid cainte, cumadóireacht srl a bheidh uait.

SAMPLA
PLEAN CEACHTA

Rang:	**Forbairt Teanga**
Téama:	**Mé Féin**
Tréimhse Ama:	**40 nóiméad**
Lá & Dáta:	**Déardaoin, 1 Iúil**

Intinní Foghlama - Ba chóir go gcuirfí ar chumas an Scoláire

- Iad fhéin a chur in aithne
- Aithne a chur ar dhuine eile
- Ceisteanna a chur agus a fhreagairt

Eiseamláirí Teanga/scileanna/fo-scileanna:

- Cé thusa? Is mise
- Cad is ainm duit? ----is ainm dom
- Cá bhfuil tú i do chónaí?/Cad as duit?
- Tá cónaí orm i /Is as ----mé/dom
- An mó duine i do chlann?
- Tá---deartháir/deirfiúr agam
- Is páiste aonair mé
- Is sine/óige/sa lár
- Freastalaím ar scoil---------cónaithe, gaelcholáiste, pobalscoil, méanscoil, bunscoil
- Cén aois thú? Cén bhliain a rugadh thú?
- Tá mé _____d'aois.

Áiseanna/ Acmhainní:

Pictiúr de chlann
Sraith cathaoireacha
Cloigín/feadóg

Struchtúr/ Gníomhaíochtaí - leagan amach, Modhanna múinte, srl.

- Cuirtear pictiúr de chlann ar an scáileán

- Cuirtear creatlach de chúpla ceist bunaithe ar an gclann suas ar an scáileán. Tríd ceisteanna a chur agus a fhreagairt tá ar na Scoláirí tomhais -cé hiad na daoine seo? (ainm, aois, gairm bheatha, áit sa chlann 7rl)
- Roghnaítear cúpla Scoláire chun carachtair an scéil a ghlacadh agus iad fhéin a chur in aithne. Tá deis ag gach duine sa rang ceist a chur ar an gclann 'bhréagach' seo.

- Eagraítear cluiche ranga –Aithne sciopadh
- Gach uair a bhuailtear an cloigín bíonn ar na Scoláirí iad fhéin a chur in aithne do dhuine nua, ag baint úsáide as na heiseamláirí thuasluaite

An Tréimhse Iarchumarsáide - Botún, nascadh le foghlaim eile, measúnaithe don fhoghlaim

- Anailís ar na botúin is coitianta agus forleathnú ar conas ceist a chur agus a fhreagairt
- Tugtar deis do na Scoláirí iad fhéin a chur in iúl don rang agus do dhuine éigin eile.

Nascáil & Comhtháthú:

- An chéad chúpla lá sa choláiste

Féinmheastóireacht:

- Ar bhain na Scoláirí taitneamh as?
- An raibh deis cumarsáide ag gach Scoláire ?
- An raibh an cómhthéacs réadúil?
- Ar úsáid na Scoláirí na scileanna teanga cuí go léir (éisteacht, labhairt, léitheoireacht, scríbhneoireacht?

SAMPLA

PLEAN CEACHTA

Rang: **Saibhreas**

Téama: **Beannachtaí agus ordaithe**

Tréimhse Ama: **40 nóiméad**

Lá & Dáta: **Déardaoin, 1 Iúil**

Intinní Foghlama - Ba chóir go gcuirfí ar chumas an Scoláire

- An t-amhrán a rá de ghlanmheabhair agus a chanadh
- Tuiscint níos fearr a fháil ar fhocail an amhráin
- Stór focal an amhráin a úsáid i gcomhthéacs réalaíoch cumarsáideach
- Moladh a thabhairt agus a ghlacadh
- Ordaithe a thabhairt agus a ghlacadh

Eiseamláirí Teanga/scileanna/fo-scileanna:

- Molaigí, Molaimse, Molfaidh mé, Mholfainn, Mhol mé 7rl
- Tagaigí, Tagaimse, Tiocfaidh mé, Thiocfainn, Tháinig mé 7rl
- Canaigí, Canaimse, Chan mé, Canfaidh mé, Chanfainn 7rl
- Maith thú, Mo cheol thú, Mo shlánaitheoir, Rinne tú éacht, Maith an bhean/Fear, Comhghairdeas leat 7rl
- Go raibh maith agat, Ná habair é, Gurb amhlaidh duit, Agus leat féin
- Suígí, Seasaigí, Canaigí, Éistigí, Siúlaigí, Ciúnaigí, Guígí, Bígí, Glacaigí. Ólaigí, Ithigí

Áiseanna/ Acmhainní:

- An tAifreann- Molaigí an Tiarna
- Ceol an Aifrinn
- Luaschártaí
- Pictiúir agus abairtí le meaitseáil

Seanfhocail- Mol an Óige agus Tiocfaidh sí

Struchtúr/ Gníomhaíochtaí - leagan amach, Modhanna múinte, srl.

- Cuirtear pictiúir ar an gclár/scáileán agus abairtí
- Tá ar na Scoláirí an pictiúr a mheaitseáil leis an abairt chuí
- Mar shampla- Pictiúr de Rí agus an abairt 'Molaigí an Rí' le cur leis
- Cluiche Kim a imirt leis na pictiúir
- Na focail a mhúineadh le geaitsí

- Cuirtear pictiúir ar an gclár/scáileán agus abairtí
- Tá ar na Scoláirí an pictiúr a mheaitseáil leis an abairt chuí
- Mar shampla- Pictiúr de Rí agus an abairt 'Molaigí an Rí' le cur leis
- Cluiche Kim a imirt leis na pictiúir
- Na focail a mhúineadh le geaitsí

(Modhanna/Straitéisí/Gníomhaíochtaí foghlama)

- Eagraítear cluiche ranga
- I ngrúpaí de 4 tá ar Scoláire amháin teacht aníos le 5 ordú agus na Scoláirí eile ag teacht suas le freagra na n-ordaithe. Mar shampla- Ithigí bhur ndinnéar
- Íosfaidh mé/Íosfaimid mar is maith an t-anlann an t-ocras/tá mé stiúgtha leis an ocras
- Ní íosfaimid mar tá ár ndótháin ite againn
- Taispeántais na ngrúpaí os comhair an ranga
- An Múinteoir ag déanamh monatóireachta ar theanga na scoláirí

An Tréimhse Iarchumarsáide - Botún, nascadh le foghlaim eile, measúnaithe don fhoghlaim

(Modhanna/Straitéisí/Gníomhaíochtaí foghlama)

- Anailís ar na botúin is coitianta agus forleathnú ar chonas moladh a thabairt agus a ghlacadh

Nascáil & Comhtháthú:

- Moladh - cúrsaí spóirt
- An Céilí - ag tabhairt ordaithe don slua

Measúnú:

- Dírbhreathnú an mhúinteora.
- An raibh deiseanna ann do gach duine na feidhmeanna teanga a úsáid?

Féinmheastóireacht:

- Ar bhain na Scoláirí taitneamh as?
- An raibh deis cumarsáide ag gach Scoláire ?
- An raibh an cómhthéacs réadúil?
- Ar úsáid na Scoláirí na scileanna teanga cuí go léir (éisteacht, labhairt, léitheoireacht, scríbhneoireacht?

SAMPLA

PLEAN CEACHTA

Rang: **Oidhreachta (Amhráin - Cá bhfuil an ghrian?)**

Téama: **An Timpeallacht**

Tréimhse Ama: **40 nóiméad**

Lá & Dáta: **Déardaoin, 1 Iúil**

Intinní Foghlama - Ba chóir go gcuirfí ar chumas an Scoláire

Spriocanna Foghlama: Ba chóir go gcuirfí ar chumas an Scoláire

- An chéad ceithre líne den amhrán a rá de ghlanmheabhair
- A c(h)uid scileanna éisteachta a fheabhsú
- Soiléireacht a fháil ar an bhfoirm ceisteach
- Ceisteanna a chur agus a fhreagairt.

Eiseamláirí Teanga/scileanna/fo-scileanna:

- Cá bhfuil _____? Cá raibh?/ Cá mbeidh? &rl..... Cá háit a….?
- Cad as _____? Cad ina thaobh?/ Cén fáth?/ Cén uair?/ Cén chaoi? &rl....
- Cén rud é _____? Cé leis? / Cén uair?/ Cé acu? &rl.....

Áiseanna/ Acmhainní:

- Amhrán - 'Cá bhfuil an Ghrian?'
- Cd an amhráin
- Pictiúir- Grian, ceo, crann &rl……. ar an scáileán agus/nó ar chartchlár
- Luaschártaí leis na foirmeacha ceisteacha orthu
- Léarscáil na hÉireann
- Postaer mar sprioc éisteachta nó íomhá ón idirlíon

Struchtúr/ Gníomhaíochtaí - leagan amach, Modhanna múinte, srl.

(Modhanna/Straitéisí/Gníomhaíochtaí foghlama)

- Tosaítear an ceacht le tasc éisteachta. Díritear ard na Scoláirí ar cheisteanna réamhéisteachta
    - Cé atá ag caint san amhrán?
    - Cá bhfuil an duine seo meas tú?
    - An bhfuil siad sásta? Cén fáth?
    - Céard atá siad ag lorg?
- Seinntear an cd agus oibríonn na Scoláirí i mbeirteanna chun na ceisteanna a fhreagairt
- Déantar triail cloze ó bhéal leis an Scoláirí ag mealladh na bhfocal cuí uathu, mar shampla, Cá bhfuil _____

Cad as _____, tháinig faoi

Cén rud _____

Mar ní fhaca mise ceann _____

- Múintear an chéad véarsa dóibh

(Modhanna/Straitéisí/Gníomhaíochtaí foghlama)

- Dírigh aire na Scoláirí ar an líne 'cén rud é crann'?
- Iarrtar ar gach Scoláire ainmfhocal a scríobh agus pictiúr a tarraingt de
- Bailítear iad agus tugtar focal an duine dóibh
- Obair ghrúpa ar siúl agus Scoláire amháin ag cur na ceiste, cén rud é _____ ? Scoláirí eile ag freagairt na ceiste.

- Tá an Múinteoir ag déanamh monatóireachta ar theanga na scoláirí

An Tréimhse Iarchumarsáide - Botún, nascadh le foghlaim eile, measúnaithe don fhoghlaim

(Modhanna/Straitéisí/Gníomhaíochtaí foghlama)

- Dírítear aird na Scoláirí ar na botúin is coitianta i rith na tréimhse cumarsáide, déantar anailís orthu go mion
- Is féidir éisteacht leis an amhrán arís nó an t-amhrán a chanadh

Nascáil & Comhtháthú:

- An aimsir
- An timpeallacht
- Seanfhocail, mar shampla, Tagann an ghrian i ndiadh na fearthainne/ Chomh sean leis an gceo níos sinne faoi dhó
- Na foirmeacha ceisteacha
- Treoracha

Measúnú:

- Dírbhreathnú an mhúinteora.
- An raibh deiseanna ann do gach Scoláire na feidhmeanna teanga a úsáid?

Féinmheastóireacht:

- Ar bhain na Scoláirí taitneamh as?
- An raibh deis cumarsáide ag gach Scoláire ?
- An raibh an cómhthéacs réadúil?
- Ar úsáid na Scoláirí na scileanna teanga cuí go léir (éisteacht, labhairt, léitheoireacht, scríbhneoireacht?

Timpeallacht an Choláiste

- Is cóir go mbeidh an Ghaeilge le feiceáil ag gach duine ar fud an choláiste. Cruthaítear atmasiféar Gaelach le postaeir agus cairteanna croctha m. sh. luaschártaí crochta sa halla, sa seomra ranga, sa bhialann, ar an bpasáiste 7rl)
- Dírítear aird na Scoláirí ar nath(anna) faoi leith in aghaidh an lae, (mar shampla am rolla, am grúpaí, béiltí 7rl)
- Tugtar moladh agus aitheantas nuair a chloistear na nathanna seo i gcaint nádúrtha na Scoláirí/baill foirne.
- Bíonn an-bhéim curtha ar na nathanna seo i rith an chúrsa ach go háirithe i measc na gcinnirí agus na n-ardchinnirí.
- Tá sé ríthábhachtach go mbeidh na nathanna éagsúla seo mar chuid de phacáiste múinteoireachta an choláiste.
- Is í an Ghaeilge gnáththeanga an choláiste i gColáiste na bhFiann.
- Deántar traenáil chuimsitheach ar an bhfoireann roimh an gcúrsa agus le linn an chúrsa, agus mínítear riail an Bhéarla go mion.
- Ina theannta sin, deántar traenáil ar an bhfoireann uilig - Múinteoirí, Ardcinnirí agus Cinnirí ar stratéisí múinteoireachta agus conas an cur chuige cumarsáideach a usáid i múineadh na Gaeilge.
- Tugtar eolas faoi usáid na Gaeilge ar na cúrsaí do na Scoláirí agus do na tuistí ag agallaimh Choláiste na bhFiann. Deántar measúnú ar an gcaighdeán Gaeilge atá ag na Scoláirí roimh an gcúrsa agus ar bhonn rialta tríd an gcúrsa chomh maith.
- Cuirtear béim faoi leith ar ardchaighdeán Gaeilge a usáid ar na cúrsaí. Déantar seanfhocal an lae agus botún an lae leis na Scoláirí gach lá chun cur le saibhreas agus cruinneas na Gaeilge a bhíonn in usáid acu.
- Usáidtear postaeir chun an Ghaeilge cheart a thaispeáint do na Scoláirí go feiceálach.
- Deánann an foireann maoirseacht ar usáid na Gaeilge agus ar an gcaighdeán Gaeilge a bhíonn in usáid ag na Scoláirí. Bíonn leabhar Beárla ann ar na cúrsaí chun taifead a choinneáil ar na Scoláirí le deacrachtaí ó thaobh usáid na Gaeilge de.
- Bíonn clár ama cruinn agus cuimsitheach ar gach cúrsa, rud a chiallaíonn go bhfuil structúr ceart ar fhoghlaim na Gaeilge, go foirmeálta sna ranganna agus go neamhfhoirmeálta ag am céilí, grúpaí, spóirt srl.
- I gColáiste na bhFiann cuirtear béim ar fhorbairt na Gaeilge agus ar Ghaeilge d'ardchaighdeán a usáid i ngach gné den chúrsa.

Gramadach

Réamhrá

- Múinfear an ghramadach ag baint úsáide as an gCur Chuige Cumarsáideach. Baintear usáid as modhanna eile ina theannta sin - Modh na Sraithe, Modh an Staighre srl.
- Bunófar na ranganna gramadaí don trí seachtain ar Leabhar Gramadaí Choláiste na bhFiann, Graiméar an Draoi agus docuiméad ullmhaithe ar na Briathra Neamhrialta (Scéal Sheáin). Leagfar béim ar úsáid áiseanna, meascán de mhodhanna múinte agus comhthathú sa rang gramadaí.
- Le gach rang gramadaí tosófar le rialacha gramadaí, frásaí, stór focal, teármaí srl sa tréimshe réamhchumarsáide.
- Tá réimse clúichí agus modhanna éagsúla ann don tréimhse chumarsáide
- Sa tréimhse iarchumarsáide ceartófar na botúin choitianta.
- Ar chúrsaí Riail A, moltar go ndeánfar forbairt ar ábhair breise, ach go háirithe an t-ainmfhocal, firinscneach agus baininscneach agus an tuiseal ginideach.
- Beidh ceacht gramadaí amháin ag gach rang gach lá.

Tosófar le múineadh na mBriathra Rialta:

- An Chéad Réimniú
- An Dara Réimniú
- An Aimsir Chaite
- An Aimsir Láithreach
- An Aimsir Fháistineach
- An Modh Coinníollach
- Dearfach, Diúltach agus Ceisteach

Múinfear Na Briathra Neamhrialta i bhfoirm scéil i ngach aimsir mar atá leagtha amach thíos ag baint úsáide as póstaeir réamhdhéanta nó sleamhnáin ar cur i láthair ar PPT mar áis.

Leanfar le múineadh pointí gramadaí ina dhiaidh sin ina n-áirítear:

- An Chopail
- An Claoninsint
- Na hUimhreacha
- An Aidiacht Shealbhach agus Seilbh
- Cúrsaí Ama, Féilire/ Ócáidí Speisialta
- Suíomh, Gluaiseacht agus Treo
- Na Réamhfhocail
- An Dobhriathar
- Céimeanna Comparáide na hAidiachta
- An tAlt
- An tAinmfhocal
- Uatha agus Iolra
- An Tuiseal Ginideach

Bainfear leas as an leabhar ‘Graiméar an Draoi’ chomh maith le roinnt áiseanna eile chun forleathnú agus forbairt a dhéanamh ar na pointí / téamaí gramadaí uile.

Briathra Neamhrialta i bhFoirm Scéil

An Scéal: Scéal Sheáin – An Aimsir Chaite

Modhanna Múinte

Modh na Sraithe: Ceanglaítear sraith abairtí in ord i bhfoirm scéil. Baintear leas as an gCur Chuige Cumarsáideach sa chaoi is go mbeidh béim ar an gcumarsáid i ngach gné den mhúineadh agus den fhoghlaim. Féach Plean Ceachta Samplach - Gramadach

1. An Chéad Chéim.

Scéal Sheáin a mhúineadh san Aimsir Chaite, Dearfach ag baint úsáide as an Modh Ordaitheach, Claoninsint (ordú agus cuspóir), Ceisteanna agus an Tuiseal Gairmeach .

An Scéal: Scéal Sheáin – An Aimsir Chaite

CHUAIGH Seán suas an staighre.
CHONAIC sé an tsíleáil.
CHUALA sé torann thíos faoi.
THÁINIG sé anuas.
THUG Mamaí milseán dó.
DÚIRT sé “go raibh maith agat”.
D’ITH sé é.
FUAIR sé a mhála.
RUG sé ar a chóipleabhar agus ar a pheann.
RINNE sé a cheachtanna.
BHÍ sé sásta.

Fearais / Áiseanna Riachtanacha

- Milseáin, mála scoile, cóipleabhar, peann.
- Bord agus cathaoir (mar staighre)
- Ríomhaire agus scáileán

Múinteoir: Abair le Seán DUL suas an staighre (Claoninsint)
Scoláire : A Sheáin, TÉIGH suas an staighre
(Tuiseal Gairmeach) (Modh Ordaitheach)
Múinteoir: Céard a tharla? (Ceist)
Scoláire : CHUAIGH Seán suas an staighre
(TÉIGH – Aimsir Chaite, Dearfach)

Baintear leas as an gcur chuige seo le gach briathar a mhúineadh.

2. An Dara Céim

Na Briathra Neamhrialta ar fad a chur le chéile i bhfoirm scéil. (Aimsir Chaite, Dearfach)

Sampla

Téann an Múinteoir suas an staighre. Cuireann siad ceist: Céard a rinne mé?
Scoláire : CHUAIGH tú suas an staighre.

a) Ligeann Scoláire (Seán) go bhfuil sé ag dul suas an staighre.
Cuireann an Múinteoir ceist: Céard a tharla?
Scoláire : CHUAIGH Seán suas an staighre.
b) Déan cleachtadh ar an scéal ag úsáid na dtéarmaí:

- Inné
- An tseachtain seo caite
- Anuraidh
- Coicís ó shin
- Aréir
- An bhliain seo caite….

c) An scéal a mhúineadh:

An Aimsir Láithreach – gach lá, gach seachtain……

An Aimsir Fháistineach – amárach, an tseachtain seo chugainn, anocht……

An Modh Coinníollach – “dá mbeadh”

d) An Scéal a mhúineadh i ngach Aimsir - An Fhoirm Dhiúltach, ag baint úsáide as na céimeanna thuasluaite agus as an gcur chuige chumarsáideach.

m.sh. - Ní dheachaigh

- Ní fhaca

e) An scéal a mhúineadh i ngach Aimsir ag baint úsáide as an bhFoirm Cheisteach, ag baint úsáide as na céimeanna thuasluaite agus as an gCur Chuige Cumarsáideach.

m.sh. - An ndeachaigh?

- An bhfaca?

3. An Tríú Céim.

Ceisteanna leis na briathra a chleachtadh i gcomhthéacsanna nua:

m.sh. Cá ndeachaigh tú aréir?

Cén chaoi ar tháinig tú anseo?

Céard a dhéanfá dá mbeadh an scoil dúnta?

a) **Briathra Neamhrialta sna sraitheanna.**

- Mé Chuaigh mé
- Tú Chuaigh tú
- Sé/sí Chuaigh sé/sí
- Sinn Chuamar
- Sibh Chuaigh sibh
- Siad Chuaigh siad

Pointí Gramadaí / Féidearthachtaí / Forbairt

b) **Claoninsint**

m.sh. Scoláire ag déanamh an ghnímh (Seán…)

Múinteoir ag fiafraí céard a rinne Seán

Scoláire eile ag tabhairt freagra (Máire) “Chuaigh Seán suas staighre”

Múinteoir: Céard a dúirt Máire?

Scoláire eile: Dúirt sí go ndeachaigh Seán suas staighre.

Tag: Leabhar Gramadaí Lch 15.

c) **An Aidiacht Shealbhach**

m.sh. Rug sé ar a pheann agus ar a chóipleabhar

mo pheann ár gcóipleabhair

do pheann bhur gcóipleabhair
a pheann a gcóipleabhair
a peann

Tag: Leabhar Gramadaí Lch 37.

d) **Suíomh, gluaiseacht agus treo:**
thuas, thíos, ag dul suas, ag teacht aníos….

e) **An Forainm Réamhfhoclach**
m.sh. dom, duit, dó, di, dúinn, daoibh, dóibh.
Fúm, fút, faoi……
Tag: Leabhar Gramadaí Lch 32.

f) **Na hUimhreacha: m.sh. Chuaigh beirt suas an staighre.**
Na Maoluimhreacha, Na Bunuimhreacha, Na hUimhreacha Pearsanta agus Na hOrduimhreacha. Tag: Leabhar Gramadaí Lch 5.

g) **Féilire / Ócáidí Speisialta:** Breithlá Sheáin a bhí ann, Lá Coille a bhí ann.
Laethanta na Seachtaine, Míonna na Bliana, Féilte na Bliana, Na Séasúir, An tAm.
Tag: Leabhar Gramadaí Lch 27.

h) **An Chopail Is** m.sh., Is buachaill é Seán, Is cailín í Bríd
Tag: Leabhar Gramadaí Lch 3.

i) Na Briathra a úsáid i bhfoirm comhrá, agallaimh réamhdhéanta.
m.sh.
An Briathar FAIGH
(Ag dul go dtí an phictiúrlann)
Máirín: A Mhamaí, tá mé ag dul chuig na pictiúir anocht. An bhFAIGHIDH tú mó chóta ó na glantóirí dom le do thoil?
Mamaí: GHEOBHAIDH. An bhFAIGHIDH mé aon rud eile duit?
Máirín: FAIGH stocaí nua dom le do thoil.

Aguisín 2: Na Briathra Neamhrialta le gníomhaíochtaí

Aguisín 3: Na Briathra Neamhrialta in Agallaimh Réamhdhéanta.

Tagairtí: Ar Maidin Moch le Nóirín Ní Nuadháin.
Lámhleabhar Gramadaí – Coláiste na bhFiann.

Smaointe/Stratéisí do mhúineadh na gramadaí ag baint úsáide as an gCur Chuige Cumarsáideach (don tréimhse chumarsáide amháin)

Meatseáil le luaschártaí (An Aidiacht Shealbhach mar shampla)	Sceál an Athrá (feách áiseanna tugtha don bhainsteoir)
Cluiche Fiche Ceist mar shampla don Chopail ‘Is’	Cluiche le liathróid (dhá liathróid agus aidiacht gach duine)
Cártaí aitheantais	Sceál a chumadh leis na briathra
Biongó	Pictiúir
Connect 4 leis na briathra	Greille ceisteanna

Nóta: Tá breis áiseanna ag na Bainisteoirí ón suíomh idirlíne SLSS ina theannta sin.

Aguisíní

Aguisín 1:
Ceisteanna Samplacha Riail A agus B Réamhagallamh, Measúnú agus deireadh an chúrsa

Aguisín 2
Na Briathra Neamhrialta le gníomhaíochtaí

Aguisín 3
Na Briathra Neamhrialta in Agallaimh Réamhdhéanta.

Aguisín 4
Téarmaí Laethúla an Chúrsa

Aguisín 5
Seanfhocail

Aguisín 6
Áiseanna Múinteoireachta Molta

Tagairtí:
“Ar Maidin Moch” le Noirín Ní Nuadháin.
Lámhleabhar Gramadaí – Coláiste na bhFiann.
‘Graiméar an Draoi - Elizabeth Wade, Yvonne O Toole.

Aguisín 1 - Ceisteanna Samplacha Riail A & B Réamhagallaimh & Measúnú

Ceisteanna do Riail B (Réamhagallamh)

1. Cad is ainm duit?
2. Cén aois tú?
3. Cá bhfuil tú i do chónaí?
4. Inis dom faoi d'áit chónaithe..faoin tuath/sa bhaile srl.
5. An bhfuil aon deartháir nó deirfiúr agat?
6. Cé hé an duine is óige/sine sa chlann?
7. Cén scoil ina bhfuil tú ?
8. Inis dom faoin scoil.
9. Cad is ainm don Mhúinteoir atá agat (bunscoil)?
10. Cén t-ábhar is fearr leat ar scoil? Tabhair sampla dóibh.. mar shampla is aoibhinn liomsa Gaeilge. Agus cén fáth?
11. Cén t-ábhar nach maith leat? Cén fáth? ** Arís, is mór an chabhair é sampla a thabhairt dóibh chun an cheist a dheánamh níos soiléire mas gá.
12. An maith leat spórt?
13. An maith leat a bheith ag feáchaint ar an teilifís?
14. Cad é an clár teilifíse is fearr leat?
15. Cén lá a bhíonn sé ar siúl?
16. Cén t-am a bhíonn sé ar siúl ?
17. An bhfuil aon pheata agat sa bhaile ?
18. Cad a rinne tú inné? Mar shampla d'éirigh tú ag a seacht a chlog.. Chuaigh tú síos an staighre agus...
19. Cad a dheánann tú gach lá? Eiríonn tú ag a seacht a chlog, teánn tú síos an staighre..

Iarr orthu cúpla ceist a chur ort ansin.

Ceisteanna do Riail A (Réamhagallamh)

1. Inis dom fút féin.
2. Cá bhfuil tú i do chónaí?
3. An bhfuil aon fhadhbanna i do cheantar?
4. Inis dom faoi do chlann.
5. An réitíonn tú go maith leo?
6. Cén scoil ina bhfuil tú?
7. Inis dom faoin scoil.
8. Cad iad na hábhair scoile a dheánann tú?
9. Cén bhliain ina bhfuil tú ar scoil?
10. Cén t-ábhar is fearr leat ar scoil? Tabhair sampla dóibh.. mar shampla is aoibhinn liomsa Gaeilge. Agus cén fáth?
11. Cén t-ábhar nach maith leat? Cén fáth? ** Arís, is mór an chabhair é sampla a thabhairt dóibh chun an cheist a dheánamh níos soiléire más gá.
12. Conas a thagann tú ar scoil?
13. Inis dom faoi d'éide scoile. An maith leat é ?
14. Cad iad na rialacha atá sa scoil?
15. An raibh tú i gColáiste na bhFiann cheana? Má bhí, cén áit? Ar thaitin sé leat? Inis dom faoi le do thoil.
16. Cén caitheamh aimsire atá agat?
17. Inis dom faoi sin - spórt/ceol/teilifís.
18. An imríonn tú le foireann?
19. An leanann tú aon fhoireann sacair?

20. An raibh tú riamh ag ceolchoirm?
21. Cad é an grúpa ceoil is fearr leat?
22. Cad a rinne tú inné?
23. Cad a dhéanann tú gach lá?
24. An raibh tú riamh thar lear? Mar shampla sa Fhrainc, sa Spáinn?
25. Cad a dhéanann tú ag an deireadh seachtaine?
26. An úsáideann tú ríomhairí nó an t-idirlíon go minic?
27. Cén tslí bheatha atá uait tar éis na scoile?
28. An bhfuil aon suim agat sa pholaitíocht?
29. Cad a dheánfá dá mbuafá milliún euro?
30. Cad a dheánfá dá mbeifeá mar Thaoiseach ar an tír seo?

Arís, iarr orthu cúpla ceist a chur ort.

1. **Ceisteanna do Riail B (Deireadh an chúrsa)**
2. Cén teach ina raibh tú / Cén bord ag a raibh tú?
3. Inis dom faoi.
4. Cad is ainm don Chinnire a bhí agat?
5. Cárb as duit?
6. Inis dom faoi d'áit chónaithe..faoin tuath/sa bhaile srl.
7. An maith leat spórt?
8. Cad a rinne tú ag am spóirt anseo?
9. Cén grúpa ina raibh tú?
10. Cad a rinne sibh?
11. Ar bhain tú taitneamh as Spraoi? Cén fáth?
12. Cad a rinne tú inné? Mar shampla dhúisigh an Cinnire tú agus d'éirigh tú ar a seacht a chlog sa teach..
13. Cad a dheánann tú gach lá anseo de ghnáth? Éiríonn tú ag a seacht a chlog, teánn tú go dtí an bhialann agus..
14. Cén chuid den chúrsa a thaitin leat?/a bhí go maith?
15. Cad a rinne tú don amhrán boird/tí?
16. Cad a d'fhoghlaim tú sna ranganna?
17. Inis dom faoi cheacht amháin a d'fhoghlaim tú anseo.
18. Cad a dheánfaidh tú nuair a rachaidh tú abhaile?
19. An bhfuil tú ag dul ar saoire an samhradh seo?
20. Cad a thaitin leat faoin gcúrsa/ Cad nár thaitin leat?

Iarr orthu cúpla ceist a chur ort ansin.

1. **Ceisteanna do Riail A (Deireadh an chúrsa)**
2. Cén teach ina raibh tú / Cén bord ag a raibh tú anseo?
3. Inis dom faoi agus faoi na daoine a bhí ag do bhord/ i do theach.
4. Cad is ainm don Chinnire a bhí agat? Deán cur síos air/uirthi.
5. Cárb as duit?
6. Inis dom faoi d'áit chónaithe...faoin tuath/sa bhaile srl. An bhfuil aon fhadbhanna i d'áit chónaithe?
7. Cad a dheánfá chun an fhadhb seo a réiteach?
8. An bhfuil aon suim agat sa spórt?
9. Cad a rinne tú ag am spóirt anseo?
10. Cén grúpa ina raibh tú?
11. Cad a rinne sibh?

12. Ar fhoghlaim tú aon scil nua anseo?
13. Ar bhain tú taitneamh as Spraoi? Cén fáth?
14. Cén pháirt a ghlac tú sna hullmhúcháin do Spraoi.. feistis/ taispeántas srl..
15. Cad a rinne tú inné? Mar shampla dhúisigh an Cinnire tú agus d'éirigh tú ag a seacht a chlog sa teach..
16. Cad a dheánann tú gach lá anseo de ghnáth? Éiríonn tú ag a seacht a chlog, teánn tú go dtí an bhialann agus..
17. Cén chuid den chúrsa a thaitin leat?/a bhí go maith?
18. An raibh aon chuid nár thaitin leat?
19. An bhfuil moladh nó moltaí ar bith agat?
20. Cad a rinne tú don amhrán boird/ tí?
21. Cad a d'fhoghlaim tú sna ranganna?
22. Inis dom faoi cheacht amháin a d'fhoghlaim tú anseo.
23. Cad a dhéanfaidh tú nuair a rachaidh tú abhaile?
24. An bhfuil tú ag dul ar saoire an samhradh seo?
25. Cad a dhéanfá dá mbeifeá mar Bhainisteoir/Mhúinteoir ar an gcúrsa?
26. Cad a cheapann tú faoin nGaeilge anois tar éis trí seachtaine a chaitheamh á foghlaim ?

Iarr orthu cúpla ceist a chur ort ansin.

Forbairt Teanga

I measc na n-ábhar a chlúdófar i bhForbairt Teanga áirítear:

- An Aimsir
- Éadaí
- Béilí
- Ar Scoil
- Caitheamh Aimsire
- Na Baill Bheatha
- Cluichí
- Teilifís
- Siopa
- Gairmeacha Beatha
- Na Mothúcháin
- Beannachtaí
- Laethanta Saoire

Beidh na téamaí seo roinnte idir na Múinteoirí.

Aguisín 2 - Briathra Neamhrialta le Gníomhaíochtaí

Fearais riachtanacha:

Milseáin, mála scoile, cóipleabhar agus peann, ríomhaire agus scáileán.

- Socraigh cathaoir agus bord mar staighre
- Tóg Scoláirí 'Seán' agus 'Mamaí' os comhair an ranga.
- Meall freagraí ó na Scoláirí eile sa rang ina nduine agus ina nduine.
- Daingnigh an freagra trí chomhfhoghlaim.

Treoir

Tá sé thar a bheith tábhachtach go múinfí an rannóg seo go fuinniúil bríomhar.

Tá dhá ghné sa rannóg:

(a) Na Briathra Neamhrialta á gcleachtadh agus gníomhaíocht ag gabháil leo.

(b) Agallaimh Réamhdhéanta ina bhfuil na briathra á n-ionramháil in aimsirí difriúla.

Gníomhaíocht

Céim 1

Múinteoir	Abair le Seán DUL suas an staighre
Scoláire	A Sheáin, TÉIGH suas an staighre (Ná bogadh sé go mbeidh an chomhfhoghlaim déanta)
Múinteoir	Céard a tharla?
Scoláire	CHUAIGH Seán suas staighre
Múinteoir	Abair le Seán TEACHT anuas
Scoláire	A Sheáin, TAR anuas (Ná bogadh sé go mbeidh an chomhfhoghlaim déanta)
Múinteoir	Céard a tharla?
Scoláire	THÁINIG sé anuas
Múinteoir	Abair le Mamaí milseáin a THABHAIRT do Sheán
Scoláire	A Mhamaí, TABHAIR milseáin do Sheán. (Ná tugadh sí do é go mbeidh an chomhfhoghlaim déanta)
Múinteoir	Céard a tharla?
Scoláire	THUG Mamaí milseán do Sheán

Múinteoir	Abair le Seán 'go raibh maith agat' a RÁ
Scoláire	A Sheáin, ABAIR 'go raibh maith agat' (Ná habradh sé é go mbeidh an chomhfhoghlaim déanta)
Múinteoir	Céard a tharla?
Scoláire	DÚIRT sé 'go raibh maith agat'
Múinteoir	Abair le Seán an milseán a ITHE
Scoláire	A Sheáin, ITH an milseán (Ná hitheadh sé é go mbeidh an chomhfhoghlaim déanta)
Múinteoir	Céard a tharla?
Scoláire	D'ITH sé an milseán
Múinteoir	Abair le Seán a mhála a FHÁIL

Scoláire	A Sheáin, FAIGH do mhála (Ná faigheadh sé é go mbeidh an chomhfhoghlaim déanta)
Múinteoir	Céard a tharla?
Scoláire	FUAIR sé a mhála
Múinteoir	Abair le Seán BREITH ar a chóipleabhar agus ar a pheann
Scoláire	A Sheáin, BEIR ar do chóipleabhar agus do pheann (Ná beireadh sé orthu go mbeidh an chomhfhoghlaim déanta)
Múinteoir	Céard a tharla?
Scoláire	RUG sé ar a chóipleabhar agus ar a pheann
Múinteoir	Abair le Seán a cheachtanna a DHÉANAMH
Scoláire	A Sheáin, DÉAN do cheachtanna (ná déanadh go mbeidh an chomhfhoghlaim déanta)
Múinteoir	Céard a tharla?
Scoláire	RINNE sé a cheachtanna
Múinteoir	Abair le Seán a BHEITH ag caint
Scoláire	A Sheáin, BÍ ag caint (ná lig dó labhairt go mbeidh an chomhfhoghlaim déanta) Tosnaíonn sé anois ar 'blea, blea… a rá
Múinteoir	Céard a bhí ar siúl aige?
Scoláire	BHÍ sé ag caint.

Céim 2

Ba chóir tosú anois ag cur na mbriathra atá múinte agat i gCéim 1 le chéile ibhfoirm scéilín. Moltar go gcleachtfaí na gníomhaíochtaí i ndiaidh a chéile.

Toisc gur annamh a úsáidtear na briathra FEIC agus CLOS sa Mhódh Ordaitheach, níor tugadh isteach iad go dtí anois.

1. Tosaigh leis an oide ag déanamh na ngníomhaíochtaí:

Téann an Múinteoir suas an staighre, Cuireann sé ceist:	
"Céard a rinne mé?"	CHUAIGH tú suas an staighre
Déanann an Múinteoir geaitse iontais nuair a fheiceann sé an tsíleáil	
"Céard a chonaic mé?"	CHONAIC tú an tsíleáil
Cuireann an Múinteoir lámh lena chluas. Deir sé 'Chuala mé torann thíos fúm.'	
"Céard a chuala mé?"	CHUALA tú torann thíos fút
Tagann sé anuas an staighre.	
"Céard a rinne mé?"	THÁÍNIG tú anuas an staighre
Tugann Mamaí milseán dó.	
"Céard a tharla?"	THUG Mamaí milseán duit
Deir an Múinteoir 'Go raibh maith agat.'	
"Céard a dúirt mé?"	DÚIRT tú 'go raibh maith agat'
Itheann an Múinteoir milseán.	
"Céard a rinne mé?"	D'ITH tú an milseán
Faigheann an Múinteoir a mhála.	
"Céard a fuair mé?"	FUAIR tú do mhála
Beireann an Múinteoir ar a pheann agus ar a chóipleabhar.	
"Céard a rinne mé?"	RUG tú ar do pheann agus ar do chóipleabhar
Déanann an Múniteoir geáitse ag déanamh ceachtanna.	

“Céard a rinne mé?”	RINNE tú do cheachtanna
Tosaíonn an Múinteoir ag rá ‘blea, blea’	
“Céard a bhí ar siúl agam?”	BHÍ tú ag caint

2. Téann Scoláirí amach leis na gníomhaíochtaí a dhéanamh go tapa gan aon chaint ar siúl. D’fhéadfaí comórtas a bheith ann féachaint cé acu is sciobtha a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí go leanúnach.

3. Déanadh Scoláire gníomh. Cuir an cheist: “Céard a tharla? Nuair a bhíonn sin déanta tríd síos uair nó dhó, faigh an scéal mar aonad.

CHUAIGH Seán suas staighre	D’ITH sé an milseán
CHONAIC sé an tsíleáil.	FUAIR sé a mhála
CHUALA sé torann thíos faoi	RUG sé ar a chóipleabhar agus ar a pheann
THÁINIG sé anuas	RINNE sé a cheachtanna
THUG a Mhamaí milseán dó	BHÍ sé ag caint
DÚIRT sé ‘go raibh maith agat’	

4. Déan cleachtadh ag úsáid na dtéarmaí
   - An tseachtain seo caite
   - Anuraidh
   - Coicís ó shin srl

Céim 3

Díreach mar atá i gCéim 1, ach gur Bríd Dhána atá ann. Ní dhéanann sí aon rud a deirtear léi a dhéanamh.

Múinteoir	Abair le Bríd DUL suas an staighre
Scoláire	A Bhríd, TÉIGH suas an staighre (Croitheadh sí a cloigeann)
Múinteoir	AN nDEACHAIGH Bríd suas an staighre?
Scoláire	NÍ DHEACHAIDH Bríd suas an staighre (Cuir suas an staighre í nuair atá an chomhfhoghlaim déanta)
Múinteoir	Abair le Bríd TEACHT anuas
Scoláire	A Bhríd, TAR anuas (Croitheadh sí a cloigeann)
Múinteoir	AR THÁINIG Bríd anuas?
Scoláire	NÍOR THÁINIG Bríd anuas (Tabhair anuas í nuair atá an chomhfhoghlaim déanta)
Múinteoir	Abair le Mamaí gan milseán a THABHAIRT do Bhríd
Scoláire	A Mhamaí, NÁ TABHAIR milseán do Bhríd (Cuireadh Mamaí a lámha fillte trasna a cliabhraigh)
Múinteoir	AR THUG Mamaí milseán do Bhríd?
Scoláire	NÍOR THUG Mamaí milseán do Bhríd
Múinteoir	Abair le Bríd ‘go raibh maith agat’ a RÁ
Scoláire	A Bhríd, ABAIR ‘go raibh maith agat’ (Croitheadh sí a cloigeann)
Múinteoir	AN nDÚIRT Bríd ‘go raibh maith agat’ le Mamaí?
Scoláire	NÍ DÚIRT Bríd ‘go raibh maith agat’ le Mamaí
Múinteoir	Abair le Bríd a mála a FHÁIL
Scoláire	A Bhríd, FAIGH do mhála (Croitheadh sí a cloigeann)
Múinteoir	AN bhFUAIR Bríd a mála?
Scoláire	NÍ bhFUAIR Bríd a mála
Múinteoir	Abair le Bríd BREITH ar a cóipleabhar agus ar a peann
Scoláire	A Bhríd, BEIR ar do chóipleabhar agus ar do pheann (Croitheadh sí a cloigeann)

Múinteoir	AR RUG Bríd ar a cóipleabhar agus ar a peann?
Scoláire	NÍOR RUG Bríd ar a cóipleabhar NÁ ar a peann
Múinteoir	Abair le Bríd a ceachtanna a DHÉANAMH
Scoláire	A Bhríd, DÉAN do cheachtanna (Croitheadh sí a cloigeann)
Múinteoir	AN nDEARNA Bríd a ceachtanna?
Scoláire	NÍ DHEARNA Bríd a ceachtanna
Múinteoir	Abair le Bríd a BHEITH ag caint
Scoláire	A Bhríd, BÍ ag caint (Croitheadh sí a cloigeann)
Múinteoir	AN RAIBH Bríd ag caint?
Scoláire	NÍ RAIBH Bríd ag caint

Céim 4

Bríd Dhána ar Mhodh na Scéalaíochta. Chabhródh athdhéanamh tapa ar Scéal Sheáin (Céim 2, Mír 3) mar thús dó seo.

NÍ DHEACHAIGH Bríd suas an staighre	NÍ DÚIRT sí 'go raibh maith agat'
NÍ FHACA sí an tsíleáil	NÍOR ITH sí an milseán
NÍOR CHUALA sí torann thíos fúithi	NÍ bhFUAIR sí a mála
NÍOR THÁINIG sí anuas	NÍOR RUG sí ar a cóipleabhar NÁ ar a peann
NÍOR THUG Mamaí milseán di	NÍ DHEARNA sí a ceachtanna
	NÍ RAIBH sí ag caint

Déan cleachtadh ag úsáid na dtéarmaí:

- An tseachtain seo caite
- Anuraidh
- Coicís ó shin srl

Céim 5

1. Na briathra á gcleachtadh ag briseadh leanúnachas an scéil.

Céard faoi Mhamaí agus na milseáin?	Céard faoi na milseáin?
Céard a rinne Seán ar dtús?	Céard faoin torann?
Céard a rinne Bríd ar dtús?	Inis dom faoi Bhríd agus a ceachtanna.

2. Ceisteanna leis na briathra a chleachtadh i gcomhthéacsanna nua sa chaoi is go ndéanfaidh siad a gcuid féin díobh.

Cá ndeachaigh tú aréir tar éis an chéilí?	Cén chaoi ar tháinig tú anseo? …srl…
An bhfaca tú rud ar bith aisteach inné?	

3. Cuireadh na Scoláirí ceisteanna ar an Oide.
4. Roinn an rang agus cuireadh leath amháin ceisteanna ar an leath eile.

Céim 6

Cleachtadh ar an scéal atá i gCéim 2, Mír 3 agus ar an scéal atá i Staid 4 ag úsáid:

- Gach uile seachtain
- Gach mí …srl…

Céim 7

Cleachtadh ar an scéal atá i gCéim 2, Mír 3 agus i Staid 4 ag úsáid:

- Amárach
- An tseachtain seo chugainn …srl…

Céim 8 **‘DÁ’**

Geáitse an Mhúinteora	Ceist an Mhúinteora	Freagra le Múineadh
Taispeáin go bhfuil tú bacach. Abair:	Tá mé bacach. Níl mé in ann siúl. Céard a dhéanfainn dá mbeinn in ann siúl?	Rachfá suas an staighre dá mbeifeá in ann siúl
Cuir lámh taobh thiar de do chluas ag taispeáint go bhfuil tú bodhar. Abair:	Ha? Ha? Céard? Tá mé bodhar. Níl mé in ann cloisteáil. Céard a tharlódh dá mbeinn in ann cloisteáil?	Chloisfeá torann thíos fút dá mbeifeá in ann cloisteáil
Taispeáin go bhfuil tú bacach arís. Abair:	Céard a tharlódh dá mbeinn in ann siúl?	Thiocfá anuas dá mbeifeá in ann siúl
Taispeáin nach bhfuil aon mhilseán ag Mamaí. Abair:	Níl aon mhilseán ag Mamaí. Ní féidir léi ceann a thabhairt dom. Céard a dhéanfadh Mamaí dá mbeadh milseáin aici?	Thabharfadh Mamaí milseán duit dá mbeadh ceann aici
Taispeáin nach bhfuil aon mhilseán agat. Abair:	Níl aon mhilseán agam. Ní féidir liom é a ithe. Céard a dhéanfainn dá mbeadh milseán agam? Céard a déarfainn le Mamaí dá dtabharfadh sí milseán dom?	D’íosfá é dá mbeadh ceann agat. Déarfá ‘go raibh maith agat’ le Mamaí dá dtabharfadh sí milseán duit
Taispeáin nach bhfuil aon mhála agat. Abair:	Níl aon mhála agam. Céard a dhéanfainn dá mbeadh mála agam?	Gheobhfá do mhála dá mbeadh ceann agat
Tarraing síos do mhuincille agus clúdaigh do lámh. Abair:	Níl aon lámh agam. Céard a dhéanfainn dá mbeadh lámh agam?	Bhéarfá ar do pheann agus ar do chóipleabhar dá mbeadh lámh agat
Tarraing síos do dhá mhuincille. Abair:	Níl mé in ann mo cheachtanna a dhéanamh. Céard a dhéanfainn dá mbeinn in ann?	Dhéanfá do cheachtanna dá mbeifeá in ann
Taispeáin nach bhfuil tú in ann labhairt. Tosaigh ag caint le do mhéara. Abair:	Tá mé balbh. Níl mé in ann labhairt. Céard a dhéanfainn dá mbeinn in ann?	Bheifeá ag caint dá mbeifeá in ann

CLEACHT:

a) Céim a 8 uile leis na briathra thuas ag cur isteach

‘Ní……. dá n-iarrfaí ort’

m.sh. ‘Ní rachfá suas an staighre dá n-iarrfaí ort.’

‘Ní bhfaighfeá do mhála dá n-iarrfaí ort é a fháil.’ srl.

b) Na Scoláirí ag déanamh na ngeáitsí agus na ngníomhaíochtaí uile nó go mbeidh….fainn; …..fá; …..fadh sé / sí; …..faimís; …..fadh sibh; …..faidís siad déanta.

c) Céim 8 uile leis na briathra thuas ag cur isteach ‘murach’.

m.sh. ‘Chloisfeá torann thíos fút murach go bhfuil tú bodhar.’

‘Dhéanfá do cheachtanna murach go bhfuil tú leisciúil.’

Céim 9

Ceisteanna leis na briathra a chleachtadh i gcomhthéacsanna nua.

a) Oide ar na scoláirí: Céard a dhéanfá dá mbeadh an scoil dúnta?

Céard a dhéanfá dá mbeadh ocras ort? &rl

b) Scoláirí ar an oide.

c) Scoláirí ar a chéile.

Céim 10

Claoninsint Gach Aimsir:

An gníomh á dhéanamh ag Scoláire (Seán).

Múinteoir ag fiafraí céard a rinne Seán.

Scoláire : (Pádraig) ag tabhairt freagra.

Múinteoir: Céard a dúirt Pádraig?

Scoláire : Dúirt sé go ndeachaigh Seán suas an staighre srl.

Aguisín 3 - Briathra Neamhrialta in Agallaimh Réamhdhéanta

An Briathar:		
	FEIC	TÉIGH
	CLOIS	TABHAIR
	TAR	ABAIR
	ITH	BEIR
	FAIGH	DÉAN
	BÍ	

Agallamh a 1

An Briathar FEIC - Bean ag Ceannach Scáthán

Siopadóir	Breathnaigh isteach sa scáthán sin GO bhFEICE tú thú féin.
Bean	Ach NÍ FHEICIM dada.
Siopadóir	Fan GO bhFEICE mé. Anois, tá sé glan. AN bhFEICEANN tú thú féin anois?
Bean	FEICIM ach D'FHEICFINN níos fearr mé féin DÁ mBEADH an scáthán níos glaine.
Siopadóir	Is fíor duit. NÍ FHEICFEÁ dada inti seo. Seo scáthán eile duit.
Bean	Muise, ceapaim GO bhFACA mé mé féin níos fearr sa chéad cheann.
Siopadóir	Ach nach ndúirt tú GO bhFACA tú salachar ar an gcéad cheann?
Bean	CHONAIC, ach MÁ CHONAIC féin, CHONAIC mé mé féin níos fearr ná mar a FHEICIM inti seo.
Siopadóir	Muise, NÁR FHEICE Dia an t-ádh ort mura deacair thú a shásamh!
Bean	NÁR FHEICE Sé ortsa é ach an oiread muise, mura tú atá cantalach!
Siopadóir	Ó, lá maith agat. FEICFIDH mé arís thú

Agallamh a 2

An Briathar CLOIS - Beirt Chailíní ag Éisteacht leis na hÉin

Máire	AN gCLOISEANN tú an chuach, a Bhríd?
Bríd	NÍ CHLOISIM. NÍOR CHUALA mé an chuach riamh.

Máire	Ara, tá tú bodhar. Éist go cúramach agus CLOISFIDH tú í. AN gCLOISEANN tú anois í?
Bríd	NÍ CHLOISIM. NÍ CHLOISEANN tusa í ach an oiread. Níl tú ach ag ligean ort féin GO gCLOISEANN.
Máire	Glan amach do chluasa agus CLOISFIDH tú í. Anois AN gCLOISEANN tú í?
Bríd	NÍ CHLOISIM. Ní CHLOISFINN í dá nglanfainn mo chluasa seacht n-uaire déag is fiche mar níl sí ann.
Máire	CLOISFEÁ í dá dteastódh uait í a CHLOISTEÁIL.
Bríd	B'fhéidir GO gCLOISFIDH mé amárach í. Meas tú AN gCLOISFIDH?
Máire	Á muise, CLOISFIDH MÁ CHLOISEANN. An bhfuil a fhios agat GO gCLOISTEAR an chuach i gcónaí i mí Aibreáin?
Bríd	AN gCLOISTEAR? Ní raibh a fhios agam é sin.
Máire	Ara, níl a fhios agatsa dada, a chluasacháin
Bríd	Ach nach ndúirt mé leat NÁR CHUALA mé riamh í?

Agallamh a 3

An Briathar ITH - Bean an Tí agus Cailín Stuacach

Bean an Tí	ITH do bhéile anois. Maith an cailín.
Cailín	NÍ ÍOSFAIDH mé. ITH thú féin é.
Bean an Tí	MURA nITHEANN tú é, beidh tú tinn.
Cailín	DÁ nÍOSFAINN é sin, is cinnte go mbeinn tinn.
Bean an Tí	Ach D'ITH tú gach uile bhéile a thug mé duit go dtí seo.
Cailín	MÁ D'ITH féin, NÍ ÍOSFAIDH mé iad níos mó.
Bean an Tí	Seo, seo. ITHEANN gach uile dhuine sa teach a mbéilí agus ní bhíonn siad ag clamhsán.
Cailín	NÍ ITHEANN siad muise. Ligeann siad orthu féin GO nITHEANN.
Bean an Tí	AN nÍOSFÁ é dá gcuirfinn anlann air?
Cailín	NÍ ÍOSFAINN é DÁ gcuirfeá uachtar reoite air. Sin é anois agat é.
Bean an Tí	Ó GO nITHE an diabhal thú; Tá mé cráite agat.

Agallamh a 4

An Briathar FAIGH - Ag dul chuig na Pictiúir

Máirín	A Mhamaí, tá mé ag dul chuig na pictiúir anocht. AN bhFAIGHIDH tú mó chóta ó na glantóirí dom, le do thoil?
Mamaí	GHEOBHAIDH. AN bhFAIGHIDH mé rud ar bith eile duit?
Máirín	FAIGH. FAIGH stocaí nua dom le do thoil.
Mamaí	NÍ bhFAIGHIDH mé. FUAIR mé péire nua duit an tseachtain seo caite.
Máirín	Ach caithfidh mé péire nua a FHÁIL go luath. Tá siad seo ionann is a bheith caite.
Mamaí	FAIGHEANN tú péire nua gach aon dara seachtain. Tá mé bánaithe agat.
Máirín	Is NACH bhFAIGHEANN mo dheirfiúr péire nua gach aon dara lá?
Mamaí	MÁ FHAIGHEANN féin, íocann sí féin astu.
Máirín	Fan GO bhFAIGHE mise post agus GHEOBHAIDH mé péire nua gach uile lá.

Agallamh a 5

An Briathar BÍ - Buachaill ag Déanamh Coinne le Cailín

Buachaill	AN mBEIDH tú ag an damhsa san oíche amárach?
Cailín	NÍ BHEIDH. Cad chuige?
Buachaill	Ó, DÁ mBEIFEÁ ann BHEINN in ann A BHEITH ag caint leat.
Cailín	Muise go deimhin. NÍ BHÍMSE ag iarraidh A BHEITH ag caint leatsa.
Buachaill	Ach BÍONN tú sásta i gcónaí A BHEITH ag caint liom ag an damhsa.
Cailín	MÁ BHÍONN féin, NÁ BÍODH dul amú ort mar gheall orm.
Buachaill	Á, BEIDH tú ann. NACH mBEIDH?
Cailín	NÍ BHEIDH agus sin sin.
Buachaill	DÁ mBEADH airgead agam le thú a thabhairt ann, BHEIFEÁ sásta, nó AN mBEIFEÁ?
Cailín	NÍ BHÉINN sásta DÁ mBEIFEÁ chomh saibhir le Damer.
Buachaill	Á, BÍ go deas liom. BHÍTEÁ go han-deas liom i dtosach.
Cailín	NÍ BHÍNN. Agus MÁ BHÍ, NÍ RAIBH mé go deas leat aréir.
Buachaill	(Ag canadh) MÁ BHÍONN tú liom, BÍ liom, A chuisle geal mó chroí; MÁ BHÍONN tú liom, BÍ liom gach uile orlach de do chroí…
Bean	Muise. Fear plé duit.
Cailín	Hmm…. NÁ BÍ ag súil le gach uile orlach de mó chroíse.
Buachaill	NÁ RAIBH maith agat mar sin.

Agallamh a 6

An Briathar TÉIGH - Beirt Bhuachaillí a bhí ag Troid

Cóilín	TÉIGH síos ar do dhá ghlúin anois agus tabharfaidh mé pardún duit.
Máirtín	NÍ RACHAIDH mé muise. NÍ RACHAINN ar mo ghlúine d'aon duine.
Cóilín	MURA RACHAIDH tú ar do ghlúine, buailfidh mé snaidhm eile ort.
Máirtín	Is cuma liom. NÍ DHEACHAIGH mé ar mo ghlúine d'aon duine riamh.
Cóilín	Is NACH dTÉANN tú ar do ghlúine os comhair na haltóra?
Máirtín	Ó TÉIM. Ach ní hionann sin is a rá GO RACHAIDH mé ar mo ghlúine duitse ná d'aon duine eile ach an oiread.
Cóilín	TÉIGH ar do ghlúine, a deirim.
Máirtín	NÍ RACHAIDH mé.
Cóilín	TÉIGH ar do ghlúine nó NÍ RAICHAIDH tú slán abhaile.
Máirtín	NÁR THÉ an phlá tharat.

Agallamh a 7

An Briathar TABHAIR - Buachaill agus Siopadóir

Buachaill	AN dTABHARFAIDH tú bosca toitíní dom le do thoil?
Siopadóir	NÍ THABHARFAIDH mé. Tá tú ró-óg.
Buachaill	Á, maith an fear. Beidh mé an-bhíoch díot MÁ THUGANN.
Siopadóir	Dúirt mé leat NACH dTABHARFAINN agus sin sin.
Buachaill	Ach THUG tú toitíní do mo chara Seán inné.
Siopadóir	NÍOR THUG mé.
Buachaill	Agus TUGANN tú do na buachaillí eile iad gach uile lá.
Siopadóir	Fuist, a deirim, NÍ THUGAIM. NÍ THUGANN aon siopadóir toitíní do dhaoine óga.

Buachaill	AN dTABHARFÁ dóibh iad DÁ dTABHARFAIDIS tuilleadh airgid duit?
Siopadóir	Go deimhin, NÍ THABHARFAINN.
Buachaill	Ach cén fáth nach féidir leat iad a THABHAIRT dom?
Siopadóir	NÍOR THUG mé toitíní riamh do bhuachaillí óga. NÍ THUGAIM agus NÍ THABHARFAIDH. NÍ THABHARFAINN duit iad ar mhíle euro agus sin sin. Bí ag imeacht.
Buachaill	Muise, GO dTUGA an diabhal coirce duit agus clocha beaga tríd.

Agallamh a 8

An Briathar ABAIR - Buachaill Gáirsiúil agus Buachaill Óg Múinte

Buachaill Gáirsiúil	ABAIR an focal seo D…….
Buachaill Múinte	NÍ DÉARFAIDH mé.
Buachaill Gáirsiúil	Ach DÚIRT tú rud níos measa inné.
Buachaill Múinte	NÍ DÚIRT mé. NÍ DEIRIM riamh rudaí gáirsiúla agus NÍ DÉARFAIDH.
Buachaill Gáirsiúil	AN nDÉARFÁ é, DÁ dtabharfainn deich euro duit?
Buachaill Múinte	NÍ DÉARFAINN é DÁ dtabharfá €100 dom.
Buachaill Gáirsiúil	Ach DEIR na buachaillí móra é seo gach uile lá.
Buachaill Múinte	MÁ DEIR féin, is cuma liomsa. NÍ DÉARFAIDH mise é agus sin sin.
Buachaill Gáirsiúil	DEIRTEAR an focal seo i gcónaí ar an bpáirc peile.
Buachaill Múinte	NÍ DEIRTEAR go deimhin. NÍ DÚRADH riamh é sa scoil seo againne.
Buachaill Gáirsiúil	DÉARFAIDH tú é nuair a fhásfaidh tú suas. Fan go bhfeice tú.
Buachaill Múinte	NÍ DÉARFAIDH mé. MÁ DEIRIM, tá súil agam gur sciorradh focail a bheidh ann.

Agallamh a 9

An Briathar BEIR - Beirt ag Tarraingt Téide

Seán	Á, BEIR greim cheart ar an rópa, a phlobaire.
Pádraig	Á, GO MBEIRE an diabhal ort. Nach bhfuil mé AG BREITH air?
Seán	Ach níl tú AG BREITH air mar is ceart. Féach an chaoi a mBEIRIMSE air.
Pádraig	Sea. RUG tú air inné freisin ach scaoil tú uait é.
Seán	BÉARFAIDH mé ar do mhuineál MURA mBEIREANN tú ceart ar an rópa.
Pádraig	Á, BEIR thú féin air má tá tú chomh hiontach sin.
Seán	An mBÉARFÁ greim cheart air DÁ dtabharfainn deich euro duit?
Pádraig	NÍ BHÉARFAINN air anois DÁ dtabharfá céad euro dom.
Seán	Á seo, ná bí mar sin. Grá mo chroí thú agus BEIR ar an rópa uair amháin eile.
Pádraig	Nuair a RUG mé air, dúirt tú GUR RUG mé mícheart air. Gach uile uair A BHEIRIM air, deir tú GO mBEIRIM mícheart air. BÉARFAIDH mé air uair amháin eile, ach má osclaíonn tú do bhéal……
Seán	Maith an fear. Leag ort anois. Tarraing. A dhiabhail.

Agallamh a 10

An Briathar DÉAN - Máistir agus Buachaill Dána

Máistir	An tusa a RINNE é?
Brian	Céard é, a mháistir? NÍ DHEARNA mise dada.

Máistir	AN nDEARNA tú é, a deirim?
Brian	Ach céard é féin, a mháistir? Gach uile rud A DHÉANTAR, cuirtear an milleán ormsa.
Máistir	RINNE tú nó NÍ DHEARNA tú é. Cé acu?
Brian	Ach céard é, a mháistir? MÁ RINNE mé é, NÍ DHÉANFAIDH mé arís é. Geallaim duit.
Máistir	Is tusa A DHÉANANN gach uile rud sa scoil seo.
Brian	Ach NÍ DHÉANAIM gach uile rud, a mháistir. DÉANANN na buachaillí eile…..
Máistir	DÉANFAIDH mé smidiríní díot mura stopann tú.
Brian	DÁ nDÉANFAINN é, cibé ar bith céard é féin, DÉARFAINN leat é, a mháistír.
Máistir	DHÉANFÁ é….. Go deimhin is tusa an buachaill A DHÉANFADH.
Brian	Ach céard a RINNE mé, a mháistir, MÁ RINNE mé é?
Máistir	Bhuel, b'fhéidir NACH nDEARNA tú é ach MÁ RINNE…..
Brian	Muise, GO nDÉANA Dia trócaire orm MÁ RINNE mé é, ach céard é, a mháistir?
Máistir	Ara, ná bac leis. NÁ DÉANTAR arís é cibé ar bith cé a RINNE é.

Aguisín 4 - Téarmaí Laethúla an Chúrsa

Baintear úsáid as na habairtí seo gach lá ag Cinnirí, Ardchinnirí agus Múinteoirí

Ar maidin
Dúisigh / Dúisígí
Éirigh / Éirigí
Tá sé ceathrú chun a hocht (Am).
Beidh mé ar ais i gceann cúig nóiméad.
Cuir / Cuirigí oraibh bhur gcuid éadaí.
Glan / Glanaigí an seomra.
Cóirígí an leaba / na leapacha
Néataigh / Néataígí an seomra.

Béile

Déarfaidh mé an phaidir.
Ar mhaith leat sú oráiste / arán / srl.
Bhí an dinnéar sin blasta.
An bhfuil siúcra uait?
An bhfuil do dhóthain agat?
Ar mhaith leat tuilleadh tae?
An dtabharfaidh tú/sibh cabhair dom an bord a leagan?
Gheobhaidh mé na babhlaí.

Spórt

Maith thú / togha fir / togha mná.
Lean ort Leagnaigí oraibh.
An-iarracht go deo.
Rinne tú do dhícheall.
Nár laga Dia thú.
Ar aghaidh leat/libh!
Cad a cheapann tú?
An bhfuil tú sásta leis sin?

Céilí

Beirt os comhair beirte.
Seasann an cailín ag gualainn dheis an bhuachalla.
Lámha in airde
‘Rogha na mBuachaillí, Rogha na gCailíní.

San oíche
‘Oíche mhaith’. Bíodh codladh maith agat/agaibh
Bíodh brionglóirí deasa agat/agaibh.
Glanaigí na fiacla.
Réitígí don leaba.
Téigí a chodladh.

Eile
Bígí cúramach.
Éistigí
Déanaigí Ciorcal
Stopaigí
Tosaigí le chéile

Tá ocras orm. (tart, tuirse, slaghdán)
Tá mé ag iarraidh … /… Teastaíonn _____ uaim.
An dtabharfaidh tú _____ dom le do thoil?
Sín chugam an t-im.
An bhfuil cead agam _____ a fháil?
An bhfuil ceist ag aon duine?
Abair os ard é / Abair arís é
An bhfuil sé sin soiléir?
Inis dom cad a rinne tú
Féach orm
Tar liom
Cá bhfuil _____?
Tabhair dom _____
An bhfuil tú ceart go leor?
Cad a tharla?

Aguisín 5 - Seanfhocail

- Níl aon tinteán mar do thinteán féin.
- Giorraíonn beirt bóthar.
- Bíonn blas ar an mbeagán.
- Is maith an t-anlann an t-ocras.
- Is maith an scéalaí an aimsir.
- Ní neart go cur le chéile.
- Tús maith leath na hoibre.
- An té nach bhfuil láidir, ní foláir dó bheith glic.
- Ní trom an tualach an léann.
- Ní thagann ciall roimh aois.
- Ní bhíonn saoi gan locht.
- Is minic a bhris béal duine a shrón.
- Is binn béal ina thost.
- Filleann an feall ar an bhfeallaire.
- Aithníonn ciaróg ciaróg eile.
- Is glas iad na cnoic i bhfad uainn.
- Bíonn an fhírinne searbh.
- Fág an drochscéal san áit a bhfuair tú é.

Náthanna

- i mo thuairim féin
- Mar is eol do chách
- Tá an rialtas ar nós cuma liom faoi
- Dála an scéil
- Is iomaí uair a chuala mé
- Sa deireadh thiar thall..
- Níl ann ach caint san aer
- Cuireadh fáilte Uí Cheallaigh romham

Aguisín 6 - Áiseanna Múinteoireachta Molta

Graiméar / Foclóirí

- Foclóir Gaeilge-Béarla (Niall Ó Dónaill)
- Foclóir English-Irish (Tomás De Bhaldraithe)
- Consise English-Irish (Ó Mianáin)
- Cruinnscríobh na Gaeilge (Ciarán Mac Murchaidh)
- Briathra na Gaeilge (Folens)
- Graiméar an Draoi (Edco)
- Foclóir Litríochta agus Critice (An Gúm)
- Cleachtadh agus Scríobh

Foclóirí ar líne

- www.focloir.ie Gaeilge<>Béarla.
- www.teanglann.ie
- www.acmhainn.ie Foclóirí, liostaí téarmaíochta, agus téacsanna faoi cheird an aistriúcháin
- www.tearma.ie Gaeilge<>Béarla. Bunachar sonraí de théarmaí Gaeilge
- www.potafocal.com
- www.tuairisc.ie (Iontach don CT agus don na SP)

Saibhreas

- Fuinneamh nua (Edco)
- An dTuigeann tú? (CJ Fallon)
- Draíocht (Gill & McMillan)
- Cóir Ghaoithe (Coláiste Mhuire Marino)
- Gaeilge Abú 1,2,3 (Folens)

Cluastuiscint

- Cogar i gCluas (Edco)
- Éistimis (Celtic Press)
- Éist le Chéile (Edco)
- An dTuigeann tú?
- Éist leis seo (Pól Mac Murchú)

Teilifís

- http://www.tg4.tv/ Craoladh beo agus podchraoltaí ón gcartlann.

Raidió

- http://www.rte.ie/rnag/ Craoladh beo agus podchraoltaí ón gcartlann.
- www.rrr.ie Raidió Náisiúnta Gaeilge don Aos Óg.

Áiseanna eile

- www.seomraranga.com
- www.ranganna.com
- http://ga.wikipedia.org/wiki/Pr%C3%ADomhleathanach Ciclipéid le hiontrálacha as Gaeilge.
- http://www.logainm.ie Bunachar logainmneacha na hÉireann
- www.snag.ie eolas faoi imeachtaí áitiúlá atá ar siúl, na comórtais atá eagraithe agus na gníomhaíochtaí is féidir a úsáid sa seomra ranga nó sa scoil i gcoitinne.
- www.gaeilge.ie eolas anseo faoi go leor rudaí a bhaineann leis an nGaeilge agus le múineadh na Gaeilge

- www.antoireachtas.ie Brúigh an nasc ‘Fís agus Fuaim’ le féachaint ar agus le héisteacht le cuid de na hamhráin a canadh ag an Oireachtas i mbliana.
- www.scoilnet.ie
- www.clubleabhar.com
- www.teg.ie Teastas Eorpach na Gaeilge.
- www.cnag.ie (An Siopa Leabhar)
- www.spraoi-online.com (Sraith Póstaeir)

Áiseanna breise

- Smeach-chairt
- Póstaer Gael Linn
- Féiríní saor in aisce ó Glór na nGael Foras na Gaeilge
- Dréimire (Gael Linn)
- Teilgeoir
- Kahoot
- Quizlet
- Duolingo
- https://www.siopagaeilge.ie/collections/posters
- https://www.twinkl.ie/resource/roi2-gl-037-display-posters-bhair-scoile-irish-gaeilge

Aguisín 7 - Amhráin na gCúrsaí

<u>Amhrán na gCúrsaí 2025</u>

<u>Meicsiceo</u> ***(Mundy)*** **(Cúrsa Coicíse)**
'S'má théann muid síos go Meicsiceó
'mbeidh saol níos fearr ann?
'S cad tá cearr lenár gcuid grá?
An dtógfaidh an ghrian slán é?
Ba cheart dúinn seans a thabhairt dár ngrá,
Gan tú thart bhí'n saol dom chrá, 's thug tú slán mé
'S'na botúin bheaga ghránn'
I bhfad níos mó ná uair amháin, 's'níor thug sí orm é

Curfá:
Abair liom, beidh saol níos fearr ann?
's an ghrian a thógfaidh ar ngrá slán,
Cibé fad gur tú mo leanán.
Is cuma liomsa, Is cuma lioms

'S'má théann muid síos go Meicsiceó
An mbeidh tús nua ann?
Feicfear an lá a ghabháil faoi scáth
's'an oích' a ghabháil chun cinn ann.
Cois abhann peacaí tráth a bhíos,
'Is'mé ag iarraidh bheith istigh, 's thug sí slán mé
Is rinn' mé dearmad ar an lá,
I mí na Nollag – í a chrá, 's'níor thug sí orm é
Curfá x2

<u>Bean Pháidín</u> **(Cúrsa Coicíse)**
Curfá:
'S é'n trua nach mise, nach mise
'S é'n trua nach mise bean Pháidín
'S é'n trua nach mise, nach mise
'S an bhean atá aige bheith caillte

Rachainn go Gallaí go Gallaí
Is rachainn go Gallaí le Pháidín
Rachainn go Gallaí go Gallaí
Is thiocfainn abhaile sa mbád leis
(Curfá)
Rachainn go haonach an Chlocháin
Is siar go Béal Á' na Báighe
Bhreathnóinn isteach tríd an bhfuinneog
A' súil is go bhfeicfinn bean Pháidín
(Curfá)
Go mbristear do chosa, do chosa
Go mbristear do chosa 'bean Pháidín
Go mbristear do chosa, do chosa
Go mbristear do chosa 's do chnámha
(Curfá)
Chaith mé mo bhróga, mo bhróga
Chaith mé mo bhróga i ndiaidh Pháidín
Chaith mé mo bhróga, mo bhróga
Chaith mé na boinn is na sála.

<u>Hey!</u> ***(Dirty 9's)*** **(Cúrsa Coicíse)**
Tréimhse dian, ach dhúisigh mé arís, le mo bhanríon,
Thíos faoi na réaltaí, 's buailfimid anois.
Ag tosú amach ar an mbóthar,
Is d'inis tú bréag dom arís is arís,
Seo cluiche beag a imríonn muid,
Ag spiochadh as a chéile an t-am ar fad

Curfá:
Hey, a mhac, tar isteach, ag bogadh timpeall gan strus is stró, Ná cuir, cuir glaoch, ná cuir glaoch ormsa amárach.

Tháinig mé ar ais le haghaidh tuilleadh
Bhí an cailín seo (cosúil le) Debbie Harry ó na seachtóidí, Ní raibh na focail agam, agus roinneamar é,
Ligeamar orainn nach raibh aon suim againn

Curfá

<u>Tar Liom, a Chailín, Liom</u>
Tá am an tsamhradh ag teacht, 's duille ar chrainn go fairsing
Tá nead ag cearca fraoigh , 's bláth buí ar bharr an aitinn

Curfá:
Tar liom, a chailín liom agus siúlfaimid le chéile
Go bhfaighimid nead an éin, sa ghleann ag bun an tsléibhe
Tar liom, a chailín liom

Thógfainn pictiúr dhuit, agus thart air fál 'na sheasamh;
Agus cuirfidh mé ar a bharr, a bhfuil de bhláth ar bharr an aitinn.

Dá n-imeodh mo ghrá bán, thiocfadh ceann 'na háit ar maidin
Ó thaobh an ghleanna bháin, ón bhfraoch agus ón aiteann.